# Imleabhar 2

# Leibhéal 4 – Sráidbhailte Móra, Criosú Lonnaíochta agus Cuspóirí Forbartha

## Clár na nÁbhar

Lonnaíochtaí Leibhéal 4 – Sráidbhailte Móra ........ 2
Réamhrá ........ 2
Comhthéacs Beartais Náisiúnta ........ 3
Tailte criosaithe laistigh de na Sráidbhailte Móra ........ 3
Folúntas agus Dearóiliú ........ 3
Measúnú Comhshaoil ........ 3
Leibhéal 4 – Sráidbhailte Móra - Cuspóirí Foriomlána ........ 4
Baile an Gharraí ........ 9
An Brú ........ 19
Brú Rí ........ 31
An Cheapach Mhór ........ 43
Dún ........ 55
Drom Collachair ........ 66
Faing ........ 78
An Gleann ........ 91
An tOspidéal ........ 103
Cill Fhíonáin ........ 115
Maigh Rua ........ 126
Pailís Ghréine ........ 135
Pailís Chaonraí ........ 145

## Lonnaíochtaí Leibhéal 4 – Sráidbhailte Móra

### Réamhrá

Sainaithnítear san ordlathas lonnaíochta atá sonraithe sa Phlean Forbartha 17 lonnaíocht mar shráidbhailte móra Leibhéal 4 laistigh de Luimneach, 13 shráidbhaile mhóra Leibhéal 4 – tá sráidbhailte sainaitheanta le cur san áireamh sa Phlean Forbartha mar aon le cuspóirí forbartha agus léarscáileanna criosaithe agus ullmhófar Pleananna Ceantair Áitiúil le haghaidh na sráidbhailte eile nuair a bheidh glactha le Plean Forbartha Luimnigh 2022-2028. San áireamh sa doiciméad seo a leanas tá ráitis scríofa, léarscáileanna criosaithe talamhúsáide agus Iniúchtaí Inniúlachta Lonnaíochta le haghaidh na n-áiteanna seo a leanas - Baile an Gharraí, Brú Rí, an Brú, an Cheapach Mhór, Dún, Drom Collachair, an Gleann, Faing, an tOspidéal, Cill Fhíonáin, Maigh Rua, Pailís Ghréine agus Pailís Chaonraí.

Leagtar béim i bpróifíl gach lonnaíochta ar chomhfhorbairt áite agus taitneamhacht, sainaithnítear na tionscnóirí geilleagracha sa lonnaíocht, sainaithnítear leibhéal oiriúnach criosaithe agus breithnítear aon tailte atá sainaitheanta mar riosca i gcás tuilte, agus déantar scrúdú ar inniúlacht bhonneagair na lonnaíochta chun freastal ar fhorbairt amach anseo. Chomh maith leis sin, tagraítear do na dúshláin a bheidh le sárú ag na lonnaíochtaí. Áirítear ina measc seo brú uirbeach a chruthaítear i roinnt suíomhanna, daonra atá ag méadú agus ag dul in aois i suíomhanna eile, athbheochan bailte nó sráidbhailte, níos mó deiseanna fostaíochta, gníomhaíochtaí agus seirbhísí, dul in oiriúint don athrú aeráide agus an tairiscint turasóireachta a fhorbairt. Chomh maith leis sin, tá roinnt lonnaíochtaí Leibhéal 4 ag déileáil le heasnaimh bhonneagair faoi láthair. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh le hiarracht a dhéanamh dul i ngleic leis na heasnaimh seo i gcomhpháirt le Uisce Éireann agus samhlaítear go ndéileálfar leis na heasnaimh seo thar shaolré an phlean.

Beidh na pleananna lonnaíochta agus cuspóirí sonracha seo a leanas, i dteannta leis na beartais agus cuspóirí ardleibhéil atá sonraithe in Imleabhar 1 den Phlean Forbartha seo, mar bhonn le réitigh éifeachtacha ar na dúshláin a bheidh le sárú thar shaolré an Phlean seo.

### Comhthéacs Beartais Náisiúnta

Sonraítear in NPO 3c den Chreat Náisiúnta Pleanála go mbeifear ag spriocdhíriú 30% ar a laghad de gach teach nua i lonnaíochtaí seachas na cúig chathair agus gur cheart go mbeadh a mbruachbhailte ag forbairt laistigh de loirg atá tógtha cheana féin. Chomh maith leis sin, sainaithnítear go mbeidh tithe aonair nó scéime a sholáthraítear lasmuigh de theorainn lonnaíochta uirbí na Príomh-Oifige Staidrimh mar láithreán úrnua. Sa chomhthéacs sin, tá na tailte sainaitheanta chun críche fáis laistigh de theorainneacha lonnaíochta uirbí ag scála atá oiriúnach chun tacú le dlúthfhás.

### Tailte criosaithe laistigh de na Sráidbhailte Móra

Sainaithnítear i ngach plean lonnaíochta tailte atá criosaithe mar 'Láithreáin Seirbhísithe' nó 'Talamh Cónaithe Nua'. I gcásanna áirithe, go háirithe sa chás nach bhfuil ach tailte teoranta ar fáil nó sa chás go bhfuil an méid criosaithe teoranta, déileáiltear le 'Láithreáin Chónaithe agus Seirbhísithe Nua' i scéim aonair.

### Folúntas agus Dearóiliú

Tá measúnú déanta a raibh sé mar aidhm leis breithniú a dhéanamh ar fholúntas agus dearóiliú agus tá leithdháileadh oiriúnach aonad tithíochta sainaitheanta sa chroístraitéis do gach lonnaíocht. Tá cuntas déanta ar athúsáid aonad folamh le haghaidh laistigh de gach teorainn na lonnaíochta agus áirítear é sna ríomhanna chun críocha cónaithe i ngach lonnaíocht.

### Measúnú Comhshaoil

Tá Ráiteas Tionchair Natura, Measúnú Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte déanta fad is a bhí an Plean Forbartha á ullmhú agus úsáideadh iad nuair a bhí cuspóirí an phlean agus na criosaithe talamhúsáide á bhforbairt. Sa

chás go bhfuil bearta maolaithe molta, tá siad curtha san áireamh de réir mar is cuí. Tá sonraí maidir leis na bearta maolaithe beartaithe ar fad atá le fáil sna tuarascálacha faoi seach san áireamh in Imleabhar 4 den phlean seo

### Leibhéal 4 – Sráidbhailte Móra - Cuspóirí Foriomlána

San áireamh i ngach próifíl lonnaíochta tá cuspóirí aonair a bhaineann go sonrach leis an lonnaíocht sin. I gcomhar leo seo, is cuspóirí nó spriocanna comónta iad seo a leanas, a bhaineann le gach lonnaíocht Leibhéal 4 agus ba cheart iad a léamh i dteannta le gach próifíl.

**Cuspóir SE O1 – Fás Daonra i Lonnaíochtaí Leibhéal 4** – Is cuspóir de chuid na Comhairle an méid seo a leanas:

(a) Go ginearálta, ní mhéadóidh aon togra amháin d'fhorbairt chónaithe an stoc tithíochta reatha níos mó ná 10 – 15% laistigh de shaolré an phlean, mura féidir leis an iarrthóir a léiriú go bhfuil inniúlacht leordhóthanach ag an lonnaíochtaí i dtéarmaí an bhonneagair fhisiciúil agus shóisialta chun tacú le fás breise.

(b) Soláthrófar éagsúlacht agus rogha cineálacha tithe, lena n-áirítear teaghaisí aon stóir agus meascán de dhlús tithíochta ina mbeidh idir 22 aonad in aghaidh an heicteáir ar thailte cónaithe agus 10 n-aonad in aghaidh an heicteáir ar láithreáin seirbhísithe de réir "Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha, Treoirlínte d'Údaráis Phleanála", Bealtaine 2009, agus aon leasú a dhéantar ina dhiaidh sin.

**Cuspóir SE O2 – Athúsáid Foirgneamh Folamh agus Tréigthe –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é athúsáid foirgneamh agus láithreán tearcúsáite, folamh agus tréigthe a spreagadh agus tacú le húsáid a bhaint as reachtaíocht maidir le láithreáin Thréigthe d'éadáil éigeantach réadmhaoine, nach bhfuil in úsáid níos mó agus atá ag baint de shuíomh agus taitneamhacht na réadmhaoine in aici láimhe ar mhaithe le feidhmeanna cónaithe, miondíola, fiontraíochta agus tionscail a chruthú sna sráidbhailte.

Sa chás go bhfuil athfhorbairt láithreáin atá taobh le láithreáin thearc-úsáidte nó athfhorbraíochta i gceist leis an togra, beidh gá le máistirphlean cuimsitheach chun scéim phleanáilte agus chomhtháite don cheantar a léiriú ar mhaithe le forbairt píosa ar phíosa a sheachaint, a d'fhéadfadh cur isteach ar na féidearthachtaí a bhaineann le láithreáin in aice láimhe amach anseo

**Cuspóir SE O3 – Seirbhísí agus Bonneagar a Fhorbairt** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é foráil agus forbairt na seirbhísí agus an bhonneagair ar fad a éascú más gá, cuspóirí forbartha an Phlean seo a chomhlíonadh agus cur ar bhealach dearfach le mealltacht na lonnaíochtaí chun críche forbartha.

**Cuspóir SE O4 – Riosca i gcás Tuilte a Íoslaghdú** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é moladh na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus Treoirlínte Oifig na nOibreacha Poiblí maidir le 'An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (Samhain 2009)' agus aon treoirlínte a chuirtear i dtoll a chéile ina dhiaidh sin a chur chun feidhme.

**Cuspóir SE O5 – Forbairt Líonraí Iompair Phoiblí** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le forbairt agus leathnú líonraí iompair phoiblí chuig lonnaíochtaí in aice láimhe agus Cathair Luimnigh, i gcomhairle le soláthraithe iompair.

**Cuspóir SE O6 – Tailte Laistigh de Shráidbhailte a Rochtain -** Is cuspóir de chuid na Comhairle é rochtain ar thailte cúil a éascú trí bhealaí rochtana nua a sholáthar agus bóithre agus acomhail a fheabhsú mar chuid de na hoibreacha a dhéantar.

**Cuspóir SE O7 – Bonneagar Sóisialta a Sholáthar** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le soláthar, feabhsú agus forbairt seirbhísí pobail sna lonnaíochtaí agus iad a éascú. Beidh sé riachtanach áiseanna súgartha agus áineasa a sholáthar a bheidh ag teastáil le haghaidh forbairtí cónaithe nua de réir gach Caighdeán Bainistíochta Forbartha agus Cuspóir SCSI016 den Phlean Forbartha.

**Cuspóir SE O8 – Cosaint na hOidhreachta Tógtha –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é carachtar na lonnaíochtaí a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú lena n-áirítear Déanmhas

Cosanta agus tailte coimhdeacha de réir an dea-chleachtais chaomhantais agus reachtaíocht oidhreachta ábhartha.

**Cuspóir SE O9 – Limistéir Chaomhantais Ailtireachta sna háiteanna seo a leanas - an Brú, Drom Collachair, Faing, an Gleann, an tOspidéal agus Cill Fhíonáin** - is cuspóir de chuid na Comhairle é an Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA) sna sráidbhailte a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, más cuí. Cuirfear an méid seo a leanas san áireamh sna tograí don fhorbairt laistigh de ACA:

(a) Tabharfar léargas ar agus urramófar scála agus foirm na struchtúr reatha laistigh den ACA chomh fada is a bhaineann le comhréir, scála foriomlán agus úsáid ábhar agus bailchríoch, agus tagairt a dhéanamh go háirithe d'éadanas sráide.

(b) Iarracht a dhéanamh gnéithe seachtracha a choimeád/a chur san áireamh/a mhacasamhlú a chuireann le nó a fheabhsaíonn carachtar agus sráid-dreach ACA a leithéid d'aghaidheanna siopa, saisfhuinneoga, gáitéir agus fánphíobáin, obair phlástair mhaisitheach etc;

(c) Uasghrádú agus athchóiriú ionad miondíola reatha agus cothabháil aghaidheanna siopaí bunaidh a spreagadh, nó aischur aghaidheanna siopaí traidisiúnta sa chás go bhfuil aghaidheanna ar chaighdeán íseal curtha ina n-áit, úsáid a bheith á baint as comhlaí rothlacha seachtracha, comharthaí soilsithe go hinmheánach nó comharthaí teilgin míchuí a dhíspreagadh. Ní cheadófar príomhúsáid a bhaint as urláir talún le haghaidh stórála.

(d) Ní mór a chinntiú go dtugtar tús áite don choisí, do rochtain ionchuimsitheach agus do chaighdeán na ríochta poiblí a fheabhsú. Cuimseofar freisin breithniú a dhéanamh ar chrainn a chur i spásanna oscailte poiblí níos mó, binsí chun suí orthu agus tacú le húsáidí trí phábháil oiriúnach a úsáid

**Cuspóir SE 10 – Oidhreacht Sheandálaíoch a Chosaint** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é iarracht a dhéanamh gach láithreán agus gné aithnid lena mbaineann leas stairiúil agus seandálaíoch a chaomhnú. Áirítear anseo gach láithreán atá liostaithe i dTaifead na

nDéanmhas Cosanta agus Áiteanna faoi Alt 12 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú), 1994.

**Cuspóir SE 11 – Forbairt siúlbhealaí agus rotharbhealaí** – is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le forbairt siúlbhealaí agus rotharbhealaí i gcomhar le páirtithe leasmhara áitiúla lena n-áirítear an earnáil phríobháideach, dheonach agus phoiblí. Ní mór go n-áireofaí in aon fhorbairt bheartaithe atá taobh lena leithéid de shiúlbhealaí nasc-chonairí mar chuid den siúlbhealach ainmnithe. Beidh forbairtí á ndearadh ar bhealach a chinnteoidh go bhfuil radharc ar shiúlbhealaí beartaithe ón réadmhaoin ábhartha.

**Cuspóir SE 12 – Tacú le Modhanna Iompair Inbhuanaithe –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é áiseanna breise a fheabhsú agus a chruthú do choisithe agus do rothaithe nuair a bhíonn deiseanna ann mar thoradh ar na forbairtí nua seo, mar bhealach chun tacú le haistriú córa iompair sna sráidbhailte sin.

**Cuspóir SE 13 – Gairdíní agus Garraithe Scóir Pobail** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le gach deis chun bia a tháirgeadh trí gharraithe scoir nó gairdíní pobail ag suíomhanna oiriúnach i sráidbhailte Leibhéal 4 chun tacú le modh forbartha níos inbhuanaithe.

**Cuspóir SE 14 – Deiseanna a bhaineann leis an mBonneagar Glas – Gorm –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é a cheangal go gcoisceann gach gné de bhonneagar glas-gorm atá ar fáil cheana féin, lena n-áirítear crainn fhásta oiriúnacha, fálta sceach, teorainneacha garraithe, sruthchúrsa agus gnéithe oidhreachta nádúrtha i bhforbairtí nua, ilroinnt agus go maolaíonn siad na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag a leithéid ar bhithéagsúlacht agus ar líonra an bhonneagair ghlais, agus go lorgaítear deiseanna chun bonneagar glas-gorm nua a fhorbairt. Sa chás gur gá crainn fhásta a leagan, soláthrófar suirbhé crann cuimsitheach a bheidh déanta ag duine cuícháilithe, ina léireofar nach mbaineann aon luach éiceolaíoch nó taitneamhachta leis na crainn ábhartha chomh fada is a bhaineann le hiarratais phleanála.

**Cuspóir SE 15 – Láithreáin Ainmnithe Eorpacha a Chosaint –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é sláine aon láithreán Ainmnithe Eorpacha a chosaint ó fhorbairt mhíchuí, a dtábhacht a chothabháil chomh fada is a bhaineann le cúrsaí éiceolaíochta, agus mar limistéar taitneamhachta le haghaidh na sráidbhailte agus don cheantar trí chéile.

**Cuspóir SE 16 - Spás Fiontraíochta a Sholáthar** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le spás fiontraíochta a sholáthar nó spás do ghnólachtaí nuathionscanta sna lonnaíochtaí le haghaidh fiontar nua lena n-áirítear tionscadail fuinnimh phobalbhunaithe.

**Cuspóir SE 17 - Forbairt Turasóireachta** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é féidearthachtaí turasóireachta na lonnaíochtaí a fheabhsú lena n-áirítear tacú le táirgí turasóireachta nua ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus oibriú le húinéirí talún agus páirtithe leasmhara ábhartha chun forbairt nua a spreagadh don tionscadal turasóireachta a bheidh lonnaithe laistigh de theorainn an tsráidbhaile chun an oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as na seirbhísí atá ar fáil cheana féin.

**Cuspóir SE 18 – Forbairt Mhiondíola** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le forbairt mhiondíola ag suíomhanna oiriúnacha ar thailte criosaithe, laistigh de lár na sráidbhailte. Go ginearálta, ní cheadófar forbairt mhiondíola lasmuigh de lár bailte.

## Baile an Gharraí

## Comhthéacs na Lonnaíochta

Is sráidbhaile tuaithe é Baile an Gharraí atá suite 30km thiar theas de Chathair Luimnigh. Ciallaíonn *Baile an Gharraí*, sráidbhaile na ngairdíní, agus tá ainmneacha eastát tithíochta sa sráidbhaile bunaithe ar an ainm seo freisin. Tá neart aghaidheanna siopa sa sráidbhaile agus tá sráid-dreach mealltach ann freisin. Sníonn an Ghlaise i dtreo soir siar tríd an sráidbhaile.

## Fás daonra - faoi láthair agus amach anseo

Is lonnaíocht ainmnithe é Baile an Gharraí sa Daonáireamh agus bhí 521 duine ina gcónaí sa bhaile in 2016 agus 202 teaghais áitithe, de réir an daonáirimh. Tá próifíl daonra réasúnta óg ag an sráidbhaile, tá 31% sa chohórt aoise, 0-19, de réir Dhaonáireamh 2016. Tá an ráta seo i bhfad níos airde ná meánráta an Stáit atá cothrom le 28%. D'fhás daonra Bhaile an Gharraí 27% idir 2006 agus 2016.

| Bliain | Daonra |
|---|---|
| 2006 | 411 |
| 2011 | 527 |
| 2016 | 521 |

Foráiltear sa chroístraitéis do leithdháileadh tithíochta de 55 aonad i mBaile an Gharraí thar thréimhse an phlean. Cinneadh, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar cheadanna pleanála ar marthain sa sráidbhaile, nach bhfuil aon aonaid thiomanta sa sráidbhaile. Ag féachaint don leibhéal dearóilithe sa sráidbhaile, meastar go bhfuil deiseanna ann chun aonaid chónaithe i lár an tsráidbhaile a athfhorbairt.

| An Méid Aonad Tithíochta a Theastaíonn idir 2022 agus Ráithe 2 2028 | Aonaid Tithíochta a theastaíonn at Thalamh criosaithe cónaithe | Talamh Criosaithe Cónaithe Iomlán a theastaíonn (ha) | Aonaid Tithíochta a theastaíonn ar Thalamh Criosaithe Láithreán Seirbhísithe | Talamh Criosaithe Láithreán Seirbhísithe Iomlán (ha) | Aonaid chónaithe bheartaithe laistigh de thailte criosaithe i lár an tsráidbhaile |
|---|---|---|---|---|---|
| 55 | 38 | 1.7 | 10 | 1 | |

Tá an phríomhbhéim á leagan sa straitéis forbartha ar thacú le fás comhréireach Bhaile an Gharraí agus an sráidbhaile a threisiú agus a chomhdhlúthú. Spreagfar forbairt tithe le córais chóireála aonair, de réir Chuspóir CGR O15 i gCaibidil 3 sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma mar gheall ar bhacainní bonneagair sa sráidbhaile. Tá sampla den chineál seo forbartha le feiceáil ar thailte atá taobh le hÓstán agus Bialann an Mustard Seed.

### Tithíocht

In 2016, bhí 202 teaghais sa sráidbhaile agus tá forbairt nua theoranta déanta ó shin i leith. Tá roinnt scéimeanna tithíochta sa sráidbhaile, lena n-áirítear Cluain an Teampaill, An Gairdín, Cúirt Chill Sheáin, Céide Choill na Feá agus Dún Beirn. In 2016 bhí 59% de na tithe úinéir-áitithe. Níl aon chead pleanála cónaithe ar marthain luaite leis an sráidbhaile, ach tá ocht láithreán cónaithe seirbhísithe á bhforbairt faoi láthair ag cúl bhialann an Mustard Seed.

Breithneofar Forbairt Chónaithe nua i mBaile an Gharraí de réir na mbeartas agus na gcuspóirí atá sonraithe i gCaibidil 3: Straitéis Spásúil, 4: Tithíocht agus 11: Caighdeáin Bainistíochta Forbartha. Ba cheart d'fhoirm thógtha nua iarracht a dhéanamh an t-ionannas a bhain le scéimeanna tithíochta a forbraíodh roimhe seo a sheachaint agus a chinntiú go gcruthaítear timpeallacht mhealltach ag a bhfuil aitheantas áitiúil. Ba cheart éagsúlacht agus meascán níos fearr cineálacha agus dlús tithe a chinntiú, lena n-áirítear láithreáin seirbhísithe a sholáthar le

haghaidh tithe aonair, tithíocht shóisialta, inacmhainne agus sciath-thithíocht. Ar an tslí seo, is féidir freastal ar an raon iomlán riachtanas tithíochta, rud a bheidh mar bhonn le struchtúr pobail níos cothromaithe. I mBaile an Gharraí, tá 2.7 heicteár de thalamh ar fad ag teastáil d'fhorbairt chónaithe nua.

### Lár an tSráidbhaile agus Forbairt Gheilleagrach

I measc na seirbhísí atá ar fáil sa sráidbhaile tá seirbhísí áise cosúil le siopa grósaeireachta, tithe tabhairne, sciamheolaí, gruagaire, asraon mearbhia, áitreabh déanta troscáin, siopa páirteanna talmhaíochta agus garáiste, cógaslann, bialann beir leat agus teach tórraimh. Tá seanfhoirgneamh Eaglais na hÉireann in úsáid ag Manutec mar áitreabh tacaíochta agus seirbhísí ríomhaireachta agus tá cáil náisiúnta agus idirnáisiúnta ar Bhialann agus Teach Mór an Mustard Seed. Is léir go bhfeidhmíonn an sráidbhaile mar mhol seirbhíse don cheantar mórthimpeall.

Baineann fadhb le plódú tráchta i mBaile an Gharraí, mar gheall ar ailíniú sráide agus páirceáil sráide ar an dá thaobh den Phríomhshráid. Soláthrófar tacaíocht sa phlean seo do phlean bainistíochta tráchta ionas gur féidir déileáil leis na fadhbanna seo.

### Oideachas

Tá scoil náisiúnta mheasctha ag freastal ar an sráidbhaile, Scoil Chríost an Slánaitheoir, agus bhí 192 dalta ar an leabhar rolla in 2019/20. Chomh maith leis sin, tá réamhscoil agus seirbhís cúraim leanaí iarscoile ar fáil sa sráidbhaile taobh leis an mBunscoil

### Pobal agus Áineas

Tá neart áiseanna pobail agus seirbhísí le fáil sa sráidbhaile lena n-áirítear, Séipéal Mhuire Gan Smál agus reilig, Stáisiún an Gharda Síochána, Ionad Sláinte, clinic dochtúra, réamhscoil, áit súgartha agus páirc agus páirc mhór CLG le clubtheach.

Ó tharla go bhfuil Cnoc Fírinne gar don cheantar tá deiseanna áineasa agus taitneamhachta eile ar fáil gar don sráidbhaile freisin. Chomh maith leis sin, tá deiseanna laistigh den sráidbhaile chun na bealaí siúlóide lúibe a fheabhsú agus inrochtaineacht ar fud an tsráidbhaile a fheabhsú agus go háirithe naisc a bhunú idir forbairtí cónaithe nua agus lár an tsráidbhaile. Tá sé beartaithe críoch a chur le hoibreacha uasghrádaithe sa ríocht phoiblí sa cheantar mórthimpeall ar an Meal in 2021 agus déanfar iarracht comhoibriú leis na húinéirí talún chun inrochtaineacht ar Chaisleán De Lacy a mhéadú, caisleán a bhfuil a fhothracha le fáil i lár an tsráidbhaile.

### Athghiniúint agus Athnuachan

Tá leibhéal ard folúntais agus dearóilithe le tabhairt faoi deara ar fud an tsráidbhaile. Tá cuid de na foirgnimh seo an-fheiceálach mar gheall ar a scála agus éadanais sráide mhóra agus i dteannta a chéile cuireann siad leis an drochbhail atá ar an sráidbhaile. Tá deiseanna an iad a athúsáid le haghaidh raon úsáidí comhoiriúnacha i lár an tsráidbhaile.

### Oidhreacht

Tá stádas déanmhas cosanta ag seacht struchtúr sa sráidbhaile, agus d'fhéadfaí cúig struchtúr eile a chur leis sin atá ainmnithe i bhFardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta. Chomh maith leis sin, tá seacht Séadchomhartha Taifeadta sainaitheanta sa sráidbhaile.

### Riosca i gcás Tuilte

Tá riosca i gcás tuilte sainaitheanta i gcosán na Glaise, a shníonn i dtreo soir siar tríd an sráidbhaile. Nuair a bhíothas ag dul in oiriúint don athrú aeráide, breithníodh suíomh, tailte forbartha nua, trí úsáid a bhaint as cur chuige lár an tsráidbhaile, chun foráil a dhéanamh d'fhás inbhuanaithe an tsráidbhaile agus chun tacú le siúl agus rothaíocht laistigh den sráidbhaile, ar mhaithe le tacú le bearta gníomhaithe ar son na haeráide.

## Bonneagar

Chomh fada is a bhaineann leis an mbonneagar séarachais, tá acmhainn theoranta spártha sainaitheanta san ionad cóireála fuíolluisce, ach bhí fadhbanna ag an ionad na caighdeáin sceite chuí a bhaint amach. Tá acmhainn theoranta spártha ag an soláthar uisce chun tacú le fás an tsráidbhaile. Tá maoiniú lorgtha ag an gComhairle faoi Chlár na mBailte agus Sráidbhailte Beaga, ó Uisce Éireann chun an ionad cóireála fuíolluisce a uasghrádú agus chun tacú leis an soláthar uisce sa sráidbhaile. Meastar, laistigh de shaolré an phlean, go gcuirfear oibreacha uasghrádaithe i gcrích chun an bonneagar uisce agus fuíolluisce i mBaile an Gharraí a fheabhsú.  Tá an líonra uisce dromchla scartha agus tá an sruth éalaithe dírithe ar an sruth.

Níl aon seirbhís iompair phoiblí ag freastal ar an sráidbhaile, ach, tá seirbhís nasc áitiúil ag feidhmiú idir an sráidbhaile agus na bailte in aice láimhe roinnt uaireanta sa tseachtain. Bunaithe ar eolas atá le fáil sa Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, tá seirbhís leathanbhanda ardluais á cur ar fáil do idir 54% agus 99% de Bhaile an Gharraí.

**Cuspóirí Lonnaíocht Bhaile an Gharraí:**

**Cuspóir BA O1 – Uasghráduithe Bonneagair** - Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le forbairt agus feabhsú an bhonneagair uisce agus fuíolluisce sa sráidbhaile, i gcomhpháirt le Uisce Éireann.

**Cuspóir BA O2 – Bealaí Siúlóide Lúibe** –Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le feabhsú na mbealaí siúlóide lúibe laistigh den sráidbhaile agus naisc idir an sráidbhaile agus Cnoc Fírinne a fheabhsú, ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil.


**Cuspóir BA O3 – Ríocht Phoiblí –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le hoibreacha ríochta poiblí sa sráidbhaile, a bheidh mar bhonn le cuma, inrochtaineacht agus inúsáidteacht go leor struchtúr suntasach laistigh den sráidbhaile a fheabhsú agus oibriú le húinéirí talún chun inrochtaineacht Chaisleán De Lacy a fheabhsú.

**Cuspóir BA O4 – Plean Bainistíochta Tráchta –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é ullmhú Phlean Bainistíochta Tráchta do Phríomhshráid Bhaile an Gharraí a éascú.

**Cuspóir BA O5 – Cosaint Limistéar faoi Rialacháin Speisialta –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é sláine an Limistéir faoi Rialacháin Speisialta i mBaile an Gharraí a chosaint agus a chothabháil. Cuirfidh forbairtí laistigh den limistéar seo le feabhsú na timpeallachta agus charachtar an Limistéir faoi Rialacháin Speisialta agus ní bhainfidh sé de cháilíochtaí foriomlána an Limistéir faoi Rialacháin Speisialta.

# Limerick Development Plan 2022-2028

## Ballingarry Zoning Map




## Legend

- Agriculture
- Education & Community Facilities
- Existing Residential
- Local Centre
- New Residential
- Open Space & Recreation
- Residential Serviced Sites
- Special Control Area
- Utilities
- Village Centre
- Settlement boundary


| DATE | DWG. No. |
|---|---|
| Adopted June '22 | CDP-V2-L4-BG-02 |

OSI LICENCE No.

© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
Licence No. 2017/09/CCMA/Limerick City & County Council

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council

ATLANTIC EDGE LIMERICK EUROPEAN EMBRACE




**Limerick Development Plan 2022-2028**

**Ballingarry Flood Map**

## Legend

- Agriculture
- Education & Community Facilities
- Existing Residential
- Local Centre
- New Residential
- Open Space & Recreation
- Residential Serviced Sites
- Special Control Area
- Utilities
- Village Centre
- Flood Zone A
- Flood Zone B
- Settlement boundary

| DATE | DWG. No. |
|---|---|
| Adopted June '22 | CDP-V2-L4-BG-02 |

OSI LICENCE No.

© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
Licence No. 2017/09/CCMA/Limerick City & County Council

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council

ATLANTIC EDGE LIMERICK EUROPEAN EMBRACE

**Iniúchadh Inniúlachta na Lonnaíochta – Baile an Gharraí**

| Baile an Gharraí | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh. an Láithreáin** | **Criosú** | **Achar (ha)** | **Dlús Cónaithe Ghlactha in aghaidh an heicteáir** | **Soilsiú** | **Cosáin** | **Iompar Poiblí** | **Rochtain ar Bhóthar** | **Uisce** | **Bréan** | **Uisce Dromchla** | **Riosca i gcás Tuilte** | **Inlíonadh/ Láithreán Athfhorbraíochta** | **Amlíne / Costas** | **Nótaí más cuí** | **Stádas/ Sraith Seirbhíse** |
| **1** | Cónaithe Nua | 1.75 | 22 aonad /ha | ✓ | ✓ | ! | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | N/B | | 1 |
| **2** | Láithreáin Seirbhísithe Chónaithe | 1.057 | 10 n-aonad /ha | ! | ! | ! | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | N/B | | 1 |
| **3** | Láithreáin Seirbhísithe Chónaithe | 2.903 | 10 n-aonad/ha | ✓ | ✓ | ! | ✓ | ✓ | ✓ | ! | ✗ | ✗ | N/B | | 1 |

| Eochair eolais | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Seirbhísithe/ Tá | ✓ | Inúsáidte/ Infheistíocht ag teastáil | ! | Níl riachtanach/ Níl | ✘ |
| Gearrthéarmach – soláthar laistigh de 1 - 2 bhliain | G | Meántéarmach – soláthar laistigh de 3 - 5 bhliain | M | Fadtéarmach – thar shaolré soláthair an Phlean | F |

### An Brú

### Comhthéacs na Lonnaíochta

Tá An Brú suite thart ar 25km ó dheas de Chathair Luimnigh. Ritheann bóthar Luimnigh – Chill Mocheallóg (R512) thuaidh-theas tríd an sráidbhaile agus is ionann é agus an Phríomhshráid. Feirmeoireacht thréadach ísealchríche den chuid is mó a dhéantar ar chúlchríoch talmhaíochta an Bhrú. Tá croílár an tsráidbhaile lonnaithe ar an bPríomhshráid. Tá croílár stairiúil an tsráidbhaile seo teoranta ag *Fair Green* agus an bPríomhshráid, tá Séipéal Pheadair agus Phóil ó thuaidh agus Eaglais na hÉireann atá suite ó dheas de An Chamhaoir.

Tá leagan amach sráide líneach níos simplí ar an tsráidbhaile seo, cosúil le go leor bailte agus sráidbhailte i Luimneach. Tá institiúidí reiligiúnacha agus sibhialta a bhaineann leis na 18ú agus 19ú haois le fáil mórthimpeall ar an *Fair Green*, áit a mbuaileann dhá bhóthar réigiúnacha tábhachtacha ó thuaidh, agus An Chaomhaoir, áit a bhfuil sean-Eaglais na hÉireann lonnaithe. Tá institiúidí oideachais a tógadh i rith na tréimhse céanna suite lasmuigh de chroílár an tsráidbhaile, ó dheas de An Chaomhaoir. Is ailtireacht ó dheireadh an 19ú haois atá le fáil ar an bPríomhshráid, tithe sraithe, dhá agus trí urlár, agus roinnt úsáidí miondíola ar urlár na talún.

Tá feidhm thábhachtach chathartha, trádála/mhargaidh agus seirbhíse á soláthar ag an sráidbhaile do na cónaitheoirí agus don chúlchríoch mórthimpeall. Is fianaise ar an méid sin na seirbhísí agus gnóthaí éagsúla atá le fáil sa sráidbhaile. Tá formhór na ngníomhaíochtaí geilleagracha áitiúla lonnaithe ar an bPríomhshráid.

### Fás daonra - faoi láthair agus amach anseo

In 2016 bhí an daonra cothrom le 803 duine agus d'fhás an daonra 8% idir 2011 agus 2016. Tá 61% de dhaonra an tsráidbhailte faoi 44 bliain d'aois agus tá 19% os cionn 65 bliain d'aois.

| Bliain | Daonra |
|---|---|
| 2006 | 724 |

| | |
|---|---|
| 2011 | 783 |
| 2016 | 803 |

Foráiltear sa chroístraitéis do leithdháileadh tithíochta de 83 aonad in An Brú thar thréimhse an phlean. Cinneadh, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar cheadanna pleanála ar marthain sa sráidbhaile, go bhfuil 67 aonad tiomanta sa sráidbhaile. Ag féachaint don líon láithreán talamh cúil tearcúsáidte agus don leibhéal dearóilithe, meastar go bhfuil deiseanna ann chun aonaid chónaithe a fhorbairt i lár an tsráidbhaile.

| An Méid Aonad Tithíochta a Theastaíonn idir 2022 agus Ráithe 2 2028 | Aonaid Tithíochta a theastaíonn at Thalamh criosaithe cónaithe | Talamh Criosaithe Cónaithe Iomlán a theastaíonn (ha) | Aonaid Tithíochta a theastaíonn ar Thalamh Criosaithe Láithreán Seirbhísithe | Talamh Criosaithe Láithreán Seirbhísithe Iomlán (ha) | Aonaid chónaithe bheartaithe laistigh de thailte criosaithe i lár an tsráidbhaile |
|---|---|---|---|---|---|
| 83 | 57 | 2.6 | 14 | 1.4 | 15% = 12 |

### Tithíocht

In 2016 bhí 384 teaghais sa sráidbhaile agus bhí 57% díobh seo úinéir-áitithe, céatadán atá díreach faoi bhun an chéatadáin náisiúnta atá cothrom le 59.2%. Tá roinnt scéimeanna tithíochta sa sráidbhaile, lena n-áirítear Céide an tSeiceamair, Brú na nDeise agus An Bhreacmhóin. Tá cead ar marthain le haghaidh forbairt mhór tithíochta de 55 teach feadh Bhóthar Chill Mocheallóg, 9 láithreán seirbhísithe feadh Bhóthar Réigiúnach an R516 agus forbairt thiomanta de chuid an Údaráis Áitiúil laistigh de theorainn an tsráidbhaile freisin. Beidh tógáil na gceadanna cónaithe seo ag freastal ar réamh-mheastacháin tithíochta do An Brú thar shaolré an phlean seo agus soláthrófar meascán de thithe scoite, leathscoite agus

sraithe agus láithreáin seirbhísithe do thithíocht aonuaire deartha laistigh de theorainn na lonnaíochta.

### Lár an tSráidbhaile agus Forbairt Gheilleagrach

Tá raon leathan seirbhísí agus gnóthaí ag feidhmiú sa sráidbhaile, lena n-áirítear comhar creidmheasa, ollmhargaí, cógaslanna, oifig poist, siopa innealra gairdín, tithe tabhairne, bialanna, ionaid beir leat, Leaba + Bricfeasta, gruagaire/bearbóir, teach tórraimh, stáisiún peitril, geallghlacadóir agus clinic tréidliachta.
De réir Dhaonáireamh 2016, tá 48% de dhaonra an tsráidbhaile ag obair agus tá 23% den daonra sin i mbun ról bainistíochta agus teicniúil.

Fianaise ar na deiseanna don earnáil turasóireachta sa sráidbhaile é an chóiríocht Leaba & Bricfeasta atá le fáil feadh na Príomhshráide agus spás chun imeachtaí a reáchtáil i seanchlochar FCJ. Bhí an foirgneamh seo in úsáid mar scoil go dtí 2012 agus i láthair na huaire tá sé faoi úinéireacht phríobháideach agus ag feidhmiú mar ionad chun imeachtaí, bainiseacha agus comhdhálacha a reáchtáil. Tá trí pháirc imeartha ar an láithreán agus is féidir seirbhísí pobail a sholáthar ar an talamh, mar aon leis deiseanna fostaíochta agus tairiscint turasóireachta don sráidbhaile.

Tá tuilleadh deiseanna turasóireachta le fáil sa sráidbhaile trí naisc a fhorbairt le hiar-Uachtarán na Stát Aontaithe, John F. Kennedy.  Tá ionad taispeántais bunaithe ar a shinsearacht lonnaithe i seanfhoirgneamh leabharlainne atá faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil.  Tá seo oscailte don phobal agus is é an pobal áitiúil atá freagrach as. Le déanaí, tá nasc cruthaithe idir teaghais sa sráidbhaile agus a shinsearacht agus tá deiseanna eile ann freisin é seo a fhorbairt tuilleadh.
Soláthraíonn saoráid *Care Bright*, a forbraíodh áit a raibh saoráid déantúsaíochta Microtherm tráth, feidhm fiontar sóisialta do chúram sa bhaile agus ag a shaoráid, dóibh siúd a bhfuil néaltrú orthu. Is é seo an chéad phobal saintógtha in Éirinn do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu agus glactar leis mar fhiontar ceannródaíoch sa réimse cúraim. Soláthraíonn an t-ionad trí

bhungaló, ina bhfuil spásanna cónaithe agus gairdíní mar aon le gairdín céadfaí agus caifé pobail.

## Oideachas

Tá scoil náisiúnta mheasctha ag freastal ar an sráidbhaile, Scoil Dean Cussen, agus bhí 255 dalta ar an leabhar rolla in 2019/20. Chomh maith leis sin, tá réamhscoil pobail sa sráidbhaile.

### Pobal agus Áineas

Tá roinnt saoráidí pobail sa sráidbhaile, lena n-áirítear clinic sláinte, caifé pobail/don aos óg agus áit súgartha. I measc na saoráidí spóirt atá ar fáil tá páirc CLG, páirc sacair agus cúrsa Galf Dhá Mhaide.

Is taitneamhacht phoiblí mhealltach sa sráidbhaile í an pháirc cois abhann feadh bhruacha na Camhaoire freisin. Tá an pháirc suite idir na droichid ó dheas den sráidbhaile agus an pháirc atá lonnaithe ar bhóthar an Átha Leacaigh. Ar an drochuair, níl na páirceanna seo nasctha lena chéile faoi láthair, tá siad scartha ag an R512 a ritheann chomh fada le Cill Mocheallóg. I láthair na huaire, tá plean don ríocht phoiblí á ullmhú le haghaidh an Bhrú agus breithneofar ann an cheist a bhaineann le siúlbhealach agus rotharbhealach ar ardchaighdeán cois abhann a sholáthar taobh le An Chamhaoir go háirithe ar na bruacha thuaidh. Ní mór go soláthrófaí in aon togra naisc choisithe agus rotharbhealaigh chuig na páirceanna atá forbartha cheana féin. Tá na tailte seo sainaitheanta mar thailte a bhfuil riosca i gcás tuilte luaite leo agus ní mór d'aon fhorbairtí beartaithe a chinntiú go bhfuil Treoirlínte maidir le Tuilte á gcomhlíonadh.

Cruthaíonn cóngaracht an tsráidbhaile do Loch Goir, ceann de na suíomhanna seandálaíochta is tábhachtaí in Éirinn níos mó deiseanna fós do chónaitheoirí agus do chuairteoirí chuig an sráidbhaile tairiscint áineasa an tsuímh a fheabhsú agus a fhorbairt. Tacófar le naisc siúlbhealaí agus rotharbhealaí nua feadh an tseanbhóthair ó An Brú go dtí Loch Goir sa phlean seo agus sa phlean nua don ríocht phoiblí sa sráidbhaile.

Chomh maith leis sin, tá maoiniú faighte faoi Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte 2020, chun cosáin agus bealaí isteach chuig Páirc Phoiblí an Gharráin a uasghrádú.

### Athghiniúint agus Athnuachan

Tá leibhéal ard folúntais agus dearóilithe, i bhfoirgnimh chónaithe agus thráchtála in An Brú, go háirithe feadh na Príomhshráide. Tá cuid de na foirgnimh seo an-mhór agus is deis atá iontu lár an tsráidbhailte a athbheochan. Tá maoiniú faighte ag An Brú agus ag roinnt sráidbhailte eile sa chontae ón gCiste um Athnuachan agus Forbairt Tuaithe chun déileáil le folúntas agus dearóiliú agus tugtar faoi deara go bhfuil cúig fhoirgneamh ainmnithe ar liosta na Láithreán Tréigthe agus go bhfuil fógraí maidir le hoibreacha sonracha eisithe le haghaidh go leor foirgneamh eile ar mhaithe le cuma na bhfoirgneamh seo a fheabhsú.

Tá go leor samplaí feadh na Príomhshráide de dheiseanna chun smaoineamh ar conas a d'fhéadfaí an tsráid a úsáid ar an mbealach is fearr a fhreastalaíonn ar chónaitheoirí agus ar chuairteoirí araon agus béim a leagan ar athghiniúint an stoic foirgneamh reatha atá i gcroílár an tsráidbhaile. Sampla amháin d'fhoirgneamh dá leithéid é iar-Bheairic an RIC, foirgneamh scoite, trí urlár, le cúig bháfhuinneog, mar aon le híoslach feadh na Príomhshráide trasna ó Stáisiún an Gharda Síochána.

Níl aon saoráid déantúsaíochta/thionsclaíoch in An Brú agus tá deis ann bonn geilleagrach an tsráidbhaile a fheabhsú trí athúsáid a bhaint as áitreabh folamh ar urlár na talún feadh na Príomhshráide.

Tá limistéar mór de thailte cúil criosaithe tearcfhorbartha i lár an tsráidbhaile freisin, tailte a d'fhéadfaí iad a fhorbairt le haghaidh talamhúsáidí measctha, lena n-áirítear áiteanna cónaithe, miondíola, oifige, stiúideonna ealaíontóirí/ceardaithe, cóiríocht do thurasóirí agus carrchlós poiblí b'fhéidir.

## Oidhreacht

Tá 35 Déanmhas Cosanta ainmnithe a meastar luach ailtireachta, stairiúil nó teicniúil a bheith ag baint leo agus atá ainmnithe ar Thaifead na nDéanmhas Cosanta. Anuas ar na déanmhais seo, tá ceithre dhéanmhas liostaithe ar Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (NIAH). Mar aitheantas ar oidhreacht thógtha uathúil agus shainiúil an tsráidbhaile, tá Limistéir Chaomhantais Ailtireachta ainmnithe atá ag síneadh ó dheas ó An Baile Nua go dtí an Phríomhshráid. Anuas air sin, tá naoi ndéanmhas taifeadta sa sráidbhaile, lena n-áirítear Sean-Eaglais na hÉireann, a measadh a tógadh sa 16ú haois.

## Riosca i gcás Tuilte

Mar chuid den obair ullmhúcháin a rinneadh don Phlean Forbartha seo, ullmhaíodh Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte agus tá limistéar mór tuilte sainaitheanta ag an taobh ó dheas den sráidbhaile den chuid is mó agus feadh chosán na hAbhann. Glacadh le cur chuige réamhchúramach, atá ag teacht le An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2019), ach níor cuireadh láithreáin athfhorbraíochta san áireamh, agus tá gach píosa talún eile a bhfuil riosca i gcás tuilte luaite leis criosaithe le húsáid mar spás oscailte agus d'úsáid talmhaíochta amháin.

## Bonneagar

Tá córas cóireála fuíolluisce ag freastal ar An Brú cheana féin, a tógadh in 2011 agus atá in ann freastal ar thuilleadh forbartha. Tá uisce poiblí ar fáil ó gharraí Moloney ó thuaidh den sráidbhaile agus ó Bhaile Uí Dhroighneáin. Tá dóthain acmhainne uisce agus fuíolluisce chun freastal ar an bhfás measta thar shaolré an phlean. Tá fadhb sa sráidbhaile le forsceitheadh uisce stoirme nuair a thiteann go leor báistí agus tá ganntanas córas draenála uisce dromchla ag taobh Chill Mocheallóg den sráidbhaile.

Tá seirbhís Bhus Éireann ag freastal ar An Brú dhá uair sa lá agus soláthraíonn seirbhís nasc áitiúil laethúil seirbhís idir an sráidbhaile agus Luimneach. Bunaithe ar eolas atá le fáil sa

Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, tá seirbhís leathanbhanda ardluais á cur ar fáil do idir 99% den sráidbhaile.

**Cuspóirí Lonnaíocht Bhaile an Gharraí:**

**Cuspóir BR O1 – Athfhorbairt Láithreán Folamh –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é athchóiriú agus athúsáid foirgneamh na Seanbheairice ar an bPríomhshráid a spreagadh le haghaidh úsáidí atá oiriúnach do lár an tsráidbhaile agus Seanchlochar FCJ a úsáid chun críocha fiontraíochta agus fostaíochta.

**Cuspóir BR O2 – Uasghráduithe ar an Ríocht Phoiblí –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le agus soláthar tionscadal a éascú, tionscadail a bhfuil sé mar aidhm leo an ríocht phoiblí sa sráidbhaile a fheabhsú, go háirithe feadh na Príomhshráide, láithreán seanscoil FCL agus feadh bhruacha na Camhaoire agus de réir an phlean don ríocht phoiblí amach anseo.

**Cuspóir BR O3 – Forbairt Turasóireachta –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é deiseanna turasóireachta an tsráidbhaile a fheabhsú, lena n-áirítear tacú le táirgí turasóireachta nua ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, cosúil le naisc le sinsearacht JFK agus Músaem JFK agus oibriú le páirtithe leasmhara ábhartha chun forbairtí turasóireachta nua a spreagadh laistigh den sráidbhaile.

**Cuspóir BR O4 – Plean Bainistíochta Tráchta –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le Plean Bainistíocht Tráchta a ullmhú do Phríomhshráid an Bhrú agus scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann le carrchlós poiblí a fhorbairt sa sráidbhaile de réir Phlean Ríocht Phoiblí an Bhrú


**Cuspóir BR O5 – Siúlbhealaí agus Rotharbhealaí a Fheabhsú –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le forbairt siúlbhealaí agus rotharbhealaí i gcomhar le páirtithe leasmhara áitiúla, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach, dheonach agus phoiblí agus tacú le naisc a fhorbairt idir an sráidbhaile agus Loch Goir. Ní mór go n-áireofaí in aon fhorbairt bheartaithe atá taobh lena leithéid de shiúlbhealaí nasc-chonairí mar chuid den siúlbhealach ainmnithe. Beidh forbairtí á ndearadh ar bhealach a chinnteoidh go bhfuil radharc ar shiúlbhealaí beartaithe ón réadmhaoin ábhartha.

**Cuspóir BR O6 – Tailte feadh na Camhaoire a Chosaint** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é tailte atá taobh le An Camhaoir a chothabháil agus a chosaint ó fhorbairt mhíchuí chun tacú lena suntas mar láithreán lena mbaineann tábhacht éiceolaíoch, mar chonair nádúrtha fiadhúlra, mar chrios bainistíochta tuilte agus mar limistéar taitneamhachta nádúrtha. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar shiúlbhealaí agus rotharbhealach lúibe ar ardchaighdeán a nascann an dá pháirc lena chéile ag an suíomh seo.

**Cuspóir BR O7 – Bóthar Dáileacháin** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le bóthar dáileacháin a fhorbairt in An Brú, faoi réir leibhéal oiriúnach de mheasúnú comhshaoil agus éiceolaíoch agus acmhainní a bheith ar fáil.

**Limerick Development Plan 2022-2028**

**Bruff Zoning Map**




**LEGEND**

- Existing Residential
- New Residential
- Residential Serviced Sites
- Education & Community Facilities
- Village Centre
- Local Centre
- Enterprise & Employment
- Agriculture
- Open Space & Recreation
- Utilities
- Settlement boundary


| DATE | DWG. No. |
|---|---|
| Adopted June '22 | CDP-V2-L4-BR-01 |

OSI LICENCE No.

© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
Licence No. 2017/09/CCMA/Limerick City & County Council

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council

ATLANTIC EDGE LIMERICK EUROPEAN EMBRACE




**Limerick Development Plan 2022-2028**

**Bruff Flood Map**

**LEGEND**

- Existing Residential
- New Residential
- Residential Serviced Sites
- Education & Community Facilities
- Village Centre
- Local Centre
- Enterprise & Employment
- Agriculture
- Open Space & Recreation
- Utilities
- Settlement boundary
- Flood Zone A
- Flood Zone B

| DATE | DWG. No. |
|---|---|
| Adopted June '22 | CDP-V2-L4-BR-02 |

OSI LICENCE No.

© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
Licence No. 2017/09/CCMA/Limerick City & County Council

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council

Atlantic Edge LIMERICK European Embrace

**Iniúchadh Inniúlachta na Lonnaíochta – An Brú**

| An Brú | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Uimh. an Láithreáin | Criosú | Achar (ha) | Dlús Cónaithe Ghlactha in aghaidh an heicteáir | Soilsiú | Cosáin | Iompar Poiblí | Rochtain ar Bhóthar | Uisce | Bréan | Uisce Dromchla | Riosca i gcás Tuilte | Inlíonadh/ Láithreán Athfhorbraíochta | Amlíne / Costas | Nótaí más cuí | Stádas/ Sraith Seirbhíse |
| **1.** | Cónaithe Nua | 3.277 | 22 aonad /ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✘ | ✘ | N/B | Cead le haghaidh 55 aonad<br>Páirtbhóthar dáileacháin ag teastáil mar chuid d'iarratas pleanála 16/1184 | 1 |
| **2.** | Cónaithe Nua | 0.679 | 22 aonad/ ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✘ | ✘ | N/B | Iarratas Chuid 8 le haghaidh 20 aonad | 1 |

| | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **3.** | Láithreáin Seirbhísithe Chónaithe | 1.411 | 10 n-aonad/ ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | N/B | Cead le haghaidh 9 láithreán seirbhísithe | 1 |
| **4** | Cónaithe Nua | 0.234 | 22 aonad/ ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ! | ✗ | N/B | Tá formhór an láithreáin lasmuigh den Limistéar a bhfuil riosca i gcás tuilte luaite leis sa Mheasúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte. | 1 |

| **Eochair eolais** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Seirbhísithe/ Tá | ✓ | Inúsáidte/ Infheistíocht ag teastáil | ! | Níl riachtanach/ Níl | ✗ |
| Gearrthéarmach – soláthar laistigh de 1 - 2 bhliain | G | Meántéarmach – soláthar laistigh de 3 - 5 bliana | M | Fadtéarmach – I ndiaidh shaolré an Phlean | F |

## Brú Rí

## Comhthéacs na Lonnaíochta

Tá Brú Rí suite thart ar 34 km ó Chathair Luimnigh ar An Mháigh, dhá chiliméadar ón N20 - Príomhbhóthar Luimnigh-Chorcaí. Tá an t-ainm 'Brú an Rí' bunaithe ar lios mór (RMP LI039-101) atá suite thart ar 250m siar ón droichead. Is lios amháin é seo ach tá dhá lios dhémhúracha (LI039-098) le fáil i mbaile fearainn Lothra. Deirtear go raibh suíochán ag Ríthe Mumhan anseo ón ré ársa go dtí deireadh an 12ú haois agus go raibh sé de nós ag baird Éireannacha bualadh anseo faoi dhó sa bhliain go dtí 1746. Ceann de na foirgnimh is mó aithne sa sráidbhaile é Seanmhuileann Arbhair Bhrú Rí. Ba sa bhliain 1850 a tógadh an Mhuileann Arbhair agus tá roth, trastomhas 27 troigh an Mhuilinn, fós ag obair sa lá inniu ann.

Chomh fada is a bhaineann le stair chomhaimseartha na hÉireann, tá dlúthnaisc idir Brú Rí agus Eamon de Valera (1882-1975), fear a bhí ina Thaoiseach agus ina Uachtarán ar Éirinn tráth dá raibh, a bhog chomh fada le Brú Rí ó Nua-Eabhrac chun cónaí lena Sheanmháthair nuair a bhí sé dhá bhliain d'aois. Tá an teachín an oibrí feirme, a tógadh sa 19ú haois, inar mhair De Valera, suite lasmuigh de theorainn na lonnaíochta agus is faoi úinéireacht agus faoi bhainistíocht an Stáit atá sé. Tá sean-Mhúsaem De Valera agus Ionad Oidhreachta Bhrú Rí suite ag an taobh thiar den sráidbhaile.

Go traidisiúnta, forbraíodh an sráidbhaile ar bhealach líneach, ag an taobh thoir de Dhroichead Bhrú Rí go príomha feadh Bhóthar Réigiúnach Chill Mocheallóg. Tá an sráidbhaile, sráidbhaile cónaithe i ndáiríre, ag feidhmiú mar ionad seirbhíse don chúlchríoch talmhaíochta áitiúil. I measc na seirbhísí atá le fáil sa lonnaíocht tá oifig poist, tithe tabhairne, bunscoil, halla pobail, faiche spóirt, teach altranais, Séipéal Caitliceach, páirc cois abhann agus stáisiún de chuid an Gharda Síochána.

Tá An Mháigh ag sní tríd an gcuid thiar den sráidbhaile. Is gnéithe tábhachtacha de ríocht phoiblí an tsráidbhaile an abhainn agus an pháirc cois abhann agus tá feabhsú agus cothabháil an cheantair riachtanach chun carachtar an tsráidbhaile a chosaint.

### Fás daonra - faoi láthair agus amach anseo

Is lonnaíocht ainmnithe á Brú Rí sa Daonáireamh agus tá sé suite laistigh de Thoghroinn Bhrú Rí. Bhí daonra na lonnaíochta cothrom le 580 in 2016 agus bhí 213 teaghais áitithe ann, tá 60% de dhaonra an tsráidbhaile faoi 44 bliain d'aois, ach tá daonra an tsráidbhaile ag dul in aois agus tá 21% eile den daonra os cionn 65 bliain d'aois (Daonáireamh 2016) i gcomparáid leis an meán náisiúnta atá cothrom le 13% i láthair na huaire. D'fhás daonra an tsráidbhaile idir 2011 agus 2016, tráth ar tugadh méadú 6.7% faoi deara.

| Bliain | Daonra |
|---|---|
| 2006 | 321 |
| 2011 | 541 |
| 2016 | 580 |

Foráiltear sa chroístraitéis do leithdháileadh tithíochta de 39 aonad sa sráidbhaile thar thréimhse an phlean. Cinneadh, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar cheadanna pleanála ar marthain sa sráidbhaile go bhfuil cead tugtha le haghaidh trí aonad in aice le heastát cónaithe *The Paddocks*. Glacfar leis seo mar chuid den cheanglas a bhaineann le talamh criosaithe chónaithe. Anuas air sin, ag féachaint don líon láithreán talamh cúil tearcúsáidte agus don leibhéal dearóilithe, meastar go bhfuil deiseanna ann chun aonaid chónaithe a fhorbairt i lár an tsráidbhaile.

| An Méid Aonad Tithíochta a Theastaíonn idir 2022 | Aonaid Tithíochta a theastaíonn at Thalamh | Talamh Criosaithe Cónaithe Iomlán a | Aonaid Tithíochta a theastaíonn ar Thalamh Criosaithe | Talamh Criosaithe Láithreán Seirbhísithe Iomlán (ha) | Aonaid chónaithe bheartaithe laistigh de thailte |
|---|---|---|---|---|---|

| agus Ráithe 2 2028 | criosaithe cónaithe | theastaíonn (ha) | Láithreán Seirbhísithe | | criosaithe i lár an tsráidbhaile |
|---|---|---|---|---|---|
| 39 | 30 | 1.3ha | 7 | .74ha | 5%=2 |

Tá an phríomhbhéim á leagan sa straitéis forbartha ar thacú le fás comhréireach Bhrú Rí agus an sráidbhaile a chomhdhlúthú.

### Tithíocht

I measc na gcineálacha tithíochta atá le fáil i lár an tsráidbhaile tá teachíní sraithe agus tithe agus roinnt eastát tithíochta lena n-áirítear Ardán Mhainchín, Páirc De Valera, Goirtín an Gharraí agus An Tuar Mór agus Sráidbhailte Cónaithe *Beech Lodge* (13 áit chónaithe do dhaoine scothaosta atá suite taobh le Teach Faoisimh/Cúraim Mhaolaithigh/Altranais *Beech Lodge*). Bunaithe ar dhaonáireamh 2016, bhí 59% de na tithe úinéir-áitithe. Tá na príomhcheantair chónaithe suite feadh na teorann thuaidh tríd an lonnaíocht agus ag an taobh thoir de lár an tsráidbhailte ar Bhóthar Chill Mocheallóg.

Breithneofar Forbairt Chónaithe nua, de réir na mbeartas agus na gcuspóirí atá sonraithe i gCaibidil 3: Straitéis Spásúil, 4: Tithíocht agus 11: Caighdeáin Bainistíochta Forbartha. Ba cheart d'fhoirm thógtha nua iarracht a dhéanamh an t-ionannas a bhain le scéimeanna tithíochta a forbraíodh roimhe seo a sheachaint agus a chinntiú go gcruthaítear timpeallacht mhealltach ag a bhfuil aitheantas áitiúil. Ba cheart éagsúlacht níos fearr cineálacha, meascán agus dlús tithe a chinntiú, lena n-áirítear láithreáin seirbhísithe a sholáthar le haghaidh tithe aonair, tithíocht shóisialta, inacmhainne agus sciath-thithíocht. Ar an tslí seo, is féidir freastal ar an raon iomlán riachtanas tithíochta, rud a bheidh mar bhonn le struchtúr pobail níos cothromaithe. I mBrú Rí, tá 2.04 heicteár de thalamh ar fad ag teastáil d'fhorbairt chónaithe.

### Lár an tSráidbhaile agus Forbairt Gheilleagrach

Tá an Chomhairle airdeallach ar an ról tábhachtach atá ag sráidbhaile Bhrú Rí atá ag feidhmiú mar lonnaíocht Leibhéal a Ceathair. Áirítear anseo roinnt seirbhísí fostaíochta agus oideachais a chur ar fáil do phobal an tsráidbhaile agus daoine laistigh dá dhobharcheantar níos leithne. Tá roinnt miondíoltóirí beaga agus soláthraithe seirbhíse lena n-áirítear búistéir, garáiste, ionad próiseála bia, tithe tabhairne, siopa, ionad beir leat agus soláthraí cóiríochta, atá freagrach as formhór de na deiseanna fostaíochta atá ar fáil sa sráidbhaile a sholáthar. Áirítear i measc na saoráidí oideachais, sláinte agus pobail ionad sláinte, bunscoil, naíonra agus seirbhís iarscoile, ionad oiliúna ríomhchuidithe, teach altranais agus ionad faoisimh agus stáisiún de chuid an Gharda Síochána. Soláthraítear deiseanna sa sráidbhaile do thuilleadh forbairt a dhéanamh ar fheidhmeanna seirbhíse agus miondíola, go háirithe trí athúsáid na bhfoirgneamh folamh laistigh de theorainn an tsráidbhaile.
Ní mór aitheantas a thabhairt freisin do na féidearthachtaí turasóireachta in Brú Rí, go háirithe ag féachaint dá naisc le Stair Chomhaimseartha na hÉireann agus a shuíomh ar An Mháigh ghleoite. Déanfaidh an Chomhairle iarracht oibriú leis an bpobal áitiúil chun tacú le hathoscailt/athfhorbairt an mhúsaeim agus an ionaid oidhreachta. Tá deiseanna ann freisin níos mó tairbhe a bhaint as na naisc stairiúla laistigh den sráidbhaile agus as na buntáistí geilleagracha a d'fhéadfaí a bhaint as a leithéid de stair.

### Oideachas

Tá bunscoil suite ag an taobh thoir den sráidbhaile. Is scoil mheasctha í Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig agus tá 181 ar chlár rolla na scoile. Tá 'Stepping Stones' ionad cúraim leanaí pobalbhunaithe, atá ag soláthar club bricfeasta, seirbhísí naíonra agus iarscoile, suite ar an talamh céanna leis an mbunscoil.

### Pobal agus Áineas

Tá earnáil dheonach ghníomhach in Brú Rí, earnáil a bhfuil suíomh gréasáin ar líne, ionad ilfhreastail a thacaíonn le stair, gnó áitiúil, eagraíochtaí agus imeachtaí áitiúla atá ag tarlú sa

sráidbhaile a chur chun cinn, forbartha aici. Tá roinnt saoráidí pobail ar fáil sa sráidbhaile agus raon seirbhísí, lena n-áirítear naíonra pobail, Oifig Poist, Páirc CLG, Séipéal Caitliceach, Ionad Pobail agus Ionad Sláinte.

Tá Coiste Bailte Slachtmhara gníomhach bunaithe in Brú Rí, coiste a bhfuil dhá dhuais buaite acu ó 2015. Áirítear i measc na ngrúpaí pobail eile atá ag feidhmiú sa sráidbhailte, Comhairle Pobail Bhrú Rí - Chnoc na Carraige, Grúpa Tuismitheoirí agus Lapadán agus TF Móibíleach, clár seirbhísí pobail a thairgeann cúrsaí oiliúna ríomhchuidithe do dhaoine aonair/do ghrúpaí pobail.

Is taitneamhachtaí tábhachtacha don sráidbhaile é An Mháigh agus na limistéir pháirceála beaga agus láithreacha amhairc, atá suite ó thuaidh agus ó dheas den abhainn, agus baineann deiseanna suntasacha leo luach taitneamhachta an cheantair a fheabhsú tuilleadh.

### Athghiniúint agus Athnuachan

Soláthraíonn deiseanna d'athúsáid agus athearraíocht a bhaint as foirgnimh fholmha agus thréigthe an comhthéacs do thimpeallacht ghnó níos fearr agus níos bríomhaire, níos mó deiseanna tithíochta agus cuma fhísiúil Bhrú Rí a fheabhsú agus croílár an tsráidbhaile a chomhdhlúthú.

Tá deiseanna chun an ríocht phoiblí a fheabhsú le fáil ag an láithreán folamh ag an mbealach isteach chuig forbairt tithíochta Átha Álainn trí spás glas agus taitneamhacht áineasa a chur ar fáil don sráidbhaile agus tá an limistéar seo criosaithe go cuí.  Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag obair le húinéirí réadmhaoine chun cuma an tsráidbhaile a fheabhsú.

Is gnéithe tábhachtacha den ríocht phoiblí laistigh den sráidbhailte iad An Mháigh agus an pháirc agus na hionaid amhairc. Tá deis ann an taitneamhacht phoiblí cois abhann a fhorbairt agus a fheabhsú, go háirithe na féidearthachtaí a bhaineann leis an earnáil turasóireachta sa sráidbhaile cheana. Tá féidearthachtaí ag baint leis an limistéar seo chomh fada is a bhaineann le roinnt tírdhreachaithe a dhéanamh agus oibreacha ar an ríocht phoiblí chun páirc nasctha a chruthú ón bPríomhshráid ag Tobar Mhainchín chomh fada leis an láthair picnicí atá gar do

Shráid an Mhuilinn agus tuilleadh forbairt a dhéanamh ar shiúlóid cois abhainn ó dheas de An Mháigh.

### Oidhreacht

Tá saibhreas d'oidhreacht thógtha le fáil in Brú Rí - naoi nDéanmhas Cosanta laistigh de theorainn na lonnaíochta, 15 struchtúr liostaithe i bhFardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta agus ceithre Shéadchomhartha Taifeadta, a chuireann go suntasach le carachtar an tsráidbhaile freisin. Díol suntais é Muileann Bhrú Rí, gné shuntasach sa tírdhreach áitiúil atá an-fheiceálach mar gheall ar a scála agus suíomh ag an mbealach isteach chuig an sráidbhaile ar An Mháigh. Tá an fhoirm bhunaidh fós ar marthain mar aon le gnéithe suntasacha cosúil leis an díon sclátaí agus na stoic simléir brící agus uachtarlann a bhí ann ó thús. Gné spéisiúil é an roth uisce, a chruthaíonn comhthéacs an láithreáin. Chomh maith leis sin, cruthaíonn an suíomh ag agus mórthimpeall an droichid bealach isteach gleoite ag an taobh thiar den sráidbhaile.
Chomh maith leis sin, tá seanséipéal Eaglais na hÉireann, Séipéal Mainchín agus fothracha Chaisleán/Thúr an Bhaile Nua agus reilig le fáil ó dheas de Dhroichead Bhrú Rí. Tógadh an séipéal, atá faoi úinéireacht phríobháideach anois, sa bhliain 1812. Chomh maith leis sin, is ann a bhí séipéal paróiste meánaoiseach agus reilig a measadh a tógadh sa $13^{ú}$ haois. Meastar gur tógadh an túrtheach sa $15^{ú}$/$16^{ú}$ haois agus tagraítear dó mar Thúr an Déin, áit a raibh cóiríocht ar fáil don duine a bhí in oifig. Meastar go mbaineann an chloch chinn is sine le lár - deireadh an $18^{ú}$ haois, ach bheadh daoine á gcur ón $13^{ú}$ haois. Mar chuid de na cuspóirí a bhaineann le hoidhreacht sheandálaíoch an tsráidbhaile a chosaint agus a fheabhsú, déanfaidh an tÚdarás Áitiúil iarracht an túrtheach a chomhdhlúthú faoi réir maoiniú a bheith ar fáil.

Is sráidbhaile mealltach é Brú Rí agus tá An Mháigh ag cur go mór le háilleacht an tsráidbhaile. Tá deiseanna sa sráidbhaile cur leis na sócmhainní oidhreachta nádúrtha agus stairiúla agus na saoráidí taitneamhachta a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh.

### Riosca i gcás Tuilte

Mar chuid den ullmhúchán a rinneadh don Phlean seo, rinneadh Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte agus tá na tailte atá taobh leis An Mháigh sainaitheanta mar Chrios Tuilte A agus B. Táthar tar éis glacadh le cur chuige réamhchúramach agus níl aon tailte a bhfuil riosca i gcás tuilte luaite leo criosaithe. Chomh fada is a bhaineann le dul in oiriúint don athrú aeráide, tá machnamh déantar ar shuíomh na dtailte cónaithe nua, agus tá iarracht déanta an sráidbhaile a chomhdhlúthú, trí chur chuige bunaithe ar thús áite a thabhairt don sráidbhaile, tacú le siúl agus le rothaíocht agus forbairt an bhonneagair ghoirm - ghlais de réir mar is cuí.

### Bonneagar

I láthair na huaire, níl aon srianta uisce ná fuíolluisce laistigh de Bhrú Rí. Chomh fada is a bhaineann le cúrsaí iompair, tá busbhealach á sholáthar ag Bus Éireann ó Chathair Luimnigh go Cromadh, a stopann i lár Bhrú Rí. Fágann agus filleann an tseirbhís seo ar Bhrú Rí faoi dhó sa lá, Luan - Aoine, agus níl aon seirbhís ar fáil ag an deireadh seachtaine. Chomh maith leis sin, tá seirbhís bus gach uair an chloig idir Luimneach agus Corcaigh, a fhreastalaíonn ar Bhrú Rí ag Crois Uí Ruairc, 2.1km ón sráidbhaile. Tá seirbhís fillte á soláthar ag Nasc Áitiúil Luimnigh ó Bhrú Rí go dtí An Ráth, Co. Chorcaí, gach Aoine.

Bunaithe ar eolas atá le fáil sa Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, tá seirbhís leathanbhanda ardluais á cur ar fáil do idir 77% den lonnaíocht.

**Cuspóirí Lonnaíocht Bhrú Rí:**

**Cuspóir BRU O1 – Forbairt Turasóireachta** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é poitéinseal turasóireachta an tsráidbhaile a fheabhsú agus tacú leis agus tacú chomh maith le forbairt an tsráidbhaile bunaithe ar a shuíomh ar An Mháigh, a oidhreacht thógtha agus sheandálaíoch agus na nithe is díol spéise atá le fáil ann cheana féin, ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.


**Cuspóir BRU O2 – Oidhreacht Thógtha -** Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le hathoscailt/le hathfhorbairt Mhúsaem De Valera agus Ionad Oidhreachta Bhrú Rí, faoi réir acmhainní a bheith ar fáil.

**Cuspóir BRU O3 – Oidhreacht Sheandálaíoch** - Is cuspóir de chuid na Comhairle é iarracht a dhéanamh oidhreacht sheandálaíoch an tsráidbhaile a chosaint agus a fheabhsú agus go háirithe chomhdhlúthú an túrthí bunaithe ar acmhainní a bheith ar fáil.

**Cuspóir BRU O4 – Feabhsú na Ríochta Poiblí –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é an ríocht phoiblí atá cois abhann faoi láthair a chosaint agus síneadh a chur léir agus, bunaithe ar acmhainní a bheith ar fáil, siúlóid cois abhann a fhorbairt ó lár an tsráidbhaile feadh na Máighe ó dheas den lonnaíocht.

# Limerick Development Plan 2022-2028

## Bruree Zoning Map




**LEGEND**

- Existing Residential
- New Residential
- Residential Serviced Sites
- Education & Community Facilities
- Village Centre
- Enterprise & Employment
- Open Space & Recreation
- Utilities
- Settlement boundary

| DATE | DWG. No. |
| --- | --- |
| Adopted June '22 | CDP-V2-L4-BU-01 |

OSI LICENCE No.


© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
Licence No. 2017/09/CCMA/Limerick City & County Council

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council

ATLANTIC EDGE LIMERICK EUROPEAN EMBRACE

**Limerick Development Plan 2022-2028**

**Bruree Flood Map**




**LEGEND**

- Existing Residential
- New Residential
- Residential Serviced Sites
- Education & Community Facilities
- Village Centre
- Enterprise & Employment
- Open Space & Recreation
- Utilities
- Settlement boundary
- Flood Zone A
- Flood Zone B

| DATE | DWG. No. |
|---|---|
| Adopted June '22 | CDP-V2-L4-BU-02 |

OSI LICENCE No.

© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
Licence No. 2017/09/CCMA/Limerick City & County Council

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council

ATLANTIC EDGE LIMERICK EUROPEAN EMBRACE

**Iniúchadh Inniúlachta na Lonnaíochta – Brú Rí**

| Uimh. an Láithreáin | Limistéar Criosaithe (ha) | | Dlús Cónaithe Ghlactha in aghaidh an heicteáir | Soilsiú | Cosáin | Iompar Poiblí | Rochtain ar Bhóthar | Uisce | Bréan | Uisce Dromchla | Riosca i gcás Tuilte | Inlíonadh/ Láithreáin Athfhorbraíochta | Amlíne / Costas | Nótaí más cuí | Stádas / Sraith Seirbhíse |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **1** | Cónaithe Nua | 1.149 | 22 aonad /ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | N/B | Cead le haghaidh trí aonad ar chuid de láithreán | 1 |
| **2** | Cónaithe Nua | 0.246 | 22 aonad/ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | N/B | | 1 |
| **3** | Láithreáin Seirbhíse Cónaithe | 0.735 | 10 n-aonad/ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | N/B | | 1 |

| Eochair eolais | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Seirbhísithe/ Tá | ✓ | Inúsáidte/ Infheistíocht ag teastáil | ! | Níl riachtanach/ Níl | ✘ |
| Gearrthéarmach – soláthar laistigh de 1 - 2 bhliain | G | Meántéarmach – soláthar laistigh de 3 - 5 bliana | M | Fadtéarmach – I ndiaidh shaolré an phlean | F |

## An Cheapach Mhór

## Comhthéacs na Lonnaíochta

Is sráidbhaile mór é An Cheapach Mhór, atá suite faoi chnoic Shliabh Eibhlinne i gcúlchríoch talmhaíochta ina bhfuil tús áite á thabhairt d'fheirmeoireacht déiríochta. Sníonn An Chlaoideach i dtreo an taobh thoir den sráidbhaile áit a mbuaileann sí le sruthán atá ag sní thuaidh - theas tríd an sráidbhailte agus ar a dtugtar An Mhaoilchearn ina dhiaidh sin. Tá an sráidbhaile lonnaithe feadh na Príomhshráide, arb ionann é agus an croílár stairiúil. Ag an dá thaobh den Phríomhshráid, tá roinnt bóithre ag freastal ar an gceantar tuaithe mórthimpeall agus ag nascadh le lonnaíochtaí eile, cosúil le Dún, Pailís Ghréine agus Maigh Rua. Tá an sráidbhaile seo suite 22 ciliméadar ó Chathair Luimnigh.

Tá ionaid reiligiúnacha agus oideachais le fáil ag suíomh amháin ag an taobh thiar de lár an tsráidbhaile ar an bPríomhshráid. Tá Campas Choláiste Breisoideachais Luimnigh suite ag an taobh thiar den sráidbhaile, agus tá an t-ionad pobail agus an leabharlann phoiblí ag an taobh thoir den sráidbhaile. Tá roinnt ionad folamh sa sráidbhaile, mar aon le fianaise ar fhaillí agus dearóiliú, ach chomh maith leis sin, tá fianaise ar athléimneacht agus ar bheocht an phobail.

## Fás daonra - faoi láthair agus amach anseo

In 2016 bhí daonra na Ceapaí Móire cothrom le 620. Bunaithe ar fhigiúirí atá curtha ar fáil ag an bPríomh-Oifig Staidrimh, laghdaigh daonra an tsráidbhaile 8% idir 2011 agus 2016 agus tá 17.4% den daonra os cionn 65 bliain d'aois, figiúr atá os cionn mheánfhigiúr an stáit de 13%.

| Bliain | Daonra |
|---|---|
| 2006 | 669 |
| 2011 | 675 |
| 2016 | 620 |

Foráiltear sa chroístraitéis do leithdháileadh tithíochta de 65 aonad sa sráidbhaile thar thréimhse an phlean. Tugtar le fios in athbhreithniú a rinneadh ar cheadanna pleanála ar marthain sa sráidbhaile go bhfuil cead tugtha le haghaidh teach altranais 39 seomra leapa, 10 n-aonad neamhspleách do dhaoine scothaosta ag seansuíomh na huachtarlainne sa sráidbhaile agus forbairt tithíochta thiomanta Údaráis Áitiúil laistigh de theorainn na lonnaíochta. Ar an mbonn seo, tá an deighilt idir Criosú Cónaithe Nua agus Láithreáin Seirbhísithe cothrom le 90/10 in An Cheapach Mhór, rud nach bhfuil ag teacht leis an deighilt chaighdeánach de 80/20 atá le tabhairt faoi deara sna lonnaíochtaí eile. Glacfar leis na forbairtí seo mar chuid den cheanglas a bhaineann le talamh criosaithe chónaithe. Anuas air sin, ag féachaint don líon láithreán talamh cúil tearcúsáidte agus don leibhéal dearóilithe, meastar go bhfuil deiseanna ann chun aonaid chónaithe a fhorbairt i lár an tsráidbhaile.

| An Méid Aonad Tithíochta a Theastaíonn idir 2022 agus Ráithe 2 2028 | Aonaid Tithíochta a theastaíonn at Thalamh criosaithe cónaithe | Talamh Criosaithe Cónaithe Iomlán a theastaíonn (ha) | Aonaid Tithíochta a theastaíonn ar Thalamh Criosaithe Láithreán Seirbhísithe | Talamh Criosaithe Láithreán Seirbhísithe Iomlán (ha) | Aonaid chónaithe bheartaithe laistigh de thailte criosaithe i lár an tSráidbhaile |
|---|---|---|---|---|---|
| 65 | 50 | 2.27 | 6 | .6 | 15% = 10 |

Tá an phríomhbhéim á leagan sa straitéis forbartha ar thacú le fás comhréireach agus an sráidbhaile a neartú agus a chomhdhlúthú.

### Tithíocht

In 2016 bhí 243 teaghais sa sráidbhaile agus bhí 55% díobh seo úinéir-áitithe, céatadán atá díreach faoi bhun an chéatadáin náisiúnta (59.2%). Níl ach méid teoranta forbairt nua déanta ó 2016 bunaithe ar mheasúnú atá déanta ar shonraí atá ar fáil sa Logeolaire. Tá dhá scéim

tithíochta shuntasacha sa sráidbhaile, *Mullaly Grove* a tógadh idir deireadh na 1970idí agus 1980idí agus *Dromsallagh Woods* a tógadh ag tús na 2000idí.

Breithneofar Forbairt Chónaithe nua de réir na mbeartas agus na gcuspóirí atá sonraithe i gCaibidil 3: Straitéis Spásúil, 4: Tithíocht agus 11: Caighdeáin Bainistíochta Forbartha. Ba cheart d'fhoirm thógtha nua iarracht a dhéanamh an t-ionannas a bhain le scéimeanna tithíochta a forbraíodh roimhe seo a sheachaint agus a chinntiú go gcruthaítear timpeallacht mhealltach ag a bhfuil aitheantas áitiúil. Ba cheart éagsúlacht níos fearr cineálacha, meascán agus dlús tithe a chinntiú, lena n-áirítear láithreáin seirbhísithe a sholáthar le haghaidh tithe aonair, tithíocht shóisialta, inacmhainne agus sciath-thithíocht. Ar an tslí seo, is féidir freastal ar an raon iomlán riachtanas tithíochta, rud a bheidh mar bhonn le struchtúr pobail níos cothromaithe.

### Lár an tSráidbhaile agus Forbairt Gheilleagrach

Tá feidhm thábhachtach chathartha, trádála agus seirbhíse á soláthar ag an sráidbhaile do na cónaitheoirí agus don chúlchríoch mórthimpeall. I measc na seirbhísí atá le fáil sa sráidbhaile tá gruagaire, ionad miondíola agus stáisiún peitril, oifig poist, geallghlacadóir, garáiste, cógaslann, siopa crua-earraí, Tréidlia agus Comhar Creidmheasa. Dúnadh Siopa an Chomharchumainn ag deireadh Shráid Moore le déanaí, agus tá deis ann anois an foirgneamh suntasach seo a athúsáid, agus soláthar seirbhíse sa sráidbhaile a fheabhsú. Tá riosca i gcás tuilte luaite le cúl an láithreáin seo agus ní mór é sin a chur san áireamh in aon athfhorbairt a dhéanfar. Chomh maith leis sin, tá roinnt tithe tábhairne sa sráidbhaile agus ionad fág anseo. Le déanaí, tá maoiniú faighte chun foirgneamh an Chlochair a athúsáid mar Mhol oibre comhionaid agus d'fhéadfaí carrchlós a fhorbairt os comhair aghaidh an fhoirgnimh.

### Oideachas

Tá scoil náisiúnta mheasctha ag freastal ar an sráidbhaile, Scoil Caitríona, agus bhí 66 dalta ar an leabhar rolla in 2019/20. Tá Coláiste Breisoideachais Luimnigh lonnaithe ar sheanchampas

Naomh Mícheál ag an taobh thiar den sráidbhaile. Tá cúrsaí lánaimseartha agus páirtaimseartha á reáchtáil ar an gcampas i rith an lae agus sa tráthnóna i ndisciplíní éagsúla lena n-áirítear Tógáil, Innealtóireacht, Cúram Ainmhithe, Staidéar Altranais agus Cúram agus Oideachas Luathóige. Tá trí sholáthraí cúraim leanaí cláraithe in An Cheapach Mhór a thairgeann cúram ag leibhéal Montessori mar aon le seirbhísí iarscoile.

### Pobal agus Áineas

Tá roinnt saoráidí pobail ar fáil sa sráidbhaile lena n-áirítear Eaglais Chaitliceach Rómhánach, ionad pobail, leabharlann phoiblí, Stáisiún Dóiteáin, Stáisiún an Gharda Síochána agus saoráidí Cúraim Sláinte Pobail FSS. Chomh maith leis sin tá Cumann na mBailte Slachtmhara, an ICA agus Cumann Stairiúil ag obair go gníomhach sa sráidbhailte. Tá saoráidí spóirt ar fáil ag an taobh thoir den sráidbhaile taobh leis an ionad pobail, áit a bhfuil Club Peile Cheiltigh na Ceapaí Móire bunaithe mar aon leis an áit súgartha phoiblí. Tá Club CLG na Ceapaí Móire suite níos faide amach ar Bhóthar an Dúin.

Tá spás taitneamhachta poiblí ar fáil ag an páirc na habhann sa sráidbhaile. Tá deis ann radharc níos fearr ar an abhann a chur ar fáil do thithe in Ardán Mhuire. Chomh maith leis sin, tá deiseanna ann limistéar taitneamhachta beag a sholáthar ag an acomhal idir an Phríomhshráid agus Sráid Moore, limistéar tírdhreachaithe ina mbeidh mionpháirc le crainn agus áit le suí.



Figiúr V2.1 – Sampla d'oibreacha uasghrádaithe a d'fhéadfaí a dhéanamh

### Athghiniúint agus Athnuachan

Tá fianaise ar fholúntas agus dearóiliú le fáil sa sráidbhaile, go háirithe feadh Shráid Moore. Tá cuid de na foirgnimh seo an-fheiceálach agus ciallaíonn siad leis an drochbhail atá ar an sráidbhaile. Tá Fógraí láithreáin thréigthe eisithe le haghaidh cuid de na foirgnimh seo, tá cuid acu ceannaithe ag an gComhairle, agus is deis iontach é seo athfhorbairt agus athnuachan a dhéanamh i lár an tsráidbhaile.

Tá láithreán inlíonta ag cúl Shráid Moore sainaitheanta mar dheis d'fhorbairt chónaithe agus chruthódh sé sin agus an teach altranais atá ceadaithe a thógáil ag an suíomh seo beocht nua sa cheantar seo. Ar an gcuma chéanna, chabhródh athfhorbairt na sean-uachtarlainne ag deireadh Shráid Moore, áit a d'fhéadfaí 10 n-aonad cónaithe neamhspleách a thógáil, le hathnuachan an cheantair seo freisin. Deis é athúsáid seanfhoirgneamh Chlochar na Trócaire feadh na Príomhshráide seirbhísí nua agus feabhsaithe a chur ar fáil sa sráidbhaile.

## Oidhreacht

Stíl ailtireachta a bhaineann leis an 19ú haois dhéanach den chuid is mó atá le fáil sa sráidbhaile, tithe sraithe agus roinnt úsáidí miondíola ar urlár na talún, leagan amach simplí líneach sráide. Tá 19 nDéanmhas Cosanta sa sráidbhaile. Le cois na ndéanmhas cosanta sin tá 3 dhéanmhas liostaithe ar Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (NIAH).

## Riosca i gcás Tuilte

Mar chuid den obair ullmhúcháin a rinneadh do chriosú na lonnaíochta seo, ullmhaíodh Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte agus tá limistéar mór tuilte sainaitheanta ag an taobh thoir-thuaidh den sráidbhaile den chuid is mó agus feadh chosán na hAbhann. Baineadh tairbhe as cur chuige réamhchúramach agus déanfar na tailte seo a chriosú le húsáid mar spás oscailte agus d'úsáid talmhaíochta.

## Bonneagar

Chomh fada is a bhaineann le Bonneagar, tá acmhainn spártha sainaitheanta sa soláthar uisce phoiblí agus san Ionad Cóireála Fuíolluisce. Déantar draenáil Uisce Dromchla trí chórais scartha agus tá an sruth éalaithe ag sní i dtreo na Maoilchearna. Uasghrádaíodh codanna den líonra draenála ar an bPríomhshráid in 2016. Dá réir sin, tá acmhainn leordhóthanach sa líonra uisce agus fuíolluisce chun tacú le fás sa sráidbhaile thar shaolré an Phlean.
Tá seirbhís á soláthar ag Bus Éireann idir An Cheapach Mhór agus Luimneach uair amháin gach lá agus tá seirbhís Nasc Áitiúil á soláthar gach Aoine, idir an sráidbhaile agus Tuar an Daill.

Bunaithe ar eolas atá le fáil sa Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, tá seirbhís leathanbhanda ardluais á cur ar fáil do idir 69% den sráidbhaile.

**Cuspóirí Lonnaíocht na Ceapaí Móire:**


**Cuspóir CA O1 – Athfhorbairt seanfhoirgneamh suntasach** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é:

(a) Tacú le hathúsáid sheanshiopa an Chomharchumainn d'Fhiontraíocht agus d'Fhostaíocht.

(b) Tacú le hathúsáid sheanfhoirgneamh Chlochar na Trócaire agus páirceáil eas-sráide ghaolmhar.

**Cuspóir CA O2 – Forbairt Siúlbhealaí agus Rotharbhealaí** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le forbairt siúlbhealaí i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara áitiúla lena n-áirítear an earnáil phríobháideach, dheonach agus phoiblí. Ní mór go n-áireofaí in aon fhorbairt atá beartaithe taobh le siúlbhealaí/rotharbhealaí dá leithéid nasc-chonairí á áireamh mar chuid den siúlbhealach/rotharbhealach ainmnithe. Beidh forbairtí á ndearadh ar bhealach a chinnteoidh go bhfuil radharc ar naisc bheartaithe ón réadmhaoin ábhartha. Breithneofar cosáin agus naisc rotharbhealaí easbhóthair le haghaidh na Maoilchearna/na Claoidí agus craobh-abhainn le droichead coisithe trasna shruth na craobh-abhann na habhann chomh fada leis an gcarrchlós poiblí atá ann cheana féin.

**Cuspóir CA O3 – Feabhsú na Ríochta Poiblí** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le soláthar tionscadal a bhfuil sé mar aidhm leo an ríocht phoiblí sa sráidbhaile a fheabhsú agus a leithéid a éascú agus go háirithe ag an acomhal idir an Phríomhshráid agus Sráid Moore, lena n-áirítear tacú le soláthar spásanna páirceála agus le tuilleadh forbairtí feadh Pháirc Chois Abhann.




**Limerick Development Plan 2022-2028**

**Cappamore Zoning Map**

**LEGEND**

- Existing Residential
- New Residential
- Residential Serviced Sites
- Education & Community Facilities
- Village Centre
- Local Centre
- Enterprise & Employment
- Agriculture
- Open Space & Recreation
- Utilities
- Settlement boundary


| DATE | DWG. No. |
| --- | --- |
| Adopted June '22 | CDP-V2-L4-CP-01 |

OSI LICENCE No.

© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
Licence No. 2017/09/CCMA/Limerick City & County Council

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council

ATLANTIC EDGE LIMERICK EUROPEAN EMBRACE




**Limerick Development Plan 2022-2028**

**Cappamore Flood Map**

**LEGEND**

- Existing Residential
- New Residential
- Residential Serviced Sites
- Education & Community Facilities
- Village Centre
- Local Centre
- Enterprise & Employment
- Agriculture
- Open Space & Recreation
- Utilities
- Settlement boundary
- Flood Zone A
- Flood Zone B

| DATE | DWG. No. |
| --- | --- |
| Adopted June '22 | CDP-V2-L4-CP-02 |

OSI LICENCE No.
© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
Licence No. 2017/09/CCMA/Limerick City & County Council

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council

ATLANTIC EDGE LIMERICK EUROPEAN EMBRACE

**Iniúchadh Inniúlachta na Lonnaíochta – An Cheapach Mhór**

| An Cheapach Mhór | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh. an Láithreáin** | **Criosú** | **Réimse (ha)** | **Dlús Cónaithe Ghlacthain aghaidh an heicteáir** | **Soilsiú** | **Cosáin** | **Iompar Poiblí** | **Rochtain ar Bhóthar** | **Uisce** | **Bréan** | **Uisce Dromchla** | **Riosca i gcás Tuilte** | **Inlíonadh/ Láithreán Athfhorbraíochta** | **Amlíne / Costas** | **Nótaí más cuí** | **Stádas/ Sraith Seirbhíse** |
| **1** | Cónaithe Nua | 1.327 | 22 aonad /ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | | Forbairt Thiomanta Údaráis Áitiúil | 1 |
| **2** | Láithreáin seirbhísithe | 0.66 | 10 n-aonad/ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | | | 1 |
| **3** | Cónaithe Nua | 1.012 | 22 aonad /ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | S/M | Cead ar marthain do Theach Altranais 16/254 | 1 |

| | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **4** | Cónaithe Nua | 0.289 | 22 aonad/ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | S/M | Cead ar marthain do Chóiríocht do Dhaoine Scothaosta 19/872 | 1 |
| **5** | Cónaithe Nua | 0.18 | 22 aonad/ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | | | 1 |
| **6** | Cónaithe Nua | 0.116 | 22 aonad/ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | | | 1 |

| Eochair eolais | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Seirbhísithe/ Tá | ✓ | Inúsáidte/ Infheistíocht ag teastáil | ! | Níl riachtanach/ Níl | ✘ |
| Gearrthéarmach – soláthar laistigh de 1 - 2 bhliain | G | Meántéarmach – soláthar laistigh de 3 - 5 bhliain | M | Fadtéarmach – I ndiaidh shaolré an Phlean | F |

## Dún

### Comhthéacs na Lonnaíochta

Tá Dún suite ag an taobh thoir de Chontae Luimnigh, thart ar 25km siar ó dheas de Chathair Luimnigh agus gar do Theorainn Luimnigh/Thiobraid Árann ag íochtar Shliabh Eibhlinne. Is ceantar sléibhtiúil agus cnocach é seo agus tá an sráidbhaile féin faoi scáth Shliabh Ghort na gCaorach ag an taobh ó thuaidh/soir ó thuaidh. Tá an lonnaíocht suite go príomha mórthimpeall ar chrosbhóthar agus tá formhór na lonnaíochta suite ag taobh thoir den acomhal seo. Tá Bóthar na Ceapaí Móire, an R505, ag taisteal trí lár an tsráidbhaile agus tá lonnaíocht líneach scaipthe le fáil feadh shráideanna an tsráidbhaile.

Ag an taobh thoir de lár shráidbhaile an Dúin tá seanfhoirgneamh Chlochar na Trócaire suite ar thart ar 0.15ha. Tháinig fás suntasach ar an gclochar agus ar na tailte ag blianta deireanacha an 19ú haois nuair lonnaigh na Bráithre Críostaí sa Dún thart ar an am céanna, tráth ar fhorbair an sráidbhaile mar lárionad foghlama an cheantair.

D'fhág Siúracha na Trócaire an clochar i mí Iúil 2016 agus bhronn siad Meánscoil Cailíní Naomh Seosamh tráth dá raibh agus an clochar in aice láimhe ar an bpobal. Athfhorbraíodh cuid den talamh in 2018 agus bunaíodh Feirm Shóisialta ar an talamh a bhfuil 33 acra ar fad ann agus foirgnimh éagsúla. In 2020, fuarthas cead pleanála le haghaidh scéim chóiríochta 20 aonad do dhaoine scothaosta laistigh d'fhoirgneamh an chlochair ar an láithreán céanna.

Tá raon seirbhísí ar fáil sa Dún lena n-áirítear siopa áise, tithe tabhairne, dhá bhunscoil, meánscoil, stáisiún peitril, saoráidí pobail, saoráidí cúraim leanaí, ionad dochtúra, ionad beir leat agus roinnt siopaí eile. Chomh maith leis sin, tá comhar creidmheasa, oifig poist agus cógaslann ann.

### Fás daonra - faoi láthair agus amach anseo

Is lonnaíocht ainmnithe é Dún sa Daonáireamh agus tá sé suite laistigh de Thoghroinn Dhún Theas. Bhí daonra de 516 sa lonnaíocht in 2016 agus 200 teaghais áitithe agus daonra measctha; tá díreach faoi bhun 60% den daonra faoi aois 44 (Daonáireamh 2016) agus tá 21%

os cionn 65 bliain. D'fhás daonra an tsráidbhaile beagán idir 2011 agus 2016, tráth ar tugadh méadú 1.3% faoi deara.

| Bliain | Daonra |
|---|---|
| 2006 | 439 |
| 2011 | 509 |
| 2016 | 516 |

Foráiltear sa chroístraitéis do leithdháileadh tithíochta de 51 aonad sa sráidbhaile thar thréimhse an phlean. Cinneadh i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar cheadanna pleanála ar marthain laistigh den sráidbhaile go bhfuil cead faighte le haghaidh scéim tithíochta 20 aonad do dhaoine scothaosta ag seanfhoirgneamh Chlochar na Trócaire laistigh de chrios lár an bhaile. Anuas air sin, ag féachaint don líon láithreán talamh cúil tearcúsáidte agus don leibhéal dearóilithe, meastar go bhfuil deiseanna ann chun aonaid chónaithe a fhorbairt i lár an tsráidbhaile.

| An Méid Aonad Tithíochta a Theastaíonn idir 2022 agus Ráithe 2 2028 | Aonaid Tithíochta a theastaíonn at Thalamh criosaithe cónaithe | Talamh Criosaithe Cónaithe Iomlán a theastaíonn (ha) | Aonaid Tithíochta a theastaíonn ar Thalamh Criosaithe Láithreán Seirbhísithe | Talamh Criosaithe Láithreán Seirbhísithe Iomlán (ha) | Aonaid chónaithe bheartaithe laistigh de thailte criosaithe i lár an tsráidbhaile |
|---|---|---|---|---|---|
| 51 | 38 | 1.7ha | 10 | 1ha | 5%=3 |

Tá an phríomhbhéim á leagan sa straitéis forbartha ar thacú le fás comhréireach agus an sráidbhaile a neartú agus a chomhdhlúthú.

### Tithíocht

Is é atá le fáil sa tithíocht sa sráidbhaile meascán de thithe aonair, tithe sraithe agus eastáit tithíochta beaga ina bhfuil idir 12 agus 35 teach. In 2016 bhí 62% de na tithe sa sráidbhaile úinéir-áitithe. Tá na príomhcheantair tithíochta suite feadh na teorann thoir den sráidbhaile agus ag an taobh thuaidh de lár an tsráidbhailte ar Bhóthar na Mainistreach.
Tá seanfhoirgneamh Chlochar na Trócaire sa Dún, talamh agus foirgnimh feirme aistrithe ag an Ord Rialtas chuig CTR Sheirbhísí Tuaithe Bhealach Eabhra (BRS), Comhlacht Tithíochta Ceadaithe cláraithe, agus in 2020, fuarthas cead chun an foirgneamh a fhorbairt mar 20 aonad cónaithe maireachtála cuidithe agus seirbhísí agus taitneamhachtaí coimhdeacha a sholáthar freisin. Chomh maith leis sin, tá cumann tithíochta deonach bunaithe sa Dún ina bhfuil 12 theach, agus tá na tithe seo ar fad in úsáid ag úsáideoirí fadtéarmacha.

Breithneofar Forbairt Chónaithe nua de réir na mbeartas agus na gcuspóirí atá sonraithe i gCaibidil 3: Straitéis Spásúil, 4: Tithíocht agus 11: Caighdeáin Bainistíochta Forbartha. Ba cheart d'fhoirm thógtha nua iarracht a dhéanamh an t-ionannas a bhain le scéimeanna tithíochta a forbraíodh roimhe seo a sheachaint agus a chinntiú go gcruthaítear timpeallacht mhealltach ag a bhfuil aitheantas áitiúil. Ba cheart éagsúlacht níos fearr cineálacha, meascán agus dlús tithe a chinntiú, lena n-áirítear láithreáin seirbhísithe a sholáthar le haghaidh tithe aonair, tithíocht shóisialta, inacmhainne agus sciath-thithíocht. Ar an tslí seo, is féidir freastal ar an raon iomlán riachtanas tithíochta, rud a bheidh mar bhonn le struchtúr pobail níos cothromaithe. Sa Dún, tá 2.7 heicteár de thalamh ar fad ag teastáil d'fhorbairt chónaithe.

### Lár an tSráidbhaile agus Forbairt Gheilleagrach

Tá ról an tsráidbhaile chomh fada is a bhaineann le seirbhísí, bonneagar sóisialta agus pobail agus saoráidí tráchtála/miondíola a sholáthar don cheantar mórthimpeall sainaitheanta. Sa chomhthéacs seo, príomhphrionsabal forbartha den Phlean Forbartha é tacú le forbairt agus

beocht lár an tsráidbhaile. Is é Dún an lárionad oideachais atá ag freastal ar chúlchríoch mhór agus tá mic léinn ó 16 bhunscoil fhriothálacha dhifriúla ag freastal ar iar-bhunscoil an tsráidbhaile.

Tá na deiseanna fostaíochta sa sráidbhaile ag brath ar an tairiscint mhiondíola agus seirbhíse agus ar na saoráidí oideachais sa cheantar. Tá roinnt miondíoltóirí beaga agus soláthraithe seirbhíse lena n-áirítear búistéir, siopa nuachtán, stáisiún peitril, garáiste, siopa crua-earraí, cógaslann, tithe tábhairne, gruagaire agus ionaid beir leat, na príomhfhoinsí fostaíochta sa sráidbhaile. I measc na saoráidí oideachais, sláinte agus pobail tá ionad sláinte, dhá bhunscoil, meánscoil, réamhscoil pobail agus seirbhísí cúraim leanaí príobháideach. Tá an Fheirm Shóisialta freagrach as cáilíocht QQI Leibhéal 4 san Fhás Orgánach don Obair agus Saol agus tá sé beartaithe aige roinnt gearrchúrsaí agus ceardlann breise a eagrú mar aon le turais lae do scoileanna agus d'eagraíochtaí eile

Chomh maith leis sin, reáchtálann Feirm Shóisialta an Dúin margadh ar an láthair áit a bhfuil táirgí orgánacha á ndíol, agus tá earraí á gcur ar fáil do shiopaí sláinte agus á seachadadh trí thionscnamh na mBianna Comharsanachta. Tá earraí lámhdhéanta agus earraí siúinéireachta á ndíol ón suíomh céanna ag Seid na bhFear freisin. Tá an-fhorbairt tagtha ar an bhFeirm Shóisialta agus is lárionad atá ann anois chun bia ceardaí a fhás agus don earnáil cheardaíochta thraidisiúnta sa sráidbhaile.

### Oideachas

Tá iar-bhunscoil mheasctha agus dhá bhunscoil ag freastal ar an sráidbhaile. Bunaíodh an iar-bhunscoil, Scoil na Tríonóide Naofa nuair a cónascadh Meánscoil Naomh Seosamh (Clochar na Trócaire), Scoil Fhiontain (CBS) agus Coláiste Naomh Mícheál (Coiste Gairmoideachais Luimnigh) in 2013 agus tá an Scoil seo ag freastal ar phobail oirthear Luimnigh agus iarthar Thiobraid Árann. I láthair na huaire, tá 636 mac léinn (2019/2020) ag freastal ar an scoil agus tá spás sa scoil le haghaidh suas le 850 dalta. Tá Scoil Náisiúnta Chlochair Dhúin ag feidhmiú ar bhonn comhoideachais ó rang na Naíonán Sóisearach go dtí Rang a hAon agus ó Rang a Dó go dtí Rang a Sé, is cailíní amháin atá sna ranganna. Tá 120 mac léinn cláraithe sa scoil

(2019/2020). Is é an dara bunscoil i nDún Scoil na mBráithre, bunscoil do bhuachaillí a bhfuil 56 mac léinn (2019/2020) ag freastal uirthi.

### Pobal agus Áineas

Tá roinnt saoráidí pobail le fáil sa Dún agus raon seirbhísí lena n-áirítear Oifig Poist, áit súgartha, Páirc CLG, Séipéal, Ionad Sláinte, Ionad Pobail agus Coimpléasc Spóirt. Tá roinnt eagraíochtaí deonacha gníomhacha bunaithe sa sráidbhaile lena n-áirítear club óige, comhairle óige, Seid na bhFear agus grúpa Bailte Slachtmhara. Tá an-tóir ag muintir na háite ar agus tá neart úsáide á baint acu as an tsiúlóid lúibe atá le fáil mórthimpeall ar thailte CLG.

Chomh maith leis sin, tá an sráidbhaile taobh le Coillte Chill Mhaoláin, taitneamhacht thábhacht agus siúlbhealach áitiúil a bhfuil tóir air atá gar do lár an tsráidbhaile agus tá dhá phointe rochtana ar Bhóthar na Ceapaí Móire agus ar Bhóthar an Tóchair. Fuarthas maoiniú in 2020 chun an chonair seo a uasghrádú, faoi Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte.

### Athghiniúint agus Athnuachan

Tá deiseanna forbartha le fáil ar láithreáin thearcúsáidte agus fholmha ar an bPríomhshráid agus ar thailte i lár an tsráidbhaile atá criosaithe le haghaidh athfhorbairt. Tá cuid de na foirgnimh seo an-fheiceálach mar gheall ar a scála agus éadanais sráide mhóra, nó de bhrí go bhfuil siad ag acomhail agus, dá réir sin, i dteannta a chéile cuireann siad leis an drochbhail atá ar an sráidbhaile. Tá roinnt aghaidheanna siopa mealltacha sa Dún, a chuireann go mór le carachtar uathúil an tsráidbhaile. Spreagann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh oibreacha cothabhála a dhéanamh ar aghaidheanna siopa bunaidh nó aghaidheanna siopa traidisiúnta a athchruthú, sa chás nach bhfuil na haghaidheanna atá ann faoi láthair oiriúnach. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag obair le húinéirí réadmhaoine chun cuma an tsráidbhaile a fheabhsú.

## Oidhreacht

Tá oidhreacht ailtireachta shaibhir le fáil sa Dún, éadanais sráide mealltacha agus ailtireacht eaglasta.  Tá 10 nDéanmhas Cosanta laistigh de theorainn na lonnaíochta a meastar luach ailtireachta, stairiúil nó teicniúil a bheith ag baint leo agus atá ainmnithe ar Thaifead na nDéanmhas Cosanta. Le cois na ndéanmhas cosanta sin, tá 23 déanmhas liostaithe ar Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta. Tá trí shéadchomhartha taifeadta sa sráidbhaile.

## Riosca i gcás Tuilte

Tá Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte ullmhaithe mar chuid den obair ullmhúcháin a rinneadh don Phlean agus tá tailte laistigh den sráidbhaile sainaitheanta mar thailte lena mbaineann riosca i gcás tuilte.  Tá impleachtaí aige seo ar chriosú talamhúsáide agus ghlac an Chomhairle le cúr chuige réamhchúramach i ndáil le criosú tailte a bhfuil riosca i gcás tuilte luaite leo agus cuirfear an cur chuige sin san áireamh nuair a bheidh na tailte seo á gcriosú. Dá réir sin, ní dhéanfar na tailte seo a chriosáil ach mar spás oscailte agus d'úsáid talmhaíochta amháin.

## Bonneagar

Tá srianta bonneagair le tabhairt faoi deara sa sráidbhaile, srianta a bhfuil tionchar acu ar an bpoitéinseal atá ag an sráidbhaile fás amach anseo. Chomh fada is a bhaineann le hacmhainn uisce, tá fadhbanna leanúnacha ag baint leis an soláthar uisce sa sráidbhaile, rud atá ag cruthú fadhbanna nuair a bhíonn an aimsir te.  Tá maoiniú lorgtha ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh faoi Chláir na mBailte agus Sráidbhailte Beaga, a riar ag Uisce Éireann, chun iarracht a dhéanamh dul i ngleic leis an bhfadhb. Samhlaítear go gcuirfear oibreacha uasghrádaithe i gcrích le linn shaolré an phlean seo. Táthar ag déileáil le huisce stoirme laistigh de chóras páirtnasctha agus tá an sruth éalaithe ag dul i dtreo sruth áitiúil. Tá acmhainn spártha ar fáil san ionad cóireála fuíolluisce chun freastal ar an bhfás daonra atá sainaitheanta sa Phlean.

Chomh fada is a bhaineann le cúrsaí iompair, tá seirbhís bus á soláthar ag Bus Eireann ó Chrois na Rae (ag freastal ar Dhún) chomh fada le Cathair Luimnigh, uair sa lá, Luan go hAoine, agus tá dhá sheirbhís ar fáil ar an Satharn. Tá *Kelly Travel* freagrach as Bealach 319 ar an Déardaoin agus Satharn, seirbhís a fhreastalaíonn ar Dhún agus soláthraíonn Nasc Áitiúil seirbhís fillte chomh fada le Luimneach gach Aoine.

Bunaithe ar eolas atá le fáil sa Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, tá seirbhís leathanbhanda ardluais á cur ar fáil do 77% den lonnaíocht.

**Cuspóirí Lonnaíocht Dhúin:**


**Cuspóir DN O1 – Athfhorbairt Chlochar Shiúracha na Trócaire** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le hathfhorbairt Chlochar Shiúracha na Trócaire agus le forbairt leanúnach Fheirm Shóisialta Dhúin.

**Cuspóir DN O2 – Forbairt Siúlbhealaí** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le siúlbhealach lúibe Chill Mhaoláin agus naisc, treochomharthaíocht, comharthaíocht agus pointí rochtana sa sráidbhaile a fheabhsú.

**Cuspóir DN O3 – Uasghráduithe ar an Ríocht Phoiblí** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le réasúnú spásanna páirceála do charranna ar an bPríomhshráid agus deiseanna a lorg chun an ríocht phoiblí a fheabhsú, ag brath ar acmhainní a bheith ar fáil.

# Limerick Development Plan 2022-2028

## Doon Zoning Map




LEGEND


- Existing Residential
- New Residential
- Residential Serviced Sites
- Education & Community Facilities
- Village Centre
- Enterprise & Employment
- Agriculture
- Open Space & Recreation
- Settlement boundary

| DATE | DWG. No. |
|---|---|
| Adopted June '22 | CDP-V2-L4-DN-01 |

OSI LICENCE No.

© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
Licence No. 2017/09/CCMA/Limerick City & County Council

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council
LIMERICK




**Limerick Development Plan 2022-2028**

**Doon Flood Map**

LEGEND

- Existing Residential
- New Residential
- Residential Serviced Sites
- Education & Community Facilities
- Village Centre
- Enterprise & Employment
- Agriculture
- Open Space & Recreation
- Settlement boundary
- Flood Zone A
- Flood Zone B

| DATE | DWG. No. |
|---|---|
| Adopted June '22 | CDP-V2-L4-DN-02 |

OSI LICENCE No.


© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
Licence No. 2017/09/CCMA/Limerick City & County Council


Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council

**Iniúchadh Inniúlachta na Lonnaíochta – Dún**

| Dún | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Uimh. an Láithreáin | Criosú | Réimse (ha) | Dlús Cónaithe Ghlactha in aghaidh an heicteáir | Soilsiú | Cosáin | Iompar Poiblí | Rochtain ar Bhóthar | Uisce | Bréan | Uisce Dromchla | Riosca i gcás Tuilte | Inlíonadh/ Láithreán Athfhorbraíochta | Amlíne / Costas | Nótaí más cuí | Stádas/ Sraith Seirbhíse |
| 1 | Cónaithe Nua | 1.73 | 22 n-aonad/ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ! | ✓ | ! | ✗ | ✓ | | Cead faighte le haghaidh 25 aonad 16/530 | 1 |
| 2 | Láithreáin Seirbhíse Cónaithe | 0.967 | 10 n-aonad/ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ! | ✓ | ! | ✗ | ✓ | | | 1 |

| Eochair eolais | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Seirbhísithe/ Tá | ✓ | Inúsáidte/ Infheistíocht ag teastáil | ! | Níl riachtanach/ Níl | ✘ |
| Gearrthéarmach – soláthar laistigh de 1 - 2 bhliain | G | Meántéarmach – soláthar laistigh de 3 - 5 bhliain | M | Fadtéarmach – I ndiaidh shaolré an Phlean | F |

## Drom Collachair

## Comhthéacs na Lonnaíochta

Tá Drom Collachair suite 48km siar ó dheas de Chathair Luimnigh, 16km soir ó dheas ó An Caisleán Nua agus thart ar 2km ón teorainn le Contae Chorcaí. Ciallaíonn an logainm *Drom Collachair* iomaire coill nó cnoc fada. Tá Drom Collachair suite ar an teorainn idir réigiún ísealchríche lárnach agus réigiún ardtalaimh ag an taobh thiar den chontae. Ritheann an *Ahavarragh* tríd na gcuid thiar den sráidbhaile agus téann seo isteach sa in An Daoil 5km síos an abhainn. Sníonn Sruth na Ceathrún Airde tríd an gcuid thoir den sráidbhaile agus nascann sé leis an *Ahavarragh* síos an abhainn sa sráidbhaile.

Is í An Chearnóg croílár nó fócasphointe an tsráidbhaile agus is amhlaidh atá ó thús na 1600idí. Is fianaise é cruth diamaint na Cearnóige ar an bplandáil a bhí sa sráidbhaile roimhe seo agus tá sláine na Cearnóige fós le feiceáil, fianaise ar fhorbairt stairiúil an tsráidbhaile. Tá timpeallacht uirbeach stairiúil na Cearnóige mar bhonn le carachtar an tsráidbhaile, tá na príomhshráideanna leathan agus tá neart foirgneamh dhá urlár le fáil ann, foirgnimh a tógadh san 18ú agus sa 19ú haois den chuid is mó, ach tá leibhéil áirithe folúntais agus dearóilithe le tabhairt faoi deara freisin. Tá an sráidbhaile ar fad ag eascairt ó An Chearnóg agus forbartha feadh go leor bóithre isteach a thagann le chéile in An Chearnóg.

Tá feidhm thábhachtach chathartha agus seirbhíse á comhlíonadh ag an sráidbhaile do na cónaitheoirí agus don chúlchríoch mórthimpeall. Ainneoin go bhfuil daonra an tsráidbhaile réasúnta íseal, tá neart taitneamhachtaí le fáil sa sráidbhaile atá le fáil in ionaid uirbeacha níos mó agus tá sé inmhianaithe na seirbhísí a chothabháil agus a fhorbairt laistigh den sráidbhaile agus deiseanna fostaíochta a fheabhsú chun freastal ar an bpobal.



**Figiúr V2.2 – Cearnóg Dhrom Collachair**

Cúis bhróid do Dhrom Collachair gur ann a bunaíodh an chéad uachtarlann chomharchumainn a cláraíodh ar an 6 Meitheamh 1889. Níor mhair an uachtarlann i bhfad, ach sampla maith a bhí ann don chuid eile den tír, fianaise ar na buntáistí a bhaineann le gluaiseacht an chomharchumainn. Forbraíodh an Músaem Déiríochta Náisiúnta agus Ionad Oidhreachta ann, ach tá an tsaoráid seo dúnta anois faraor mar gheall ar easpa maoinithe agus líon turasóirí.

## Fás daonra - faoi láthair agus amach anseo

Is lonnaíocht ainmnithe é Drom Collachair sa Daonáireamh agus tá sé suite laistigh de 4 Thoghroinn - Ros na Réileán, Cúla Buí, An Cheathrú Aird Thoir agus An Cheathrú Aird Thiar. Bhí 518 duine ina gcónaí sa lonnaíocht in 2016 agus bhí 220 teaghais áitithe sa lonnaíocht an t-am sin. Is fianaise é seo ar laghdú 30 duine i gcomparáid le Daonáireamh 2011, tráth a raibh an daonra cothrom le 548 duine. Laghdaigh an daonra i nDrom Collachair 5.4% i rith thréimhse idirdhaonáirimh 2011 – 2016, agus sa tréimhse idir 2006 – 2011 tugadh méadú iomlán daonra de 4.5% faoi deara. Tá daonra níos sine sa sráidbhaile, tá 19% os cionn 70 bliain d'aois.

| Bliain | Daonra |
|---|---|
| 2006 | 524 |
| 2011 | 548 |
| 2016 | 518 |

Foráiltear sa chroístraitéis do leithdháileadh tithíochta de 54 aonad thar thréimhse an phlean. Cinneadh, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar cheadanna pleanála ar marthain sa sráidbhaile, nach bhfuil aon aonaid thiomanta sa sráidbhaile. Ag féachaint do chainníocht na láithreán talamh cúil tearcúsáidte agus don leibhéal dearóilithe, measta go bhfuil deiseanna ann chun aonaid chónaithe a fhorbairt i lár an bhaile, dá réir sin, leithdháiltear 15% den fhás thar thréimhse an phlean d'fhorbairt i gcriosú lár an tsráidbhaile, agus déanfar an chuid eile den fhorbairt laistigh de lorg tógtha an tsráidbhaile.

| An Méid Aonad Tithíochta a Theastaíonn idir 2022 agus Ráithe 2 2028 | Aonaid Tithíochta a theastaíonn at Thalamh criosaithe cónaithe | Talamh Criosaithe Cónaithe Iomlán a theastaíonn (ha) | Aonaid Tithíochta a theastaíonn ar Thalamh Criosaithe Láithreán Seirbhísithe | Talamh Criosaithe Láithreán Seirbhísithe Iomlán (ha) | Aonaid chónaithe bheartaithe laistigh de thailte criosaithe i lár an tsráidbhaile |
|---|---|---|---|---|---|
| 54 | 37 | 1.7 | 10 | 1 | 15%=8 |

Tá an phríomhbhéim á leagan sa straitéis forbartha ar thacú le fás comhréireach agus an sráidbhaile a neartú agus a chomhdhlúthú. Spreagfar forbairt tithe ar chórais chóireála aonair, de réir Chuspóir CGR O15 i gCaibidil 3 ar thailte atá criosaithe le haghaidh láithreán

seirbhísithe ar bhonn gearrthéarmach agus meántéarmach mar gheall ar na srianta bonneagair atá le tabhairt faoi deara sa sráidbhaile.

### Tithíocht

Tá formhór na forbartha tithíochta suite i scéimeanna tithíochta ar na bóithre isteach chuig an sráidbhaile. Áirítear ina measc *Hillside*, *Carroward Heights*, *Glen Coille*, Páirc Iósaif, *Buckley's Terrace*, *Dr. Newman Place*, Páirc Iósaif, *Hazel Avenue*, Ros na Réileán agus *Dr. Ambrose Court*. Chomh maith leis sin, tá roinnt réadmhaoin chónaithe le fáil i lár an tsráidbhaile; ach tá roinnt acu folamh agus tá drochbhail orthu.

### Lár an tSráidbhaile agus Forbairt Gheilleagrach

Is sráidbhaile mhór rathúil agus bisiúil é Drom Collachair, féinchothabhálach ar go leor bealaí de bhrí go bhfuil neart gnóthaí agus fiontar bunaithe ann, agus go bhfuil go leor daoine fostaithe go háitiúil agus ón gcúlchríoch mórthimpeall. Soláthraíonn fostóirí cosúil le Goggin and Buckley, bácúis Twomey agus Brudairs agus Weener Plastics Ltd. deiseanna fostaíochta tábhachtacha sa sráidbhaile.

Tarraingíonn an raon éagsúil seirbhísí agus gnóthaí sa sráidbhaile, aird ar na feidhmeanna tábhachtacha geilleagracha, sóisialta agus cathartha atá á gcomhlíonadh sa sráidbhaile don phobal agus do na ceantair mórthimpeall, lena n-áirítear; comhar creidmheasa, miondíoltóir áise mór, cógaslanna, roinnt tithe tabhairne, stáisiún peitril, adhlacóirí, gruagaire, dhá bhácús, siopaí glasraí úra agus garraíodóireachta, siopa éadaitheoireachta, caifé, bialanna, oifig poist, siopa soláthairtí feirme, Leaba & Bricfeasta agus seirbhís deisiúcháin carranna. I measc na seirbhísí gairmiúla atá á gcur ar fáil sa sráidbhaile tá ceantálaí, coslia, díoltóir seandachtaí agus tréidlia. I measc na saoráidí oideachais, sláinte agus pobail tá ionad leighis, ionad sláinte, fiaclóir, bunscoil, coláiste pobail dara leibhéil, ionad faoisimh, ionad lae agus stáisiún an Gharda Síochána. Chomh maith leis sin, tá coláiste talmhaíochta sa sráidbhaile ar a dtugtar an Coláiste Orgánach agus ionad fiontraíochta ar imeall an tsráidbhaile. Tá Caisleán Ghort na

Tiobraide lonnaithe gar don sráidbhaile, caisleán atá suite ar eastát faoi choillte 200 acra, agus is féidir le daoine an caisleán a ligean ar cíos agus bainiseacha a reáchtáil ann, agus soláthraítear cóiríocht agus seirbhísí lónadóireachta d'imeachtaí freisin.

Tá deis ag Drom Collachair a thairiscint turasóireachta a fhorbairt, bunaithe ar oidhreacht an tsráidbhaile, Caisleán Ghort na Tiobraide, a bhfuil cúlra saibhir stairiúil aige agus arb ionann é agus áit chónaithe dúchasach an Tiarna agus an Bhantiarna Muskerry agus tá deiseanna ann freisin tairbhe a bhaint as oidhreacht na mbailte agus sráidbhailte mórthimpeall in Iarthar Luimnigh.

### Oideachas

Tá saoráidí oideachais náisiúnta, meánscoile agus iar-bhunscoile le fáil sa sráidbhaile; Scoil Náisiúnta Naomh Iósaif a raibh 87 dalta ag freastal uirthi in 2019/2020 agus Coláiste Pobal Hazelwood a raibh 569 mac léinn ag freastal air in 2019/2020, agus is scoileanna measctha iad. Ó glacadh leis an bPlean Forbartha atá in úsáid faoi láthair, tá roinnt forbairtí déanta i gColáiste Pobail Hazelwood, lena n-áirítear síneadh mór curtha leis an scoil chun foirgneamh aonair a sholáthar, ina bhfuil seomraí ranga le haghaidh ranganna teicniúla agus forbraíodh ball iománaíochta freisin. Chomh maith leis sin, tá réamhscoil pobail bunaithe agus tá An tIonad Glas, Coláiste Orgánach Dhrom Collachair ag feidhmiú sa sráidbhaile. Tá breis is 600 mac léinn ag freastal ar an gColáiste faoi láthair, iad ag tabhairt faoi roinnt cúrsaí tríú leibhéal deimhnithe náisiúnta, lánaimseartha agus páirtaimseartha, atá dírithe ar an ngairneoireacht orgánach agus ar inbhuanaitheacht.

Tá an leabharlann i nDrom Collachair suite ar shuíomh thubaiste Dhrom Collachair, áit ar cailleadh 48 duine, i bpictiúrlann sheiftithe ar an 5 Mheán Fómhair 1926, agus tá Cros Cheilteach le fáil ag an láithreán a cuireadh in airde i gcuimhne ar íospartaigh na tragóide.

## Pobal agus Áineas

Tá moladh tuillte ag an earnáil dheonach i nDrom Collachair as forbairtí suntasacha a dhéanamh sa sráidbhaile le blianta anuas. Áirítear i measc na dtionscnamh seo ionas faoisimh agus cúraim lae a fhorbairt, scéimeanna tithíochta deonacha, halla pobail, réamhscoil pobail agus an Músaem Déiríochta Náisiúnta. Chomh maith leis sin, soláthraíonn an earnáil dheonach roinnt aonad gnó beag taobh leis an músaem i gcroílár an tsráidbhaile. Tá carnabhal Dhrom Collachair á eagrú ag an bpobal áitiúil gach bliain ó na 1940idí. Chomh maith leis sin, tá Coiste Bailte Slachtmhara ag feidhmiú sa sráidbhaile.

Tugadh cead do Chomhairle Pobail Dhrom Collachair chun Páirc a fhorbairt in 2018 agus tugadh cead mionathraithe ina dhiaidh sin 2020, a áirítear ann siúlbhealach feadh an *Ahavarragh*. Tá tús curtha leis na hoibreacha ag an láithreán ach tá stop curtha leis an obair faoi láthair. Soláthróidh an pháirc taitneamhacht luachmhar don sráidbhaile, lena n-áirítear gairdín céadfaí agus siúlbhealach laistigh den pháirc, a d'fhéadfaí a fhorbairt mar shiúlóid lúibe laistigh den sráidbhaile. I measc na gclubanna spóirt gníomhacha atá le fáil sa cheantar tá club CLG Dhrom Collachair-Bhéal an Átha agus club cispheile Ghort na Tiobraide, agus tá saoráidí á roinnt acu le Béal an Átha, sráidbhaile in aice láimhe.

## Athghiniúint agus Athnuachan

Tá leibhéal ard folúntais agus dearóilithe le tabhairt faoi deara ar fud an tsráidbhaile. Tá cuid de na foirgnimh seo an-fheiceálach mar gheall ar a scála agus éadanais sráide mhóra, nó de bhrí go bhfuil siad ag acomhail agus, dá réir sin, i dteannta a chéile cuireann siad leis an drochbhail atá ar an sráidbhaile. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag obair le húinéirí réadmhaoine chun cuma an tsráidbhaile a fheabhsú.

Tá tús curtha ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le Plean Ríochta Poiblí agus Turasóireachta do Dhrom Collachair, a áirítear ann tograí chun an ríocht phoiblí agus An Chearnóg a fheabhsú, lena n-áirítear bainistíocht agus moilliú tráchta, naisc ar fud an

tsráidbhaile a fheabhsú agus iarracht a dhéanamh deiseanna a bhaineann leis na mbonneagar glas a fheabhsú.

### Oidhreacht

Is sráidbhaile meánaoiseach é Drom Collachair, agus meastar go ndearnadh an chéad tagairt riamh do Dhrom Collachair sa bhliain 1160, i Leabhar Laighean, agus áirítear i measc na dtaifead stairiúil eile tagairtí in Westropp (1201), Munster Journal (1751). I rith na 1880idí, d'fhorbair An Chearnóg atá le feiceáil againn inniu le foirgnimh sraithe dhá urlár tógtha go díreach ar an tsráid agus plotaí cúnga fada. Bhí feidhm thráchtála thábhachtach á comhlíonadh ag an sráidbhaile an t-am sin tráth ar osclaíodh *Bank of Munster and Leinster* agus an Oifig Poist sna 1830idí. Tógadh Séipéal Caitliceach Rómhánach San Parthalán sa bhliain 1824, agus ina dhiaidh sin tógadh an teach cúirte agus foirgnimh na huachtarlainne níos déanaí san aois sin. Faoin 20ú haois, thosaigh an sráidbhaile ag forbairt feadh na bpríomhbhóithre isteach, forbraíodh an scoil náisiúnta agus Stáisiún an Gharda Síochána, agus in 1962, osclaíodh monarcha *Irish Dresden* sa sráidbhaile áit a raibh deilbhíní gleoite á ndéanamh, agus bhí an mhonarcha oscailte sa sráidbhaile go dtí 2009.

Tá 9 nDéanmhas Cosanta laistigh den sráidbhaile, a meastar luach ailtireachta, stairiúil nó teicniúil a bheith ag baint leo agus atá ainmnithe ar Thaifead na nDéanmhas Cosanta. Le cois na ndéanmhas seo, tá cúig struchtúr liostaithe ar Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta, sainaitheanta le háireamh ar liosta Thaifead na nDéanmhas Cosanta.

Mar aitheantas ar oidhreacht thógtha uathúil agus shainiúil Dhrom Collachair, tá Limistéir Chaomhantais Ailtireachta ainmnithe bunaithe ar An Chearnóg atá ag síneadh feadh na sráideanna isteach. Meastar go mbaineann suntas le modh eagraithe na bhfoirgneamh mórthimpeall An Chearnóg chomh fada is a bhaineann le hoidhreacht thógtha an tsráidbhaile agus go gcuireann sé le carachtar na háite agus leis an sráid-dreach bunaithe. Níor cheart go

ndéanfaí iarracht i dtograí d'fhoirgnimh nua cur isteach ar bhealach suntasach ar an gcroílár stairiúil agus ba cheart cúlra stairiúil na bhfoirgneamh agus moirfeolaíocht a bplotaí a urramú.

### Riosca i gcás Tuilte

Chun tacú le hullmhú an Phlean, tá Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte curtha i gcrích, ina sainaithnítear go bhfuil riosca i gcás tuilte luaite le tailte taobh le cosán sreafa an *Ahavarragh* i nDrom Collachair.  Ghlac an Chomhairle le cur chuige réamhchúramach maidir le criosú agus ní bhreithneofar aon tailte le haghaidh úsáidí leochaileacha i gceantar atá sainaitheanta mar riosca i gcás tuilte.

### Bonneagar

Tá srian ar an mbonneagar fuíolluisce i nDrom Collachair agus níl aon acmhainn spártha ar fáil, agus tá uasghrádú an chórais sainaitheanta ag Uisce Éireann i bPlean Infheistíochta Uisce Éireann 2020 – 2024 agus tá ag éirí go breá leis an bpróiseas deartha. Samhlaítear go gcuirfear oibreacha uasghrádaithe i gcrích ar an gcóras le linn shaolré an phlean seo. Tá Drom Collachair á sheirbhísiú ó Scéim Soláthair Uisce Réigiún an Iardheiscirt. Tá uisce dromchla scartha den chuid is mó laistigh den sráidbhaile.

Soláthraíonn Nasc Áitiúil roinnt seirbhísí, Luan - Satharn, a nascann Drom Collachair le An Caisleán Nua agus An Ráth.

Tá leathanbhanda ardluais ar fáil laistigh den sráidbhaile.

**Cuspóirí Lonnaíocht Dhrom Collachair:**


**Cuspóir DR O1 – Uasghráduithe Bonneagair –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le forbairt agus feabhsú an bhonneagair uisce agus fuíolluisce sa sráidbhaile i gcomhpháirt le Uisce Éireann.

**Cuspóir DR O2 – An Poitéinseal Turasóireachta a Fheabhsú** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é poitéinseal turasóireachta an tsráidbhaile a fheabhsú trí thacú le forbairt an

bhonneagair agus na saoráidí turasóireachta, lena n-áirítear conair oidhreachta a fhorbairt, a bhainfidh tairbhe as oidhreacht stairiúil agus chultúrtha an tsráidbhaile, ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de laistigh de theorainn an tsráidbhaile.

**Cuspóir DR O3 – Forbairt Siúlbhealaigh –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é iarracht a dhéanamh siúlóid cois abhann a fhorbairt feadh an *Ahavarragh*, tríd an bPáirc agus deiseanna a lorg chun síneadh a chur leis an tsiúlbhealach más féidir, faoi réir acmhainní a bheith ar fáil agus cead a fháil ó úinéirí talún.

**Cuspóir DR O4 – Plean Ríochta Poiblí agus Turasóireachta Dhrom Collachair** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é tograí atá sainaitheanta i bPlean Ríochta Poiblí agus Turasóireachta Dhrom Collachair a chur chun feidhme cosúil le An Chearnóg a uasghrádú, cosáin a leathnú, bearta moillithe tráchta, an bonneagar glas a fheabhsú agus deiseanna turasóireachta a fhorbairt, nuair a bheidh acmhainní ar fáil.




**Limerick Development Plan 2022-2028**

**Dromcolliher Zoning Map**

**LEGEND**

- Existing Residential
- New Residential
- Residential Serviced Sites
- Education & Community Facilities
- Village Centre
- Local Centre
- Enterprise & Employment
- Agriculture
- Open Space & Recreation
- Utilities
- Settlement boundary


| DATE | DWG. No. |
|---|---|
| Adopted June '22 | CDP-V2-L4-DR-01 |

OSI LICENCE No.

© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
Licence No. 2017/09/CCMA/Limerick City & County Council

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council

ATLANTIC EDGE LIMERICK EUROPEAN EMBRACE




# Limerick Development Plan 2022-2028

## Dromcolliher Flood Map

### LEGEND

- Existing Residential
- New Residential
- Residential Serviced Sites
- Education & Community Facilities
- Village Centre
- Local Centre
- Enterprise & Employment
- Agriculture
- Open Space & Recreation
- Utilities
- Settlement boundary
- Flood Zone A
- Flood Zone B

| DATE | DWG. No. |
|---|---|
| Adopted June '22 | CDP-V2-L4-DR-02 |

OSI LICENCE No.

© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
Licence No. 2017/09/CCMA/Limerick City & County Council

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council

**Iniúchadh Inniúlachta na Lonnaíochta – Drom Collachair**

| Uimh. an Láithreáin | Criosú | Achar (ha) | Dlús Cónaithe Ghlacthain in aghaidh an heicteáir | Soilsiú | Cosáin | Iompar Poiblí | Rochtain ar Bhóthar | Uisce | Bréan | Uisce Dromchla | Riosca i gcás Tuilte | Inlíonadh/ Láithreán Athfhorbraíochta | Amlíne / Costas | Nótaí más cuí | Stádas/ Sraith Seirbhíse |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **1.** | Cónaithe Nua | 0.808 | 22 aonad /ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ! | ! | ✓ | ✘ | ✓ | N/B | Uasghrádú WWTP riachtanach | 1 |
| **2.** | Cónaithe Nua | 0.07 | 22 aonad /ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ! | ! | ✓ | ✘ | ✘ | N/B | Uasghrádú WWTP riachtanach | 1 |
| **3.** | Cónaithe Nua | 0.844 | 22 aonad /ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ! | ! | ✓ | ✘ | ✘ | N/B | Uasghrádú WWTP riachtanach | 1 |
| **4.** | Láithreáin Seirbhísithe Chónaithe | 0.773 | 10 n-aonad /ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ! | ! | ✓ | ✘ | ✓ | N/B | Uasghrádú WWTP riachtanach | 1 |

| Eochair eolais | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Seirbhísithe/ Tá | ✓ | Inúsáidte/ Infheistíocht ag teastáil | ! | Níl riachtanach/ Níl | ✗ |
| Gearrthéarmach – soláthar laistigh de 1 - 2 bhliain | G | Meántéarmach – soláthar laistigh de 3 - 5 bhliain | M | Fadtéarmach – I ndiaidh shaolré an Phlean | F |

## Faing

## Comhthéacs na Lonnaíochta

Is sráidbhaile mór eastáit samhla é Faing, a bhfuil naisc stairiúla aige le hiompar tras-Atlantach sa 19ú agus 20ú hAois, agus tá an áit seo ag forbairt mar cheann scríbe turasóireachta mar gheall ar na naisc seo. Tá Faing suite ag íochtar fhánaí foraoise aibí Bhaile na Craige agus Chnoc Pádraig, a chabhraíonn leis an áit a choinneáil ar foscadh. Ag an taobh ó thuaidh den sráidbhaile tá Oileán Fainge, teorainn le cainéal domhainuisce faoi scáth, áit a bhfuil Calafort Fhainge suite. Rinneadh suirbhé ar an sráidbhaile in 1837 agus tá a oiriúnach mar chalafort domhainmhara aitheanta ó shin. D'fhorbair an calafort de réir a chéile sa 19ú haois agus sa lá inniu ann, tá cáil air mar an dara calafort is mó in Éirinn chomh fada is a bhaineann leis an tréchur iomlán/trádáil láimhseáilte. Díol suntais is ea go bhfuil an Calafort aitheanta ag an gCoimisiún Eorpach mar cheann den trí phríomh-chalafort in Éirinn faoin nGréasán tras-Eorpach Iompair (TEN-T) agus ainmnithe mar Leibhéal 1 Calafort lena mbaineann Suntas Náisiúnta sa Bheartas Náisiúnta Calafort.

Idir 1937 agus 1946, bhí Faing ag croílár na haerthráchta tras-Atlantaí tráth a raibh báid aeir ag taisteal trasna an Atlantaigh. B'ionann forbairt aerárthaí talún fadraoin agus oscailt aerfort na Sionainne agus deireadh ré Fhainge ar thús cadhnaíochta sa réimse aerthaistil. Tá oidhreacht fágtha ag an ré seo dá stair a bhfuil fianaise le fáil uirthi i Músaem Bád Aeir Fhainge.

Inniu tá an sráidbhaile ag feidhmiú mar ionad seirbhíse agus miondíola don chúlchríoch mórthimpeall in iarthar Luimnigh agus tá ról tábhachtach fostaíochta aige sa cheantar. Tá go leor den fhostaíocht seo le fáil mórthimpeall ar an gcalafort agus bunaithe ar na gníomhaíochtaí a chuirtear i gcrích ag an gcalafort.

## Fás daonra - faoi láthair agus amach anseo

In 2016 bhí daonra Fhainge cothrom le 520 duine. Sainaithnítear i bhfigiúirí atá curtha ar fáil ag an bPríomh-Oifig Staidrimh gur laghdaigh daonra an tsráidbhaile 4% idir 2011 agus 2016. Bhí tionchar ag geografaíocht Fhainge agus an acmhainn theorainn chun déileáil le heisilteach

ag fás daonra sa sráidbhaile. Tá daonra an tsráidbhaile roinnte go réasúnta cothrom sna cohóirt aoise ach amháin cohórt aoise daoine idir 15-24 bliain d'aois, atá cothrom le 9%, ach ag leibhéal náisiúnta, is ionann an cohórt seo agus 12.1% den daonra iomlán. Díol spéise is ea go bhfuil 19% den daonra 65 bliain d'aois agus níos sine. Tá an ráta seo i bhfad níos airde ná meánráta an Stáit atá cothrom le 13%.

| Bliain | Daonra |
|---|---|
| 2006 | 606 |
| 2011 | 542 |
| 2016 | 520 |

Foráiltear sa chroístraitéis do leithdháileadh tithíochta de 54 aonad sa sráidbhaile thar thréimhse an phlean.

Ag féachaint don líon láithreán talamh cúil tearcúsáidte agus don leibhéal dearóilithe, meastar go bhfuil deiseanna ann chun aonaid chónaithe a fhorbairt i lár an tsráidbhaile.

| An Méid Aonad Tithíochta a Theastaíonn idir 2022 agus Ráithe 2 2028 | Aonaid Tithíochta a theastaíonn at Thalamh criosaithe cónaithe | Talamh Criosaithe Cónaithe Iomlán a theastaíonn (ha) | Aonaid Tithíochta a theastaíonn ar Thalamh Criosaithe Láithreán Seirbhísithe | Talamh Criosaithe Láithreán Seirbhísithe Iomlán (ha) | Aonaid chónaithe bheartaithe laistigh de thailte criosaithe i lár an tsráidbhaile |
|---|---|---|---|---|---|
| 54 | 37 | 1.7 | 9 | .9 | 15% = 8 |

Tá an phríomhbhéim á leagan sa straitéis forbartha ar thacú le fás comhréireach Fhainge agus an baile a neartú agus a chomhdhlúthú. Spreagfar forbairt tithe le córais chóireála aonair, de réir Chuspóir CGR O15 i gCaibidil 3 mar chuid d'fhorbairt tailte criosaithe le haghaidh forbairt chónaithe nua mar gheall ar bhacainní bonneagair sa sráidbhaile.

## Tithíocht

Cuimsítear sa tithíocht sa sráidbhaile meascán de thithe aonair agus tithe sraithe agus forbairtí tithíochta beaga. Tá roinnt scéimeanna tithíochta sa sráidbhaile, lena n-áirítear *Dernish Avenue* agus *Marine Cove* atá lonnaithe ag an dá thaobh d'imeall an tsráidbhaile agus Gleann na Coille agus Ardán Ghleann na Coille atá suite le taobh na Príomhshráide laistigh de chroílár an cheantair. Tuairiscíodh i nDaonáireamh 2016 go raibh 198 teaghlach laistigh den lonnaíocht a bhí sainithe ag an Daonáireamh agus go raibh 75% díobh seo úinéir-áitithe, figiúr a bhí go maith os cionn an mheánfhigiúir náisiúnta (59.2%).

## Lár an tSráidbhaile agus Forbairt Gheilleagrach

Is é Faing ceann de na calafoirt is tábhachtaí in Éirinn agus ciallaíonn saintréithe an chalafoirt seo, calafort domhainmhara ar foscadh, go mbeidh ról tábhachtach aige i bhforbairt Luimnigh agus an réigiúin trí chéile amach anseo. Is é seo an dara Calafort is mó in Éirinn agus déileáiltear ann le breis is 37% den bhulclasta i bPoblacht na hÉireann. Ciallaíonn a Ainmniúchán Eorpach mar chalafort TEN-T go mbeidh príomhról aige, ag leibhéal réigiúnach agus náisiúnta, chomh fada is a bhaineann le ceanglais thrádála sheachtracha gheilleagar na hÉireann a chomhlíonadh, agus is ionann forbairt thráchtála rathúil leanúnach an chalafort agus príomhchuspóir sa chomhthéacs seo. Is príomhthionscnóir geilleagrach é an calafort sa réigiún agus tá an calafort ag déileáil le breis is 10 milliún tona de lasta gach bliain faoi láthair. Sonraítear sa Chreatphlean Comhtháite Straitéiseach d'Inbhear na Sionainne cuspóirí chun cur chuige comhtháite a fhorbairt maidir le gníomhaíocht gheilleagrach a éascú agus tacú le bainistíocht timpeallacht feadh Inbhear na Sionainne. Glactar leis go bhfuil ról lárnach ag Calafort Fhainge sna cuspóirí seo a chomhlíonadh. Nuair a bhí athbhreithniú á dhéanamh ar an leibhéal gníomhaíochta pleanála i bhFaing, ó cuireadh an plean forbartha deiridh i dtoll a chéile, bhí formhór na n-iarratas pleanála a rinneadh agus a cuireadh i gcrích déantar laistigh den Chalafort. I mí Aibreáin 2021, tá dhá láithreán i bhFaing sainaitheanta mar Láithreáin Seveso, *Atlantic Fuels*, Bunaíocht Uas-sraithe agus *Irish Terminals Shannon*, Bunaíocht Íos-

sraithe, dhá láithreán atá lonnaithe laistigh den Chalafort. Is éard atá i gceist le láithreán Seveso láithreán tionsclaíoch a bhfuil fógra curtha aige chuig an Údarás Náisiúnta um Shábháilteacht agus Sláinte Cheirde mar láithreán a chomhlíonann tairseach shonraithe le haghaidh cainníochtaí de shubstaintí guaiseacha mar atá sonraithe i Rialacháin ón gComhphobal Eorpach 2006.

Taobh leis an gCalafort, tá ról an tsráidbhaile chomh fada is a bhaineann le seirbhísí, bonneagar sóisialta agus pobail agus saoráidí tráchtála/miondíola a sholáthar don cheantar mórthimpeall agus d'iarthar Luimnigh sainaitheanta. Ainneoin go bhfuil go leor den fhostaíocht seo mórthimpeall ar an gcalafort agus bunaithe ar na gníomhaíochtaí a chuirtear i gcrích ag an gcalafort, tá roinnt seirbhísí agus gnóthaí áitiúla éagsúla sa sráidbhaile a chruthóidh breis fostaíochta. Áirítear ina measc seo seirbhísí árachais agus airgeadais, gruagaire, ionaid mhiondíola agus stáisiúin pheitril, oifig poist, geallghlacadóir, garáistí, cógaslann, dochtúir teaghlaigh, oifig aturnae, leabharlann phoiblí, stáisiún dóiteáin agus stáisiún an Gharda Síochána, saoráid cúraim sláinte pobail FSS, bunscoil, banc agus comhar creidmheasa. Chomh maith leis sin, tá roinnt tithe tábhairne, bialann agus Músaem Bád Aeir Fhainge sa sráidbhaile. Fianaise ar thábhacht fheidhm turasóireachta an tsráidbhaile é an líon tithe Leaba & Bricfeasta atá le fáil ar an bPríomhshráid.

Tá neart féidearthachtaí ó thaobh cúrsaí turasóireachta ag baint le Faing. Ó tharla go bhfuil An Gleann ainmnithe mar chuid de Bhealach an Atlantaigh Fhiáin tá deis ag Faing turasóirí a mhealladh agus soláthraíonn an N69, N68 agus N18 an bonneagar riachtanach chun dlús a chur le forbairt lúb an inbhir. Tá féidearthachtaí suntasacha ag baint freisin leis an inbhear a úsáid le haghaidh laethanta saoire cúrsála, a d'fhéadfaí a nascadh le gníomhaíocht mhéadaithe long chrúsála, atá le tabhairt faoi deara feadh chósta dheisceart agus iarthar na hÉireann. I láthair na huaire, is féidir dul ar thurais báid ó Fhaing agus ba cheart machnamh a dhéanamh an athuair ar mhinicíocht na dturas seo. Ó tharla go bhfuil club luamhaireachta sa sráidbhaile tá deis ann tuilleadh forbairtí fós a dhéanamh san earnáil mhuirí. Is fianaise é Músaem Eitlíochta agus Muirí Fhainge ar oidhreacht shaibhir Fhainge agus tá ról lárnach aige i dtairiscint turasóireachta Fhainge. Tá deis ann freisin tuilleadh tairbhe fós a bhaint as na

taitneamhachtaí seo agus as oidhreacht shaibhir an tsráidbhaile.  Meastar go leanfaidh an earnáil turasóireacht i bhFaing ag fás

### Oideachas

Tá scoil náisiúnta mheasctha ag freastal ar an sráidbhaile, Scoil Náisiúnta Seanáin, agus bhí 90 dalta ar an leabhar rolla in 2019/20.

### Pobal agus Áineas

Tá roinnt saoráidí pobail agus seirbhísí le fáil i bhFaing lena n-áirítear; Oifig Poist, áit súgartha, Páirc CLG, club sacair, club badmantain, leabharlann, Séipéal, ionad sláinte, ionad pobail mhóir le saoráidí spóirt faoi dhíon agus cúirteanna leadóige faoin aer. Tá roinnt eagraíochtaí deonacha gníomhacha sa bhaile lena n-áirítear club óige, Comhairle Pobail, grúpa Bailte Slachtmhara agus grúpaí seirbhísí sóisialta do sheanóirí.

Bíonn gníomhaíochtaí agus áineas muirí á reáchtáil i gClub Luamhaireachta Fhainge. Bunaíodh an Club sa bhliain 1962 agus tá breis is 130 ball páirteach ann agus tá scoil oiliúna dhuaisbhuaiteach bunaithe freisin atá ag tairiscint cúrsaí do dhaoine óga agus d'aosaigh araon.  Cabhraíonn pontúin ar snámh agus feistithe domhainmhara gur féidir báid a rochtain beag beann ar an taoide.

Chomh maith leis sin, Siúlóid Foraoise Fhainge suite 500 méadar ó lár an tsráidbhaile. Is coillearnach mheasctha atá le fáil anseo, agus tá an fhoraois ar fad suite ar bhreis is 17 n-acra ar bhruacha na Sionainne agus tá limistéir pháirceála agus phicnice le fáil anseo freisin. Tá siúlbhealach sainaitheanta d'Fhaing, a áirítear ann siúlóid lúibe a théann tríd an sráidbhaile agus chomh fada le *Monument Hill*.

## Athghiniúint agus Athnuachan

Tá deis ann láithreáin thearcúsáidte agus fholmha (tráchtáil agus cónaithe) ar an bPríomhshráid agus laistigh den lonnaíocht chriosaithe a athfhorbairt. Láithreán amháin dá leithéid a d'fhéadfaí a fhorbairt é an seanospidéal TB. Spreagfaidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh forbairt láithreán folamh agus tréigthe le haghaidh úsáidí éagsúla miondíola, turasóireacht, cónaithe agus comhlántacha. Tá aird tarraingthe ar an bpointe go bhfuil Fógraí láithreáin thréigthe eisithe le haghaidh roinnt foirgneamh agus go mb'fhéidir go bhféadfaidís a bheith oiriúnach d'fhorbairt agus do chomhdhlúthú chroílár an tsráidbhaile.

Tá treoir le fáil i bPlean Baile Téama Fhainge maidir leis na deiseanna a bhaineann le gnéithe den ríocht phoiblí laistigh den sráidbhaile a fheabhsú. Déanfaidh an Chomhairle iarracht cuspóirí agus tionscnaimh shonracha an Phlean seo a chur chun cinn nuair a bhíonn deiseanna cuí ann agus i gcomhpháirt leis an bpobal áitiúil.

## Oidhreacht

Tá neart sócmhainní nádúrtha agus de dhéanamh an duine i bhFaing, saintréithe den chuid an tsráidbhaile agus sócmhainní arb ionann iad agus fianaise ar stair shaibhir an cheantair. Cuireann a stair mhuirí agus eitlíochta lena uathúlacht freisin. Tá 42 Déanmhas Cosanta sa sráidbhaile a meastar luach ailtireachta, stairiúil nó teicniúil a bheith ag baint leo agus atá ainmnithe ar Thaifead na nDéanmhas Cosanta. Le cois na ndéanmhas cosanta sin, tá 32 déanmhas liostaithe ar Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (NIAH) agus tá dhá shéadchomhartha taifeadta laistigh de theorainn na lonnaíochta. Tá go leor déanmhas sa sráidbhaile déanta d'eisléir agus d'aolchloch ainmhín, tá sclátaí nádúrtha ar na díonta agus tá na fuinneoga déanta d'adhmad, agus tá saiseanna iarainn theilgthe i gcuid acu. Tá rindreáil aoil ar líon suntasach tithe. Mar aitheantas ar oidhreacht thógtha uathúil agus éagsúil Fhainge, tá céatadán suntasach den sráidbhaile ainmnithe mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta.

Tá Faing suite ar bhruacha theas inbhear na Sionainne. De réir ainmniúcháin AE, tá Inbhear na Sionainne ainmnithe mar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta agus Limistéar Cosanta Speisialta. Cinnteoidh aon fhorbairt bheartaithe sa sráidbhaile go mbeidh aird á tabhairt ar stádas caomhnaithe na láithreán sin agus nach mbeidh tionchar díobhálach ag a leithéid d'fhorbairt orthu.

### Riosca i gcás Tuilte

Mar chuid den obair ullmhúcháin a bhain leis an bPlean Forbartha, rinneadh Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte, chun bonn eolais a sholáthar don chriosú talamhúsáide. Tá limistéar mór tuilte sainaitheanta gar don Chalafort. Ní cheadófar ach forbairt atá comhoiriúnach le gníomhaíochtaí Calafoirt agus le 'An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála' ar a leithéid de thalamh agus beidh forbairt den chineál seo faoi réir measúnuithe riosca i gcás tuilte mionsonraithe. Tá na tailte seo criosaithe do ghníomhaíocht a bhaineann leis an Earnáil Mhuirí.

### Bonneagar

Tá srianta bonneagair sa sráidbhaile chomh fada is a bhaineann le forbairt amach anseo, de bhrí nach bhfuil aon acmhainn spártha ag an gcóras séarachais. Tá tús curtha ag Uisce Éireann le dearadh mionsonraithe ionad cóireála fuíolluisce nua, a chuirfear i gcrích laistigh de shaolré an phlean. Cinnteoidh sé seo go mbeidh acmhainn spártha ar fáil. Soláthraítear uisce ó ionad cóireála Uisce Fhainge/Inbhear na Sionainne. Baineann fadhbanna le hacmhainn, go háirithe tréimhsí fada d'aimsir thirim.

Chomh fada is a bhaineann le huisce dromchla, tá an córas sa sráidbhaile roinnte i bpáirt agus níor aithníodh aon fhadhbanna a bhain le spás cloiginn.

Tá an gréasán bóithre náisiúnta (N69) ag freastal go maith ar Fhaing agus i láthair na huaire tá mórscéim bóithre á forbairt idir Luimneach agus Faing, a thacóidh le ról an Chalafoirt agus a áireofar ann seachbhóthar mórthimpeall ar Áth Dara. Chomh maith leis sin, tá seirbhís Bhus

Éireann ag freastal ar an sráidbhaile, Luan go hAoine, chomh fada le Luimneach agus tá seirbhís Nasc Áitiúil ar fáil ar an Aoine atá ag dul chomh fada le Lios Tuathail agus Trá Lí.

Bunaithe ar eolas atá le fáil sa Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, tá seirbhís leathanbhanda ardluais á cur ar fáil do idir 100% den sráidbhaile.

**Cuspóirí Lonnaíocht Fhaing:**

**Cuspóir FO O1 - Acmhainn Bóithre Náisiúnta -** Is cuspóir de chuid na Comhairle é:

a) Acmhainn na líonraí bóithre náisiúnta a chosaint, ag féachaint do threoir ábhartha ón Rialtas lena n-áirítear DoECLG "Treoirlínte maidir le Pleanáil Spásúil agus Bóithre Náisiúnta"(DoECLG, 2012) nuair a bhíonn feidhmeanna an Údaráis Áitiúil á gcomhlíonadh agus a chinntiú nach ndéanann forbairt dochar d'fhorbairt a dhéanfar amach anseo nó nach gcuireann forbairt isteach ar acmhainn an chroílíonra atá beartaithe faoi Rialacháin TEN-T, scéim Bhóthar Fhainge go Luimneach (lena n-áirítear seachbhóthar Áth Dara).

b) A chinntiú go bhfuil gach togra forbartha laistigh de chriosú talamhúsáide 'Tionscal a bhaineann leis an Earnáil Mhuirí' faoi réir Mheasúnú Iompair agus Iniúchadh ar Shábháilteacht Bóithre de réir Chaibidil 3 de Threoirlínte DoECLG maidir le Pleanáil Spásúil agus Bóithre Náisiúnta ag céim an iarratais phleanála.

**Cuspóir FO O2 – Forbairt Chalafort Fhainge** - Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcalafort ar thailte atá criosaithe go cuí i bhFaing agus faoi réir breithniúchán timpeallacht agus na treoirlínte atá sonraithe in 'An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála', agus aon leagan nuashonraithe de, a chomhlíonadh. Beidh máistirphlean ag tacú le haon iarratais ar ghníomhaíochtaí calafoirt agus áireofar ann bearta chun éifeacht na forbartha beartaithe ar áineas cónaithe agus fisiúil an tsráidbhaile a íoslaghdú.

**Cuspóir FO O3 – Plean Baile Téama Fhainge** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é a chinntiú go dtabharfar aird i ngach togra forbartha laistigh den sráidbhaile ar Phlean Baile Téama Fhainge.

**Cuspóir FO O4 – Creatphlean Comhtháite Straitéiseach d'Inbhear na Sionainne –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é a chinntiú go dtabharfar aird i ngach togra forbartha laistigh den sráidbhaile ar Chreatphlean Comhtháite Straitéiseach le haghaidh Inbhear na Sionainne.

**Cuspóir FO O5 – Gníomhaíochtaí Turasóireachta agus Áineasa –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le gníomhaíochtaí turasóireachta agus áineasa laistigh den sráidbhaile, lena n-áirítear siúlbhealach lúibe Fhainge. Ní mór a chinntiú go gcuirtear san áireamh ina leithéid d'fhorbairtí an riachtanas comhtháthú leis an gcuma atá ar an sráidbhaile cheana féin.

**Cuspóir FO O6 – Páirc Chomharsanachta –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le páirc chomharsanachta a bhunú i bhFaing, faoi réir breithniúchán agus acmhainní timpeallachta a bheith ar fáil.


**Cuspóir FO O7 - Líne iarnróid Luimneach go Faing** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é líne iarnróid Luimneach go Faing a chosaint agus cúngach forbairt mhíchuí a sheachaint, a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh d'úsáid na líne amach anseo.

**Cuspóir FO O8 – Plean Bainistíochta Tráchta –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le Plean Bainistíocht Tráchta a fhorbairt d'Fhaing, faoi réir acmhainní a bheith ar fáil agus i gcomhairle le Bonneagar Iompair Éireann.

**Cuspóir FO O9 – Músaem Bád Aeir Fhainge** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le forbairt Músaem Bád Aeir Fhainge agus gníomhaíochtaí/deiseanna coimhdeacha turasóireachta i bhFaing.

**Cuspóir FO O10 – Oidhreacht Sheandálaíoch a Chosaint –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é a chinntiú go gcuimsítear i bhforbairt tailte criosaithe le haghaidh forbairt chónaithe nua, bearta nua chun sláine Chaisleán na Corrghráige a chosaint agus a chaomhnú.

**Cuspóir FO O11 - Uasghráduithe Bonneagair** - Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le forbairt agus feabhsú an bhonneagair uisce agus fuíolluisce sa sráidbhaile, i gcomhpháirt le Uisce Éireann.




# Limerick Development Plan 2022-2028

## Foynes Zoning Map

**LEGEND**

- Existing Residential
- New Residential
- Education & Community Facilities
- Village Centre
- Enterprise & Employment
- Marine Related Industry
- Agriculture
- Open Space & Recreation
- Utilities
- Settlement boundary


| DATE | DWG. No. |
| --- | --- |
| Adopted June '22 | CDP-V2-L4-FY-01 |

OSI LICENCE No.


© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
Licence No. 2017/09/CCMA/Limerick City & County Council


Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council

ATLANTIC EDGE LIMERICK EUROPEAN EMBRACE




**Limerick Development Plan 2022-2028**

**Foynes Flood Map**

**LEGEND**

- Existing Residential
- New Residential
- Education & Community Facilities
- Village Centre
- Enterprise & Employment
- Marine Related Industry
- Agriculture
- Open Space & Recreation
- Utilities
- Settlement boundary
- Flood Zone A
- Flood Zone B

| DATE | DWG. No. |
|---|---|
| Adopted June '22 | CDP-V2-L4-FY-02 |

OSI LICENCE No.

© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
Licence No. 2017/09/CCMA/Limerick City & County Council

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council

**Iniúchadh Inniúlachta na Lonnaíochta – Faing**

| Faing | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh. an Láithreáin** | **Criosú** | **Achar (ha)** | **Dlús Cónaithe Ghlactha in aghaidh an heicteáir** | **Soilsiú** | **Cosáin** | **Iompar Poiblí** | **Rochtain ar Bhóthar** | **Uisce** | **Bréan** | **Uisce Dromchla** | **Riosca i gcás Tuilte** | **Inlíonadh/ Láithreán Athfhorbraíochta** | **Amlíne / Costas** | **Nótaí más cuí** | **Stádas/ Sraith Seirbhíse** |
| 1 | Láithreáin Chónaithe & Seirbhísithe Nua | 3.498 | 10-22 aonad /ha | ! | ! | ✓ | ✓ | ! | ! | ✓ | ✘ | ✘ | N/B | Láithreán chun meascán de Láithreáin Seirbhísithe agus Chónaithe Nua a sholáthar. | 1 |

| Eochair eolais | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Seirbhísithe/ Tá | ✓ | Inúsáidte/ Infheistíocht ag teastáil | ! | Níl riachtanach/ Níl | ✘ |
| Gearrthéarmach – soláthar laistigh de 1 - 2 bhliain | G | Meántéarmach – soláthar laistigh de 3 - 5 bhliain | M | Fadtéarmach – I ndiaidh shaolré an phlean | F |

## An Gleann
## Comhthéacs na Lonnaíochta

Tá An Gleann suite in Iarthar Luimnigh gar do theorainn Chiarraí agus feadh Bhóthar Cósta an N69, arb ionann é agus cuid de Bhealach an Atlantaigh Fhiáin. Tá cearnóg mhargaidh mhór ann, a úsáidtear le haghaidh aontaí agus margaí i rith na bliana, agus tá stair fhada agus shaibhir ag an áit, agus tá cáil air mar shuíochán Ridirí an Ghleanna. Tá fothrach an chaisleán bunaidh an Ghleanna a ndearnadh léigear air in 1601 le fáil sa sráidbhaile. Tógadh caisleán an Ghleanna, atá le feiceáil sa lá inniu ann, sna 1780idí agus is gné shuntasach de thírdhreach an Ghleanna fós iad gairdíní móra agus fearann páirce an chaisleáin.

Inniu, tá Príomhshráid lárnach, leathan Sheoirseach le fáil sa sráidbhaile mar aon le roinnt mhaith foirgneamh stairiúil. Tá oidhreacht éagsúla thógtha, nádúrtha agus chultúrtha le fáil in An Gleann. Tá túr Hamilton suite ar Bhealach agus pointe *Hill of Knockranna*, agus ba sa $19^{ú}$ haois a tógadh é mar thúr amhairc do rásaíocht luamh ar an inbhear agus reáchtáiltear rás luamh bliantúil chaisleán an Ghleanna san fhómhar gach bliain fós. Is sampla breá é ardán Hamilton d'ailtireacht Sheoirseach feadh Bhóthar an Chósta an N69, mar aon leis an gcearnóg ar stíl Sheoirseach agus na foirgnimh chloiche chathartha a tógadh i lár an tsráidbhaile san $18^{ú}$ haois.

I measc an tsaibhris oidhreachta seo atá luaite le Ridirí an Ghleanna, bhí ról lárnach ag an sráidbhaile freisin in iompar Bradáin i rith na 1800idí agus tógadh ceithre theach oighir chun freastal ar an obair seo i bparóiste an Ghleanna.

Tá cé an Ghleanna suite i dtuaisceart an tsráidbhaile agus ba sa bhliain 1876 a tógadh an ché seo. Ba í an Constábla Maggie Moloney an máistir cuain, an chéad bhean ar domhan a raibh an post seo aici. Tá dealbh tógtha ar an bPríomhshráid mar bhealach chun a hoidhreacht a cheiliúradh.

### Fás daonra - faoi láthair agus amach anseo

Is lonnaíocht ainmnithe é An Gleann sa Daonáireamh agus bhí 576 duine ina gcónaí sa lonnaíocht in 2016 agus 268 teaghais áitithe, de réir an Daonáirimh. Tá céatadán suntasach de dhaonra an tsráidbhaile os cionn 65 bliain d'aois, de réir Dhaonáireamh 2016 (32%). Is é 13% an meánfhigiúr náisiúnta don chohórt aoise seo. Tá seans ann go bhfuil cuid den daonra seo lonnaithe i gcoimpléacs Pháirc na Seamróg sa sráidbhaile. D'fhás daonra an tsráidbhaile beagán idir 2006 agus 2016, tráth ar tugadh méadú 1.8 % faoi deara.

| Bliain | Daonra |
|---|---|
| 2006 | 566 |
| 2011 | 577 |
| 2016 | 576 |

Foráiltear sa chroístraitéis do leithdháileadh tithíochta de 59 aonad thar thréimhse an phlean. Cinneadh, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar cheadanna pleanála ar marthain sa sráidbhaile, nach bhfuil aon aonaid thiomanta sa sráidbhaile. Meastar go bhfuil deiseanna ann aonad cónaithe neamhúsáidte i lár an bhaile a athfhorbairt.

| An Méid Aonad Tithíochta a Theastaíonn idir 2022 agus Ráithe 2 2028 | Aonaid Tithíochta a theastaíonn at Thalamh criosaithe cónaithe | Talamh Criosaithe Cónaithe Iomlán a theastaíonn (ha) | Aonaid Tithíochta a theastaíonn ar Thalamh Criosaithe Láithreán Seirbhísithe | Talamh Criosaithe Láithreán Seirbhísithe Iomlán (ha) | Aonaid chónaithe bheartaithe laistigh de thailte criosaithe i lár an tsráidbhaile |
|---|---|---|---|---|---|
| 59 | 45 | 2.03 | 11 | 1.12 | 5% = 3 |

Tá an phríomhbhéim á leagan sa straitéis forbartha ar thacú le fás comhréireach an Ghleanna agus an sráidbhaile a neartú agus a chomhdhlúthú. Spreagfar forbairt tithe le córais chóireála aonair, de réir Chuspóir CGR O15 i gCaibidil 3 ar thailte atá criosaithe le haghaidh láithreán seirbhísithe ar bhonn gearrthéarmach agus meántéarmach mar gheall ar na srianta bonneagair atá le tabhairt faoi deara sa sráidbhaile.

### Tithíocht

San áireamh sa tithíocht sa sráidbhaile tá meascán de thithe sraithe i lár an tsráidbhaile, Pobal Cónaithe Pháirc na Seamróg (20 teach do dhaoine scothaosta mar aon le hIonad Cúraim Lae i lár an tsráidbhaile), roinnt eastát tithíochta, lena n-áirítear Cill Fhearghasa, Eastát Corbry, Mainéar Radharc na hAbhann, Plás Mhuire, teaghaisí aonair agus forbairt theoranta árasán (12 ar fad in 2016). Bhí 60% de na tithe úinéir-áitithe, figiúr atá ag teacht le meánfhigiúr an stáit. Tá na príomhlimistéir tithíochta lonnaithe i lár an tsráidbhaile agus feadh Bhóthar Bhaile Dhá Thuile. Leagtar béim ar an bpointe nach bhfuil aon eastát tithíochta nua tógtha sa sráidbhaile ó cuireadh an Plean Forbartha deiridh i gcrích agus níl aon chead pleanála cónaithe ar marthain luaite leis an sráidbhaile faoi láthair.

Breithneofar Forbairt Chónaithe nua de réir na mbeartas agus na gcuspóirí atá sonraithe i gCaibidil 3: Straitéis Spásúil, 4: Tithíocht agus 11: Caighdeáin Bainistíochta Forbartha. Ba cheart d'fhoirm thógtha nua iarracht a dhéanamh an t-ionannas a bhain le scéimeanna tithíochta a forbraíodh roimhe seo a sheachaint agus a chinntiú go gcruthaítear timpeallacht mhealltach ag a bhfuil aitheantas áitiúil. Ba cheart éagsúlacht níos fearr cineálacha, meascán agus dlús tithe a chinntiú, lena n-áirítear láithreáin seirbhísithe a sholáthar le haghaidh tithe aonair, tithíocht shóisialta, inacmhainne agus sciath-thithíocht. Ar an tslí seo, is féidir an raon iomlán riachtanas tithíochta a sholáthar, rud a bheidh mar bhonn le struchtúr pobail níos cothromaithe, agus seachnófar na 'tithe tosaigh' leathscoite 3 leaba a bhíonn le feiceáil sna heastáit atá tógtha cheana féin.

### Lár an tSráidbhaile agus Forbairt Gheilleagrach

I measc na seirbhísí atá ar fáil sa sráidbhaile tá seirbhísí áise cosúil le siopa grósaeireachta neamhspleácha, siopaí crua-earraí agus cógaslann. I measc na seirbhísí eile atá ar fáil freisin tá búitíc ban, sciamheolaithe, gruagaire, asraonta mearbhia, roinnt tithe tabhairne, leaba agus bricfeasta agus siopa bonn. Feidhmíonn an sráidbhaile mar mhol seirbhíse don cheantar mórthimpeall.

Tá an sráidbhaile ar Bhealach an Atlantaigh Fhiáin agus d'fhéadfaí an táirge turasóireachta a fhorbairt. Tá aithne mhaith ag an pobal na háite ar thaitneamhachtaí cosúil le Siúlóid Knights, an Fhoraois agus tailte an Chaisleáin agus is deis iontach a leithéid cuairteoirí oíche a mhealladh chuig an sráidbhaile. Níl ach cóiríocht theoranta oíche le fáil sa sráidbhaile agus tá deiseanna ann tuilleadh forbairt a dhéanamh ar an margadh oíche.

Tá tuilleadh gníomhaíochta geilleagraí ar bun sa sráidbhaile ag ionad agus garáiste Peugeot Car Sales agus sa siopa áise agus stáisiún peitril atá taobh leis, atá suite feadh bhóthar an chósta. Tá Costello’s Aluminium suite ag an taobh thoir den sráidbhaile agus tá 50 oibrí oilte ag obair air, i mbun fuinneog agus doirse alúmanaim a tháirgeadh.

Tá sé beartaithe oibreacha a dhéanamh ar an Ríocht Phoiblí ag acomhal an N69 leis an bPríomhshráid agus le Sráid an Teampaill, faoi réir chomhaontú le Bonneagar Iompair Éireann agus maoiniú a bheith ar fáil.

### Oideachas

Tá scoil náisiúnta mheasctha ag freastal ar an sráidbhaile, Scoil Náisiúnta Fhearghasa, agus bhí 131 dalta ar an leabhar rolla in 2019/20. Tá réamhscoil Montessori cláraithe sa sráidbhaile freisin.

### Pobal agus Áineas

Tá neart saoráidí pobail forbartha sa sráidbhaile agus raon seirbhísí lena n-áirítear, Ionad Pobail Pháirc na Seamróg ina bhfuil 20 aonad maireachtála neamhspleácha do dhaoine

scothaosta mar aon le hIonad Cúraim Lae agus garraithe scóir atá suite i lár an tsráidbhaile, agus inrochtana do sheirbhísí uile an bhaile.  I measc na seirbhísí pobail breise atá ar fáil tá Séipéal Mhuire Gan Smál, Ionad Oidhreachta Phóil, lialann dochtúra agus clinic sláinte, Stáisiún an Gharda Síochána, Oifig Poist, Leabharlann, Áit Súgartha, páirc CLG, cúirt leadóige agus Ionad Fág Anseo.

Chomh maith leis sin, tá roinnt siúlbhealaí sa sráidbhaile agus mórthimpeall ar an sráidbhaile, lena n-áirítear Siúlóid Knights, Siúlóid Chnoc na Reanna agus An Cosán agus taitneamhachtaí coimhdeacha taobh leis na siúlbhealaí seo, lena n-áirítear carrchlós agus láithreacha picnicí. Tá neart féidearthachtaí ag baint le cé an Ghleanna atá suite feadh Bhóthar an Chósta taobh leis na sráidbhaile chomh fada is a bhaineann le luach taitneamhachta breise a chruthú sa cheantar. Tá sé beartaithe Ionad Léirithe *The Knights of Glin*, a bheidh suite ag cúl na leabharlainne, a oscailt in 2021.

## Oidhreacht

Tá oidhreacht thógtha shaibhir in An Gleann agus tá 23 déanmhas san áireamh i dTaifead na nDéanmhas Cosanta. Chomh maith leis sin, tá Limistéir Chaomhantais Ailtireachta sa sráidbhaile, a chlúdaíonn an sráidbhaile ar fad agus tailte Chaisleán an Ghleanna. Tá trí Shéadchomhartha Taifeadta laistigh de theorainn an tsráidbhaile, caisleán agus túrtheach, Bábhún agus Droichead Choill an Chalaidh.

De réir ainmniúcháin AE, tá Inbhear na Sionainne ainmnithe mar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta agus Limistéar Cosanta Speisialta.  Cinnteoidh aon fhorbairt bheartaithe sa sráidbhaile go mbeidh aird á tabhairt ar stádas caomhnaithe na láithreán sin agus nach mbeidh tionchar díobhálach ag a leithéid d'fhorbairt orthu.

## Riosca i gcás Tuilte

Tá riosca i gcás tuilte sainaitheanta feadh chúrsa Abhainn Ghleann Corbraí a shníonn feadh thaobh thoir an tsráidbhaile agus a thrasnaíonn faoin N69 agus isteach san Inbhear. Tá

Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte déanta chun tacú le criosú, sa Phlean Forbartha agus táthar tar éis glacadh le cur chuige réamhchúramach maidir le criosú. Chomh fada is a bhaineann le hoiriúnú don athrú aeráide, breithníodh an áit a bhfuil tailte forbartha nua criosaithe in An Gleann d'fhonn a chinntiú go gcuirtear gníomhartha i gcrích chun ullmhú le haghaidh agus dul in oiriúint d'éifeachtaí reatha an athraithe aeráide agus na tionchair a mheastar a bheidh aige amach anseo.

### Bonneagar

Tá srianta bonneagair le tabhairt faoi deara sa sráidbhaile, srianta a mbeidh tionchar acu ar an bpoitéinseal atá ag an sráidbhaile fás amach anseo. Chomh fada is a bhaineann le cúrsaí séarachais, níl an t-ionad atá ar fáil faoi láthair oiriúnach agus níl aon acmhainn spártha ann. Tá Uisce Éireann ag obair ar Ionad Cóireála Fuíolluisce nua faoi láthair agus táthar ag díriú ar an dearadh mionsonraithe faoi láthair agus samhlaítear go mbeidh an obair seo curtha i gcrích laistigh de shaolré an phlean, faoi réir ceadanna pleanála agus leibhéal oiriúnach de mheasúnú timpeallachta agus éiceolaíoch.

Táthar ag súil go raibh dóthain acmhainne sa soláthar uisce reatha sa sráidbhaile chun freastal ar an bhfás a mheastar a thabharfar faoi deara. Tá uisce dromchla sa sráidbhaile scartha den chuid is mó ach tá codanna áirithe nasctha.

Chomh fada is a bhaineann le hiompar poiblí, tá busanna poiblí ag freastal ar an sráidbhaile agus tá roinnt seirbhísí bus laethúla á soláthar idir Luimneach agus na bailte in aice láimhe.

Bunaithe ar eolas atá le fáil sa Phlean Náisiúnta Leathanbhanda tá seirbhís leathanbhanda ardluais á cur ar fáil do idir 83% den sráidbhaile.

**Cuspóirí Lonnaíocht an Ghleanna:**

**Cuspóir GL O1 - Uasghrádú an Ionaid Chóireála Fuíolluisce** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le huasghrádú an ionaid chóireála fuíolluisce atá le fáil sa sráidbhaile faoi láthair.

**Cuspóir GL O2 - Ríocht Phoiblí Feabhsaithe** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le huasghrádú na ríochta poiblí sa sráidbhaile, a bheidh mar bhonn leis an méid seo a leanas:

(a) An bealach isteach chuig an sráidbhaile a fheabhsú;

(b) Oidhreacht an tsráidbhaile a léiriú;

(c) An Phríomhshráid agus margadh a athúsáid mar phlás lárnach agus mar chuid d'fheabhsuithe bainistíochta tráchta gaolmhara;

(d) Seirbhísí taitneamhachta poiblí reatha a fhorlíonadh feadh siúlbhealaí atá forbartha cheana féin cosúil le Bealach *Knights* agus Rinn Chnoc na Reanna;

(e) An t-acomhal idir an N69 - Bóthar an Chósta agus An Phríomhshráid a fheabhsú agus;

(f) Síneadh a chur le siúlbhealaí agus rotharbhealaí chuig na ceantair mórthimpeall, más féidir, i gcomhairle le húinéirí talún.

**Cuspóir GL O3 – Forbairt Turasóireacht** - Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le forbairt na turasóireachta sa sráidbhaile, lena n-áirítear Ionad Léirithe *Knights of Glin* ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus oibriú le húinéirí talún agus páirtithe leasmhara ábhartha chun forbairt nua a spreagadh don tionscadal turasóireachta a bheidh lonnaithe laistigh de theorainn an tsráidbhaile chun an oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as na seirbhísí atá ar fáil cheana féin.

**Cuspóir GL O4 – Saoráidí Pobail Feabhsaithe** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le forbairt saoráidí agus seirbhísí pobail nua agus reatha sa sráidbhaile, cosúil le hIonad Cúraim Pháirc na Seamróg.

**Cuspóir GL O5 – Oibreacha Uasghrádaithe Bonneagair –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le huasghrádú sráideanna agus cosán in An Gleann, go háirithe chomh fada le hIonad Cúraim Lae Ghort na Seamróg, an Seanchaisleán agus páirc CLG, Scoil Náisiúnta Fhearghas, Eastát Tionsclaíoch an Ghleann agus Eastát Tithíochta Chill Fhearghasa.


**Cuspóir GL O6 – Spás Oscailte –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le hathchumrú tailte ina bhfuil an Pháirc, cúirt leadóige, spás glas oscailte agus fánán chun spás ilfheidhmeach a fhorbairt le naisc shínte siúlbhealaigh chuig Cé an Ghleanna.

**Cuspóir GL O7 – Cé an Ghleanna –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le hoibreacha feabhais ag Cé an Ghleann agus ag an éadan le huisce faoi réir breithniúchán timpeallachta cuí.

**Cuspóir GL O8 - Talamh Criosaithe Úsáid Mheasctha -** Is é an aidhm atá leis an gcriosú seo tacú le húsáidí éagsúla a thacódh le tuilleadh forbairt a dhéanamh sa sráidbhaile, lena n-áirítear forbairt chónaithe, cúraim sláinte, gníomhaíochtaí a bhaineann le hóstáin agus turasóireacht. D'ainneoin chuspóir agus aidhm an chriosaithe talamhúsáide atá sonraithe in Alt 12.3, Imleabhar 1, agus an mhaitrís criosaithe talamhúsáide, ar mhaithe le lár an tsráidbhaile a chosaint, ní cheadófar úsáidí miondíola a d'fhéadfaí a lonnú i lár an tsráidbhaile nó a d'fhéadfadh dul in iomaíoch le húsáidí reatha i lár an tsráidbhaile ar an talamh seo.

**Limerick Development Plan 2022-2028**

**Glin Zoning Map**




**LEGEND**

- Existing Residential
- New Residential
- Residential Serviced Sites
- Education & Community Facilities
- Village Centre
- Mixed Use
- Enterprise & Employment
- Agriculture
- Open Space & Recreation
- Utilities
- Settlement boundary

| DATE | DWG. No. |
|---|---|
| Adopted June '22 | CDP-V2-L4-GL-01 |


OSI LICENCE No.

© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
Licence No. 2017/09/CCMA/Limerick City & County Council

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council

# Limerick Development Plan 2022-2028

## Glin Flood Map




**LEGEND**

- Existing Residential
- New Residential
- Residential Serviced Sites
- Education & Community Facilities
- Village Centre
- Mixed Use
- Enterprise & Employment
- Agriculture
- Open Space & Recreation
- Utilities
- Settlement boundary
- Flood Zone A
- Flood Zone B

| DATE | DWG. No. |
| --- | --- |
| Adopted June '22 | CDP-V2-L4-GL-02 |

OSI LICENCE No.

© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
Licence No. 2017/09/CCMA/Limerick City & County Council

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council

Atlantic Edge Limerick European Embrace

**Iniúchadh Inniúlachta na Lonnaíochta – An Gleann**

| An Gleann | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Uimh. an Láithreáin | Criosú | Achar (ha) | Dlús Cónaithe Ghlactha in aghaidh an heicteáir | Soilsiú | Cosáin | Iompar Poiblí | Rochtain ar Bhóthar | Uisce | Bréan | Uisce Dromchla | Riosca i gcás Tuilte | Inlíonadh/ Láithreán Athfhorbraíochta | Amlíne / Costas | Nótaí más cuí | Stádas/ Sraith Seirbhíse |
| 1 | Úsáid Mheasctha | 1.613 | 20% ag 22/ha | ✓ | ! | ✓ | ✓ | ✓ | ! | ✓ | ✘ | ✓ | N/B | | 1 |
| 2 | Cónaithe Nua | 0.527 | 22 aonad /ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ! | ✓ | ✘ | ✘ | N/B | | 1 |
| 3 | Láithreáin | 0.965 | 10 n-aonad | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ! | ✓ | ✘ | ✘ | N/B | | 1 |

| | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Seirbhísithe | | /ha | | | | | | | | | | | | |
| 4 | Cónaithe Nua | 1.25 | 22 aonad /ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ! | ✓ | ✗ | ✓ | N/B | Cead imithe in éag le haghaidh 15 aonad 07/601 agus 13/7045 | 1 |

| Eochair eolais | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Seirbhísithe/ Tá | ✓ | Inúsáidte/ Infheistíocht ag teastáil | ! | Níl riachtanach/ Níl | ✗ |
| Gearrthéarmach – soláthar laistigh de 1 - 2 bhliain | G | Meántéarmach – soláthar laistigh de 3 - 5 bliana | M | Fadtéarmach – i ndiaidh shaolré an phlean seo | F |

### An tOspidéal

### Comhthéacs na Lonnaíochta

Tá an tOspidéal suite thart ar 30km ó dheas de Chathair Luimnigh. Ritheann an bóthar idir Luimneach agus Corcaigh trí Bhaile Mhistéala agus Mainistir Fhear Maí (R513) ó thuaidh-ó dheas tríd an sráidbhaile agus is ionann é agus an Phríomhshráid. Sníonn Abhainn Mahore, craobh-abhainn de An Mháigh trí thuaisceart an tsráidbhaile i dtreo thoir – thiar agus nascann sé le An Chamóg thart ar 12km síos an abhainn. Tá croílár an tsráidbhaile lonnaithe ar an bPríomhshráid. Tá ceantair uathúla sa sráidbhaile bunaithe ar a bhfoirm thógtha, suíomhanna nádúrtha agus stair. Tá an chuid is sine den sráidbhaile mórthimpeall ar fhothracha Mhainistir na Spidiléirí agus cuimsítear ann tailte Chaisleán Neidín.

D'fhorbair An tOspidéal mar shráidbhaile seirbhíse agus margaidh atá ag freastal ar cheantar tuaithe fairsing agus tá roinnt tionsclaíochta, ar scála beag, ar siúl ann bunaithe ar gheilleagar a chúlchríche tuaithe. Baineann formhór de chreatlach lár an tsráidbhaile le lár an 19ú haois agus tá roinnt foirgneamh Seoirseach ann. Tá go leor d'fheidhmeanna geilleagrach chreatlach lár an tsráidbhaile bunaithe ar shuíomh nódach an tsráidbaile in oirthear Luimnigh agus an gréasán bóithre réigiúnach, agus is é an bóthar is tábhachtaí sa cheantar seo an R513 ó Luimneach.

Sráidbhaile a bhfuil cuma líneach air den chuid is mó atá ann agus níl aon sráideanna suntasacha eile le fáil i gcroílár an tsráidbhaile. Sa 19ú haois d'fhorbair an croílár tráchtála chomh fada leis an deisceart áit a raibh grúpa foirgneamh mórthimpeall ar fhothracha na mainistreach meánaoisí (Spidiléirí), an áit as a d'eascair ainm an tsráidbhaile, agus in eastát Iarlaí Neidín. Is anseo atá an chuid bhunaidh den lonnaíocht, an áit a dtrasnaíonn Bóthar Luimnigh Abhainn Mahore.

### Fás daonra - faoi láthair agus amach anseo

In 2016 bhí daonra an Ospidéil cothrom le 653 agus taifeadadh ráta fáis measartha de 2.6% idir 2011 agus 2016. Tugadh le fios i bhfigiúirí atá curtha ar fáil ag an bPríomh-Oifig Staidrimh a bhaineann le 2016 go bhfuil 26.2% de dhaonra an tsráidbhaile faoi 20 bliain d'aois agus go

bhfuil 20% os cionn 65 bliain d'aois. Is é meánfhigiúr an stáit dóibh siúd atá 65+ 13%. Tá impleachtaí aige seo ar an gcineál seirbhísí a bheidh ag teastáil chun tacú leis an bpobal.

| **Bliain** | **Daonra** |
|---|---|
| 2006 | 628 |
| 2011 | 636 |
| 2016 | 653 |

Foráiltear sa chroístraitéis do leithdháileadh tithíochta de 64 aonad sa sráidbhaile thar thréimhse an phlean. Cinneadh, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar cheadanna pleanála ar marthain sa sráidbhaile, nach bhfuil aon aonaid thiomanta sa sráidbhaile. Ag féachaint don líon láithreán talamh cúil tearcúsáidte agus don leibhéal dearóilithe, meastar go bhfuil deiseanna ann chun aonaid chónaithe a fhorbairt i lár an tsráidbhaile.

| **An Méid Aonad Tithíochta a Theastaíonn idir 2022 agus Ráithe 2 2028** | **Aonaid Tithíochta a theastaíonn at Thalamh criosaithe cónaithe** | **Talamh Criosaithe Cónaithe Iomlán a theastaíonn (ha)** | **Aonaid Tithíochta a theastaíonn ar Thalamh Criosaithe Láithreán Seirbhísithe** | **Talamh Criosaithe Láithreán Seirbhísithe Iomlán (ha)** | **Aonaid chónaithe bheartaithe laistigh de thailte criosaithe i lár an tsráidbhaile** |
|---|---|---|---|---|---|
| 64 | 44 | 2 | 11 | 1.1 | 15% = 10 |

Tá an phríomhbhéim á leagan sa straitéis forbartha ar thacú le fás comhréireach agus an sráidbhaile a neartú agus a chomhdhlúthú. Spreagfar forbairt tithe le córais chóireála aonair, de réir Chuspóir CGR O15 i gCaibidil 3 sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma mar gheall ar bhacainní bonneagair sa sráidbhaile ar thailte atá criosaithe le haghaidh láithreán seirbhísithe.

## Tithíocht

Cuimsítear sa tithíocht sa sráidbhaile meascán de thithe sraithe i lár an tsráidbhaile, scéimeanna tithíochta taobh leis an bPríomhshráid, lena n-áirítear Clós na Toirbhirte agus Plás an Bhainc agus na heastáit chónaithe seo a leanas - Radharc na nGaibhlte, Céide Radharc an Ghleanna, Radharc an Ghleanna agus Cluain Faoise.  Tá ceantair chónaithe scaipthe ar fud na lonnaíochta, agus tá na príomheastáit chónaithe lonnaithe ag an taobh thoir de lár an tsráidbhaile agus feadh na mbóithre isteach agus laistigh den chroílár.  Bunaithe ar dhaonáireamh 2016, bhí 61% de na tithe úinéir-áitithe, figiúr atá níos airde ná an céatadán náisiúnta do cheantair uirbeacha (59.2%).
Breithneofar Forbairt Chónaithe nua de réir na mbeartas agus na gcuspóirí atá sonraithe i gCaibidil 3: Straitéis Spásúil, 4: Tithíocht agus 11: Caighdeáin Bainistíochta Forbartha.  Ba cheart d'fhoirm thógtha nua iarracht a dhéanamh an t-ionannas a bhain le scéimeanna tithíochta a forbraíodh roimhe seo a sheachaint agus a chinntiú go gcruthaítear timpeallacht mhealltach ag a bhfuil aitheantas áitiúil. Ba cheart éagsúlacht níos fearr cineálacha agus dlús tithe a chinntiú, lena n-áirítear láithreáin seirbhísithe a sholáthar le haghaidh tithe aonair, tithíocht shóisialta, inacmhainne agus sciath-thithíocht. Ar an tslí seo, is féidir freastal ar an raon iomlán riachtanas tithíochta, rud a bheidh mar bhonn le struchtúr pobail níos cothromaithe.  In An tOspidéal, tá 3.1 heicteár de thalamh ar fad ag teastáil d'fhorbairt chónaithe.

## Lár an tSráidbhaile agus Forbairt Gheilleagrach

Tá ról tábhachtach ag An tOspidéal i saol laethúil phobal an tsráidbhaile agus na cúlchríche níos ginearálta. Áirítear anseo feidhmeanna fostaíochta, oideachais, cathartha, trádála/margaidh agus seirbhíse a sholáthar do phobal an tsráidbhaile agus dóibh siúd atá ina gcónaí sa dobharcheantar ginearálta.  Is fianaise ar an méid sin an raon seirbhísí agus gnóthaí éagsúla atá sa sráidbhaile agus tá neart taitneamhachtaí cathartha ar fáil freisin lena n-áirítear séipéal, scoil náisiúnta agus meánscoil, tailte CLG, clinic sláinte, ionad acmhainní do theaghlaigh agus ionad pobail. Chomh maith leis sin, tá seirbhísí miondíola ar fáil sa

sráidbhaile lena n-áirítear siopaí agus stáisiún peitril, cógaslanna, siopaí crua-earraí, gruagairí, geallghlacadóir, eischeadúnas agus caifé. Tá gnóthaí cosúil leis an gComhar Creidmheasa agus oifig aturnae le fáil feadh na Príomhshráide.

Tá *Munster Packaging* agus *The Hospital Food Centre* suite san Ionad Fiontraíochta agus tá gnó Iompair agus Lóistíochta lonnaithe trasna an bhóthair. Tá iarratas pleanála déanta faoi láthair chun cead a fháil chun dhá aonad déantúsaíochta breise a fhorbairt sa Pháirc Fiontraíochta. Ní mór go mbeadh forbairtí nua ag teacht le agus ag cur le hinmharthanacht agus sláinte an tsráidbhaile.

Ní mór aitheantas a thabhairt do phoitéinseal turasóireachta an tsráidbhaile freisin agus béim a leagan ar phríomhghnéithe cosúil le Mainistir na Spidiléirí. Tá deiseanna ann freisin níos mó tairbhe a bhaint as na gnéithe meánaoiseacha atá le fáil in An tOspidéal agus as na buntáistí geilleagracha a d'fhéadfaí a bhaint as a leithéid d'oidhreacht.

### Oideachas

Tá scoil náisiúnta mheasctha ag freastal ar an sráidbhaile agus bhí 182 dalta ar an leabhar rolla in 2019/20 mar aon le Pobalscoil Mhór, Eoin Baiste, a fhreastalaíonn ar an sráidbhaile agus ar an gcúlchríoch mórthimpeall. In 2019/20 bhí 1,095 dalta ar leabhar rolla na scoile. Chomh maith leis sin, tá réamhscoil pobail agus seirbhís oideachais do luathfhágálaithe scoile óga sa sráidbhaile (Ógtheagmháil).

### Pobal agus Áineas

Tá pobal deonach bríomhar in An tOspidéal mar aon le neart grúpaí pobail áitiúla atá páirteach i raon leathan gníomhaíochtaí lena n-áirítear spóirt, ealaíona agus cultúr, stair agus oidhreacht áitiúil, gnóthaí óige, forbairt na timpeallacht agus na háite. Ó ullmhaíodh an Plean Forbartha reatha, tá roinnt forbairtí pobail déanta sa sráidbhaile, lena n-áirítear áit súgartha nua, balla iománaíochta, síneadh leis an scoil agus seomraí feistis nua sa scoil. I measc na ngrúpa spóirt eile atá le fáil tá club peile, club liathróid láimhe agus club leadóige. San Ionad Acmhainní in An tOspidéal tá cláir oideachais aosaigh, cláir theaghlaigh, seirbhísí

comhairleoireachta, seid na bhfear agus seirbhísí do dhaoine scothaosta á reáchtáil. I measc na seirbhísí pobail breise le clinic cúraim sláinte phríomhúil agus creis phobail.

### Athghiniúint agus Athnuachan

Tá roinnt láithreán folamh agus tréigthe le fáil i sráidbhaile an Ospidéil. Soláthraíonn deiseanna d'athúsáid agus athearraíocht a bhaint as foirgnimh fholmha agus thréigthe an comhthéacs do thimpeallacht ghnó níos fearr agus níos bríomhaire, níos mó deiseanna tithíochta agus cuma fhisiúil na lonnaíochta a fheabhsú agus croílár an tsráidbhaile a chomhdhlúthú.

Baineann féidearthachtaí forbartha an Ospidéil le deiseanna a bhaineann le feabhsú shuíomh Shéadchomhartha Náisiúnta Taifeadta, uimh. LI 1032-047, fothracha Mhainistir na Spidiléirí. Is cuid den bhunús Normannach a bhfuil ainm an tsráidbhaile bunaithe air an láithreán seo. Bhainfeadh An Mhainistir, atá suite taobh leis an Eaglais Chaitliceach Rómhánach agus carrchlós poiblí atá ag freastal uirthi, agus tailte CLG, tairbhe as tírdhreachú chun cuma an charrchlóis a fheabhsú agus an radharc ar an Mainistir a fheabhsú. Tá deiseanna ann tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh sa sráidbhaile ag cúl fhoirgneamh an Choiste Ghairmoideachais agus na leabharlainne, áit a d'fhéadfaí tailte a fhorbairt do thaitneamhacht spás oscailte phoiblí agus seans go bhféadfaí garraithe scóir a fhorbairt freisin.

### Oidhreacht

Tá 27 Déanmhas Cosanta sa sráidbhaile. Le cois na ndéanmhas cosanta sin tá ceithre dhéanmhas liostaithe ar Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (NIAH). Tá An tOspidéal sainaitheanta mar lonnaíocht mheánaoiseach agus is fianaise é an bailiúchán séadchomharthaí mórthimpeall ar phointe droichid ar Abhainn Mahore ar oidhreacht an tsráidbhaile. Is Séadchomhartha Náisiúnta faoi úinéireacht an stáit é Séipéal an Ospidéil (RMP LI032-147002). I gcroílár an Ospidéil feadh na Príomhshráide tá ardán foirgneamh ar tógadh a bhformhór díobh sa 19ú haois. Meastar go mbaineann suntas le modh eagraithe na bhfoirgneamh seo chomh fada is a bhaineann le hoidhreacht thógtha an tsráidbhaile agus go

gcuireann sé le carachtar na háite agus leis an sráid-dreach bunaithe.  Ar mhaithe le carachtar an cheantair a chaomhnú tá sé ainmnithe mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta laistigh den Phlean Forbartha.

### Riosca i gcás Tuilte

Tá Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte ullmhaithe chun tacú le criosú talún agus tá an ceantar mórthimpeall ar na tailte CLG sainaitheanta mar cheantar lena mbaineann riosca i gcás tuilte.  Tá impleachtaí aige seo ar chriosú talamhúsáide agus ghlac an Chomhairle le cúr chuige réamhchúramach i ndáil le forbairtí leochaileacha ar thailte a bhfuil riosca i gcás tuilte luaite leo agus cuirfear an cur chuige sin san áireamh nuair a bheidh na tailte seo á gcriosú. Dá réir sin, ní dhéanfar na tailte seo a chriosáil ach mar spás oscailte agus d'úsáid talmhaíochta amháin.

### Bonneagar

Tá fadhbanna a bhaineann le hacmhainn luaite leis an Ionad Cóireála Fuíolluisce sa sráidbhaile agus tá sé sonraithe go bhfuil an t-ionad rólódáilte. Tá mionoibreacha uasghrádaithe beartaithe, a fheabhsóidh cáilíocht an tsrutha éalaithe, ach ní bheidh na hoibreacha seo mar bhonn le hacmhainn a mhéadú. D'éirigh le An tOspidéal maoiniú a fháil faoi Scéim na mBailte Beaga agus Sráidbhailte agus uasghrádófar an tIonad cóireála fuíolluisce laistigh de shaolré an Phlean.
Tá acmhainn spártha theoranta sainaitheanta sa soláthar uisce phoiblí, tá roinnt oibreacha uasghrádaithe déanta chun acmhainn a fheabhsú. Táthar uisce dromchla á sholáthar trí chóras ar leithligh agus tá uisce á scaoileadh amach in Abhainn Mahore agus i sruthanna áitiúla.

Tá córas iompair phoiblí ag freastal go héifeachtach ar an sráidbhaile lena n-áirítear seirbhís Bhus Éireann trí huair sa lá, Luan go hAoine, dhá huair ar an Satharn agus uair amháin ar an Domhnach. Rinneadh foráil sa Plean Ceantair Áitiúil a cuireadh i dtoll a chéile roimhe seo do Ghréasán Bóthair Dáileacháin mórthimpeall ar an sráidbhaile. Is cuspóir de chuid an Phlean seo é scrúdú a dhéanamh ar an bpoitéinseal agus ar an ngá atá leis an ngréasán seo thar shaolré an Phlean.

Bunaithe ar eolas atá le fáil sa Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, tá seirbhís leathanbhanda ardluais á cur ar fáil do idir 100% den sráidbhaile.

**Cuspóirí Lonnaíocht an Ospidéil:**

**Cuspóir HO O1 - Uasghrádú an Ionaid Chóireála Fuíolluisce** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le huasghrádú an Ionaid Chóireála Fuíolluisce i gcomhar le Uisce Éireann.

**Cuspóir HO O2 Forbairt Shuntasach** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é a chinntiú nach ndéanfar aon fhorbairt shuntasach laistigh den lonnaíocht, go dtí go mbíonn córas cóireála fuíolluisce oiriúnach bunaithe.

**Cuspóir HO 03 – Forbairt Turasóireachta –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le poitéinseal turasóireachta an tsráidbhaile agus é a fheabhsú agus oibriú le páirtithe leasmhara ábhartha chun suíomhanna príomhghnéithe go háirithe a fheabhsú, is é sin Mainistir na Spidiléirí agus na bealaí isteach chuig an sráidbhaile ón tuaisceart.

**Cuspóir HO 04 – Bainistíocht Tráchta agus an Ríocht Phoiblí –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le:

a) Tionscadail a chur i gcrích a bhfuil sé mar aidhm leo an ríocht phoiblí sa sráidbhaile a fheabhsú, faoi réir acmhainní a bheith ar fáil;

b) Plean Bainistíochta Tráchta a ullmhú do An tOspidéal agus scrúdú a dhéanamh ar an bpoitéinseal a bhaineann le carrchlós poiblí a fhorbairt sa sráidbhaile, faoi réir acmhainní a bheith ar fáil;


c) Tograí chun na háiseanna páirceála atá ar fáil do Mheánscoil Eoin Baiste a fheabhsú, faoi réir acmhainní a bheith ar fáil; agus

d) Tacú le feabhsuithe ag an acomhal idir an R513 agus an R516 ag an taobh ó dheas den sráidbhaile, faoi réir acmhainní a bheith ar fáil.

**Cuspóir HO 05 – Bóthar Dáileacháin** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le bóthar dáileacháin a fhorbairt in An tOspidéal, faoi réir leibhéal oiriúnach de mheasúnú comhshaoil agus éiceolaíoch agus acmhainní a bheith ar fáil.

**Limerick Development Plan 2022-2028**

**Hospital Zoning Map**




**LEGEND**


- Existing Residential
- New Residential
- Residential Serviced Sites
- Education & Community Facilities
- Village Centre
- Enterprise & Employment
- Agriculture
- Open Space & Recreation
- Utilities
- Settlement boundary

| DATE | DWG. No. |
| --- | --- |
| Adopted June '22 | CDP-V2-L4-HO-01 |

OSI LICENCE No.

© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
Licence No. 2017/09/CCMA/Limerick City & County Council

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council




**Limerick Development Plan 2022-2028**

**Hospital Flood Map**

**LEGEND**

- Existing Residential
- New Residential
- Residential Serviced Sites
- Education & Community Facilities
- Village Centre
- Enterprise & Employment
- Agriculture
- Open Space & Recreation
- Utilities
- Settlement boundary
- Flood Zone A
- Flood Zone B

| DATE | DWG. No. |
|---|---|
| Adopted June '22 | CDP-V2-L4-HO-02 |

OSI LICENCE No.

© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
Licence No. 2017/09/CCMA/Limerick City & County Council

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council

**Iniúchadh Inniúlachta na Lonnaíochta – An tOspidéal**

| Uimh. an Láithreáin | Criosú | Achar (ha) | Dlús Cónaithe Ghlactha in aghaidh an heicteáir | Soilsiú | Cosáin | Iompar Poiblí | Rochtain ar Bhóthar | Uisce | Bréan | Uisce Dromchla | Riosca i gcás Tuilte | Inlíonadh/ Láithreán Athfhorbraíochta | Amlíne / Costas | Nótaí más cuí | Stádas/ Sraith Seirbhíse |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **1** | Cónaithe Nua | 0.627 | 22 aonad /ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ! | ✓ | ✘ | ✓ | | | 1 |
| **2.** | Cónaithe Nua | 1.001 | 22 aonad /ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ! | ✓ | ✘ | ✓ | | | 1 |
| **3.** | Cónaithe Nua | 0.674 | 22 aonad /ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ! | ✓ | ✘ | ✘ | | | 1 |
| **4.** | Láithreán Seirbhísithe Chónaithe | 1.019 | 10 n-aonad /ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ! | ✓ | ✘ | ✓ | | | 1 |
| **5.** | Fiontraíocht & Fostaíocht | 2.378 | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ! | ✓ | ✘ | ✓ | | | 1 |

| Eochair eolais | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Seirbhísithe/ Tá | ✓ | Inúsáidte/ Infheistíocht ag teastáil | ! | Níl riachtanach/ Níl | ✘ |
| Gearrthéarmach – soláthar laistigh de 1 - 2 bhliain | G | Meántéarmach – soláthar laistigh de 3 - 5 bliana | M | Fadtéarmach – i ndiaidh shaolré an phlean seo | F |

## Cill Fhíonáin

### Comhthéacs na Lonnaíochta

Suite ar ardchlár ardaithe ó dheas de An Sliabh Riabhach, ag airde os cionn 150 méadar, is é Cill Fhíonáin an sráidbhaile is airde i gContae Luimnigh. Tá sé suite thart ar 50km soir a dheas de chathair Luimnigh, tá sé 11km ó Chill Mocheallóg agus 14km ó Bhaile Mhistéala.

Ag an taobh thoir den sráidbhaile tá Na Gaibhlte agus An Sliabh Riabhach. Ó thuaidh de Chill Fíonáin tá réigiún tréadach ísealchríche ar a dtugtar "Machaire na Mumhan" a ritheann trí na Contaetha seo a leanas - Luimneach, Corcaigh agus Tiobraid Árann. Sníonn sruthán an Ghleanna Dhuibh trí iardheisceart an tsráidbhaile agus is craobh-abhainn de chuid na Lúbaí í atá suite agus oirthuaisceart an tsráidbhaile. Sníonn An Lúbach isteach in inbhear Íochtar na Sionainne atá suite thart ar 40km síos an abhainn ó Chill Fíonáin.

Is sráidbhaile dlúth atá ann den chuid is mó le croílár dea-shainithe ó Chearnóg an Mhargaidh, feadh na Príomhshráide. Is éard atá sa sráid-dreach seo foirgnimh shraithe dhá agus trí urlár a tógadh san $18^{ú}$ agus sa $19^{ú}$ haois go príomha mar aon le roinnt samplaí breátha d'aghaidheanna siopa traidisiúnta ar an bPríomhshráid. Tá foirgnimh reiligiúnacha a tógadh san $18^{ú}$ agus sa $19^{ú}$ haoise le fáil ag Lána an tSéipéil agus Lána an Teampaill ach amháin Seanscoil na mBuachaillí, atá suite taobh amuigh den chroílár in aice le hArda Bhealach Eabhra.

Tá feidhm thábhachtach chathartha, thrádála / mhargaidh agus seirbhíse á comhlíonadh ag an sráidbhaile don daonra agus do chúlchríoch mórthimpeall. Is fianaise ar an méid sin na seirbhísí agus gnóthaí éagsúla atá le fáil sa sráidbhaile. Trí thairbhe a bhaint as a shuíomh ar fhána an tSléibhe Riabhaigh agus as na gníomhaíochtaí áineasa lasmuigh, tá ról níos tábhachtaí de réir a chéile ag an sráidbhaile mar sholáthraí turasóireachta.

### Fás daonra - faoi láthair agus amach anseo

In 2016 bhí an daonra cothrom le 789 duine. Tá fás daonra measartha tugtha faoi deara sa sráidbhaile agus taifead ráta fáis de 1.4% idir 2011 agus 2016. Tá daonra an tsráidbhaile réasúnta óg, tá 14% faoi 19 mbliain d'aois.

| Bliain | Daonra |
|---|---|
| 2006 | 727 |
| 2011 | 778 |
| 2016 | 789 |

Sa chroístraitéis soláthraítear leithdháileadh tithíochta de 81 aonad do Chill Fíonáin thar thréimhse an phlean. Cinneadh, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar cheadanna pleanála ar marthain sa sráidbhaile, nach bhfuil aon aonaid thiomanta sa sráidbhaile. Ag féachaint don líon láithreán talamh cúil tearcúsáidte agus don leibhéal dearóilithe, meastar go bhfuil deiseanna ann chun aonaid chónaithe a fhorbairt i lár an tsráidbhaile.

| An Méid Aonad Tithíochta a Theastaíonn idir 2022 agus Ráithe 2 2028 | Aonaid Tithíochta a theastaíonn at Thalamh criosaithe cónaithe | Talamh Criosaithe Cónaithe Iomlán a theastaíonn (ha) | Aonaid Tithíochta a theastaíonn ar Thalamh Criosaithe Láithreán Seirbhísithe | Talamh Criosaithe Láithreán Seirbhísithe Iomlán (ha) | Aonaid chónaithe bheartaithe laistigh de thailte criosaithe i lár an tsráidbhaile |
|---|---|---|---|---|---|
| 81 | 55 | 2.5 | 13 | 1.38 | 15% = 12 |

### Tithíocht

In 2016 bhí 328 teaghais sa sráidbhaile agus bhí 61% díobh seo úinéir-áitithe, céatadán atá díreach os cionn mheán an stáit atá cothrom le 59%. Bunaithe ar shonraí atá curtha ar fáil sa Logeolaire, níl ach forbairt theoranta nua déanta ó shin. Tá roinnt scéimeanna tithíochta

sa sráidbhaile lena n-áirítear Radharc Cillín, Cois an tSrutháin, Radharc an Sléibhe, Arda Bhaile Eabhra agus Treda na Rí.

### Lár an tSráidbhaile agus Forbairt Gheilleagrach

Tá raon leathan seirbhísí agus gnóthaí sa sráidbhaile, lena n-áirítear comhar creidmheasa, búistéir, miondíoltóirí áise (Centra), cógaslann, roinnt tithe tábhairne, bialann, ionad beir leat, gruagaire/bearbóir, teach tórraimh, stáisiún peitril, oifig poist, siopa soláthairtí feirme agus díol innealra feirmeoireachta, ionad deisithe carranna, siopa earraí intí, déantóir troscáin agus seirbhís chumhdaitheoireachta. I measc na seirbhísí gairmiúla atá á gcur ar fáil sa sráidbhaile tá ceantálaí agus oifig luachála. Tá seirbhís thábhachtach á soláthar ag clinic sláinte sa sráidbhaile freisin.

Fianaise ar a thábhachtaí is atá feidhm thurasóireachta an tsráidbhaile is ea go bhfuil cóiríocht Leaba & Bricfeasta, brú, teachíní féinfhreastail agus oifig eolais do thurasóirí le fáil ann. Is i gCill Fhíonáin atá ceanncheathrú na cuideachta forbartha áitiúla, *Ballyhoura Development Ltd.*, a fhreastalaíonn ar oirthear Chontae Luimnigh agus oirthear Chontae Chorcaí.

Chomh maith leis sin, tá Ionad Fiontraíochta suite i lár an tsráidbhaile, áit a bhfuil Feirm Úll Bhaile Eabhra lonnaithe ó 2015. Tá an-fhorbairt tagtha ar an bhFeirm Úll agus is lárionad atá ann anois chun bia ceardaí a fhás agus don earnáil bia ceardaí agus cheardaíochta thraidisiúnta sa sráidbhaile.

D'fhéadfaí go leor forbairt a dhéanamh ar an earnáil turasóireachta i gCill Fhíonáin ó tharla é a bheith suite ag bun an tSléibhe Riabhaigh agus neart acmhainní áineasa foraoise a bheith ann, rochtain ar bhaile múrtha Chill Mocheallóg, Loch Goir agus na foirgnimh stairiúla éagsúla atá le fáil sa sráidbhaile agus an oidhreacht áitiúil. In 2019, faoi thogra de chuid Coillte agus Fáilte Éireann, bronnadh deontas luach €400,000 chun infheistíocht a dhéanamh i gConair Rothar Sléibhe Bhaile Eabhra.  Mar thoradh ar an obair seo, uasghrádófar na conairí atá ann cheana féin chuig caighdeán cuí chun cuairteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta a mhealladh, rud a chruthóidh buntáistí eacnamaíocha don phobal áitiúil.

Tá Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Chill Fhíonáin ag mealladh tuilleadh turasóirí fós chuig an sráidbhaile freisin. Soláthraíonn an t-ionad cúrsaí oideachais allamuigh agus eispéiris eachtraíochta ar ardchaighdeán ar bhonn cónaithe agus neamhchónaithe do scoileanna, daoine óga, breisoideachas agus breisoiliúint, grúpaí aosach agus campaí samhraidh.

Tá féidearthachtaí ann tuilleadh tairbhe fós a bhaint as na taitneamhachtaí seo agus nithe is díol spéise nua a chruthú sa sráidbhaile. Mar shampla, in 2017 fuarthas maoiniú faoin scéim "Uchtaigh Séadchomhartha" chun tacú le meantóireacht, oiliúint agus saineolas a sholáthar don Mhóta Angla-Normannach ar láithreán rátha sa sráidbhaile. Is bealach eile chun an acmhainn seo a fhorbairt é cóiríocht turasóireachta a chur ar fáil.  Tacaítear sa phlean seo le cóiríocht turasóireachta a sholáthar lena n-áirítear seallaithe, carbháin agus cóiríocht champála a chur ar fáil laistigh de theorainn an tsráidbhaile.

### Oideachas

Tá scoil náisiúnta mheasctha ag freastal ar an sráidbhaile agus bhí 143 dalta ar an leabhar rolla in 2019/20 mar aon le Meánscoil, Scoil Phóil, a fhreastalaíonn ar an sráidbhaile agus ar an gcúlchríoch mórthimpeall.  In 2019/20 bhí 509 dalta ar leabhar rolla na scoile.  Ó glacadh leis an bPlean Forbartha, tá roinnt forbairtí déanta mórthimpeall ar Scoil Phóil lena n-áirítear síneadh a chur leis an scoil chun seomra staidéar foirgníochta a sholáthar mar aon le seomraí ranga breise, saoráidí spóirt agus carrchlós. Chomh maith leis sin, tá réamhscoil pobail sa sráidbhaile.

### Pobal agus Áineas

Tá roinnt saoráidí pobail sa sráidbhaile lena n-áirítear tailte CLG, páirc sacair, clós súgartha agus leabharlann pháirtaimseartha. Tá spás ar fáil in Eaglais na hÉireann, San Aindrias, do ghníomhaíochtaí ealaíon, cultúrtha agus oidhreachta, i ndiaidh don chomhairle pobail áitiúil an áit a athchóiriú. Bíonn na bunscoileanna agus na meánscoileanna in úsáid ag grúpaí pobail éagsúla freisin.

### Athghiniúint agus Athnuachan

Tá leibhéal ard folúntais agus dearóilithe le tabhairt faoi deara ar fud an tsráidbhaile. Tá cuid de na foirgnimh seo an-fheiceálach mar gheall ar a scála agus éadanais sráide mhóra, nó de bhrí go bhfuil siad ag acomhail agus, dá réir sin, i dteannta a chéile cuireann siad leis an drochbhail atá ar an sráidbhaile.

Tá deis ann Teach an Mhargaidh, a shealbhaigh an Chomhairle le blianta beaga anuas faoin Acht um Láithreáin Thréigthe, a athfhorbairt mar fhoirgneamh lárnach ag bealach isteach chuig an sráidbhaile.

### Oidhreacht

Tá 44 Déanmhas Cosanta laistigh den sráidbhaile, a meastar luach ailtireachta, stairiúil nó teicniúil a bheith ag baint leo agus atá ainmnithe ar Thaifead na nDéanmhas Cosanta. Le cois na ndéanmhas cosanta sin, tá seacht ndéanmhas liostaithe ar Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (NIAH). Mar aitheantas ar oidhreacht thógtha uathúil agus shainiúil an tsráidbhaile, tá Limistéar Caomhantais Ailtireachta ainmnithe atá ag síneadh trí chuid shuntasach den sráidbhaile. Tá ocht séadchomhartha taifeadta sa sráidbhaile, lena n-áirítear Móta Chill Fhíonáin, mullóg chré atá 30 troigh ar airde, a tógadh sa 13ú hAois.

### Riosca i gcás Tuilte

Tá Measúnú Straitéiseach Riosca i gCás Tuilte déanta chun tacú leis an bPlean Forbartha agus tá ceantar, siar ó thuaidh agus thoir ó dheas feadh imeall thoir an tsráidbhaile sainaitheanta mar cheantar lena mbaineann riosca i gcás tuilte. Tá impleachtaí aige seo ar chriosú talamhúsáide agus ghlac an Chomhairle le cúr chuige réamhchúramach i ndáil le forbairtí leochaileacha ar thailte a bhfuil riosca i gcás tuilte luaite leo agus cuirfear an cur chuige sin

san áireamh nuair a bheidh na tailte seo á gcriosú. Dá réir sin, ní dhéanfar na tailte seo a chriosáil ach mar spás oscailte agus d'úsáid talmhaíochta amháin.

## Bonneagar

Tá acmhainn spártha ag an gCóras Cóireála Fuíolluisce sa sráidbhaile, ach, tá fadhbanna leanúnacha ag baint le comhlíonadh. Tá srian ar an soláthar uisce sa sráidbhaile faoi láthair, tá oibreacha uasghrádaithe á ndéanamh ag Uisce Éireann a fheabhsóidh an soláthar agus cuirfear na hoibreacha seo i gcrích in 2022.

Táthar ag freastal ar Uisce Dromchla trí rannóga roinnte laistigh den sráidbhaile. Tá fadhbanna leanúnacha oibríochta agus cothabhála ann, ach tá tús curtha le hoibreacha uasghrádaithe le dhá bhliain anuas. Tá srian curtha leo seo mar gheall ar rith chun srutha ó chúl an tsráidbhaile.

Tá seirbhís á soláthar ag Bus Éireann, dhá uair gach lá, idir Cathair Luimnigh agus an sráidbhaile, Luan go hAoine agus tá seirbhís Nasc Áitiúil ar fáil idir Baile Mhistéala agus Cill Mocheallóg.

Bunaithe ar eolas atá le fáil sa Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, tá seirbhís leathanbhanda ardluais á cur ar fáil do idir 95% agus 97% de Chill Fhíonáin.

**Cuspóirí Lonnaíocht Chill Fhíonáin:**

**Cuspóir KI O1 – Cearnóg an Mhargaidh** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é athchóiriú agus athúsáid fhoirgneamh Chearnóg an Mhargaidh a spreagadh d'úsáid phobail agus fiontraíochta faoi réir deiseanna maoinithe a bheith ar fáil. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar dheiseanna na béil ar an aghaidh a oscailt d'fhonn a chinntiú go bhfuil an struchtúr sábháilte agus machnamh a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le suíocháin phoiblí agus láithreacha margaidh a sholáthar.

**Cuspóir KI O2 – Limistéar faoi Rialachán Speisialta –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é sláine an Limistéir faoi Rialachán Speisialta ag Móta Chill Fhíonáin a chosaint agus a chothabháil. Cuirfidh forbairtí laistigh den limistéar seo le feabhsú na timpeallachta agus charachtar an

Limistéir faoi Rialacháin Speisialta agus ní bhainfidh sé de cháilíochtaí luach taitneamhachta speisialta an limistéir SCA.


**Cuspóir KI O3 – Forbairt Turasóireachta –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é féidearthachtaí turasóireachta an tsráidbhaile a fheabhsú trí thacú le forbairt an bhonneagair agus na saoráidí turasóireachta, lena n-áirítear cóiríocht do thurasóirí, ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de laistigh de theorainn an tsráidbhaile.

**Cuspóir KI O4 – Nascacht Coisithe/Rothaithe** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é áiseanna breise a fheabhsú agus a chruthú do choisithe agus do rothaithe de réir mar a thagann deiseanna chun cinn mar chuid d'fhorbairtí nua, lena n-áirítear nasc do choisithe a sholáthar idir eastát tithíochta Radharc Cillín agus an mheánscoil.

**Cuspóir KI O5 – Nasc le Slí Bhealach Eabhra –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é iarracht a dhéanamh bealach easbhóthair a sholáthar chun nasc a chruthú idir Slí Bhealach Eabhra agus an sráidbhaile, bunaithe ar acmhainní a bheith ar fáil.

**Limerick Development Plan 2022-2028**

**Kilfinane Zoning Map**




**LEGEND**

- Existing Residential
- New Residential
- Residential Serviced Sites
- Education & Community Facilities
- Village Centre
- Local Centre
- Enterprise & Employment
- Agriculture
- Open Space & Recreation
- Special Control Area
- Settlement boundary

| DATE | DWG. No. |
|---|---|
| Adopted June '22 | CDP-V2-L4-KL-01 |

OSI LICENCE No.


© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
Licence No. 2017/09/CCMA/Limerick City & County Council

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council

ATLANTIC EDGE LIMERICK EUROPEAN EMBRACE

**Limerick Development Plan 2022-2028**

**Kilfinane Flood Map**




**LEGEND**

- Existing Residential
- New Residential
- Residential Serviced Sites
- Education & Community Facilities
- Village Centre
- Local Centre
- Enterprise & Employment
- Agriculture
- Open Space & Recreation
- Special Control Area
- Settlement boundary
- Flood Zone A
- Flood Zone B

| DATE | DWG. No. |
| --- | --- |
| Adopted June '22 | CDP-V2-L4-KL-02 |

OSI LICENCE No.

© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
Licence No. 2017/09/CCMA/Limerick City & County Council

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council

ATLANTIC EDGE LIMERICK EUROPEAN EMBRACE

**Iniúchadh Inniúlachta na Lonnaíochta – Cill Fhíonáin**

| Uimh. an Láithreáin | Criosú | Achar (ha) | Dlús Cónaithe Ghlacthain aghaidh an heicteáir | Soilsiú | Cosáin | Iompar Poiblí | Rochtain ar Bhóthar | Uisce | Bréan | Uisce Dromchla | Riosca i gcás Tuilte | Inlíonadh/ Láithreán Athfhorbraíochta | Amlíne / Costas | Nótaí más cuí | Stádas / Sraith Seirbhíse |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Cónaithe Nua | 0.415 | 22 aonad /ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ! | ✓ | ✓ | ✘ | ✓ | | | 1 |
| 2. | Cónaithe Nua | 0.317 | 22 aonad /ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ! | ✓ | ✓ | ✘ | ✓ | | | 1 |
| 3. | Cónaithe Nua | 0.821 | 22 aonad /ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ! | ✓ | ✓ | ✘ | ✓ | | | 1 |
| 4. | Cónaithe Nua | 0.713 | 22 aonad /ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ! | ✓ | ✓ | ✘ | ✓ | | | 1 |
| 5. | Láithreáin Seirbhísithe Chónaithe | 1.547 | 10 n-aonad /ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✘ | ✓ | | | 1 |

| Eochair eolais | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Seirbhísithe/ Tá | ✓ | Inúsáidte/ Infheistíocht ag teastáil | ! | Níl riachtanach/ Níl | ✘ |
| Gearrthéarmach – soláthar laistigh de 1 - 2 bhliain | G | Meántéarmach – soláthar laistigh de 3 - 5 bhliain | M | Fadtéarmach – i ndiaidh shaolré an phlean seo | F |

## Maigh Rua

### Comhthéacs na Lonnaíochta

Is réigiún cnocach, coillteach é Maigh Rua atá suite ag iardheisceart shliabhraon Shliabh Eibhlinne, 16 chiliméadar thoir ó Chathair Luimnigh ar bhóthar an R506 Luimneach – An Cheapach Mhór. Suite gar do Mhainistir Ghleann Stáil, is lonnaíocht líneach scaipthe atá ann agus tá foirgnimh le fáil feadh na Príomhshráide agus tá ceithre chrosbhóthar ag deireadh na lonnaíochta. Níos faide anonn ó chroílár traidisiúnta sráidbhaile na Príomhshráide tá bunscoil agus eastáit tithíochta nua fhairsinge.

Is i sráidbhaile Mhaigh Rua tá Mainistir Ghleann Stáil lonnaithe, agus tá neart áiseanna agus taitneamhachtaí sa sráidbhaile, lena n-áirítear siopa, bialann agus clubanna spóirt. I measc na nithe is díol spéise atá le fáil in aisce láimhe tá Slí Shliabh Eibhlinne, Cúrsa Galf Dhá Mhaide Ghleann Stáil agus Páirc Choillearnaí Mhaigh Rua.

Bhí a chóngaracht do agus deiseanna fostaíochta a bhí le fáil i gCathair Luimnigh agus a bruachbhaile mar bhonn leis an bhfás tapa a tháinig ar an sráidbhaile a d'eascair as brú forbartha suntasach atá le tabhairt faoi deara ó 2006 agus tá pobal comaitéirí mór sa sráidbhaile anois.

### Fás daonra - faoi láthair agus amach anseo

Is lonnaíocht ainmnithe é Maigh Rua sa Daonáireamh agus tá sé suite laistigh de thrí Thoghroinn – Gleann Stáil, Cluain Caoin agus Mainistir Uaithne. In 2016 bhí daonra na lonnaíochta cothrom le 1,377 agus bhí 511 teaghais áitithe ann. Tá daonra óga sa sráidbhaile, bhí 77% den daonra faoi 44 bliain in 2016. D'fhás daonra an tsráidbhaile go suntasach idir 2006 agus 2016, tráth ar tugadh méadú 120% faoi deara.

| Bliain | Daonra |
|---|---|
| 2006 | 624 * |
| 2011 | 1,271 |

| | |
|---|---|
| 2016 | 1,377 |

*Daonra measta

Foráiltear sa chroístraitéis do leithdháileadh tithíochta de 117 aonad thar thréimhse an phlean. Tá cead pleanála amháin ar marthain luaite leis an sráidbhaile le haghaidh 27 aonad tiomanta ar limistéar iomlán de 1.46 heicteár, cead a tugadh in 2020. Glacfar leis seo mar chuid den cheanglas a bhaineann le talamh criosaithe chónaithe. Meastar chomh maith go bhfuil deiseanna ann aonaid chónaithe a thógáil laistigh de lár an tsráidbhaile.

| An Méid Aonad Tithíochta a Theastaíonn idir 2022 agus Ráithe 2 2028 | Aonaid Tithíochta a theastaíonn at Thalamh criosaithe cónaithe | Talamh Criosaithe Cónaithe Iomlán a theastaíonn (ha) | Aonaid Tithíochta a theastaíonn ar Thalamh Criosaithe Láithreán Seirbhísithe | Talamh Criosaithe Láithreán Seirbhísithe Iomlán (ha) | Aonaid chónaithe bheartaithe laistigh de thailte criosaithe i lár an tsráidbhaile |
|---|---|---|---|---|---|
| 117 | 88 | 4 ha | 22 | 2.2ha | 7 |

Tá an phríomhbhéim á leagan sa straitéis forbartha ar thacú le fás comhréireach agus an sráidbhaile a neartú agus a chomhdhlúthú. Spreagfar forbairt tithe le córais chóireála aonair, de réir Chuspóir CGR O15 i gCaibidil 3 ar thailte atá criosaithe le haghaidh láithreán seirbhísithe ar bhonn gearrthéarmach agus meántéarmach mar gheall ar na srianta bonneagair atá le tabhairt faoi deara sa sráidbhaile.

### Tithíocht

San áireamh sa tithíocht sa sráidbhaile tá meascán d'fhorbairt eastáit tithíochta, teaghaisí aonair agus forbairt theoranta árasáin (10 in 2016). Bhí 62% de na tithe úinéir-áitithe in 2016;

is ionann é seo agus figiúr níos airde ná meánfhigiúr an stáit atá cothrom le 59%. Tá na príomhcheantair tithíochta lonnaithe ó dheas den sráidbhaile. Tugadh fás forbartha suntasach faoi deara sa sráidbhaile ó 2006 agus tógadh na heastáit tithíochta nua seo a leanas ann - Ros Fearna, Geata Ghleann Stáil, *The Oaks* agus *Garranbawn*. I mí Dheireadh Fómhair 2020, fuarthas cead pleanála chun forbairt laistigh de Gheata Ghleann Stáil a chríochnú, forbairt a raibh 27 aonad le tógáil mar chuid di.

Breithneofar Forbairt Chónaithe nua de réir na mbeartas agus na gcuspóirí atá sonraithe i gCaibidil 3: Straitéis Spásúil, 4: Tithíocht agus 11: Caighdeáin Bainistíochta Forbartha. Ba cheart d'fhoirm thógtha nua iarracht a dhéanamh an t-ionannas a bhain le scéimeanna tithíochta a forbraíodh roimhe seo a sheachaint agus a chinntiú go gcruthaítear timpeallacht mhealltach ag a bhfuil aitheantas áitiúil. Ba cheart éagsúlacht níos fearr cineálacha, meascán agus dlús tithe a chinntiú, lena n-áirítear láithreáin seirbhísithe a sholáthar le haghaidh tithe aonair, tithíocht shóisialta, inacmhainne agus sciath-thithíocht. Ar an tslí seo, is féidir an raon iomlán riachtanas tithíochta a sholáthar, rud a bheidh mar bhonn le struchtúr pobail níos cothromaithe, agus seachnófar na 'tithe tosaigh' leathscoite 3 leaba a bhíonn le feiceáil sna heastáit atá tógtha cheana féin.

### Lár an tSráidbhaile agus Forbairt Gheilleagrach

Tá seirbhísí sa sráidbhaile teoranta do ghnóthaí áise, saoráidí pobail agus oideachais. De bhrí go bhfuil an sráidbhaile suite gar do Chathair Luimnigh agus go bhfuil gréasán bóithre maith ann, tá seirbhísí ar fáil go héasca lasmuigh den sráidbhaile.

### Oideachas

Tá scoil náisiúnta mheasctha ag freastal ar an sráidbhaile, Scoil Náisiúnta Mhuire, agus bhí 182 dalta ar an leabhar rolla in 2019/20 mar aon le scoil chónaithe phríobháideach dara leibhéal, Mainistir Gleann Stáil, scoil a bhí 228 dalta ag freastal uirthi. Tá seirbhís cúraim leanaí chláraithe amháin sa sráidbhaile.

### Pobal agus Áineas

Tá neart saoráidí pobail forbartha sa sráidbhaile agus raon seirbhísí lena n-áirítear, Eaglais Chaitliceach Rómhánach na Corónach, Stáisiún an Gharda Síochána, Oifig Poist, Ionad Sláinte, clós súgartha agus páirc CLG. Tá seirbhís pobail den scoth á soláthar an Páirc Choill Mhaigh Rua freisin, saoráid áineasa agus spóirt pobail ina bhfuil sé acra i lár an tsráidbhaile. Tá Páirc Uile-Aimsire 4G ann, cosán siúil agus tá pleananna déanta chun páirc scátála agus foirgneamh ilúsáide a fhorbairt. Bhain an fhorbairt seo tairbhe as maoiniú luach €3.8m a fuarthas faoin gCiste um Athnuachan agus Forbairt Tuaithe. Chomh maith leis sin, tá an sráidbhaile taobh le Coillte Ghleann Stáil, áit a bhfuil neart deiseanna áineasa do dhaoine atá ina gcónaí sa cheantar agus don phobal ó áiteanna níos faide ó bhaile.

### Athghiniúint agus Athnuachan

Tá deiseanna athghiniúna agus athnuachana ar fáil sa sráidbhaile. Mar shampla, baineann deiseanna le láithreán na Seancheárta agus na tailte mórthimpeall atá criosaithe i lár an tsráidbhaile, aonaid mhiondíola bheaga a fhorbairt, agus Ceárta athchóirithe a fhorbairt freisin mar chearnóg phoiblí nua agus d'fhéadfaí líon beag aonad cónaithe a thógáil ag an gcúl freisin.

### Oidhreacht

Tá oidhreacht thógtha shaibhir ag Maigh Rua agus tá ocht ndéanmhas luaite i dTaifead na nDéanmhas Cosanta agus sé struchtúr sainaitheanta ar Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (NIAH).

### Riosca i gcás Tuilte

Níor sainaithníodh aon fhadhbanna le tuilte sa Mheasúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte a rinneadh do Mhaigh Rua.

## Bonneagar

Tá srianta bonneagair le tabhairt faoi deara sa sráidbhaile, srianta a mbeidh tionchar acu ar an bpoitéinseal atá ag an sráidbhaile fás amach anseo. Chomh fada is a bhaineann le cúrsaí séarachais, níl aon acmhainn san ionad cóireála séarachais. Faoi Chlár na mBailte Beaga agus Sráidbhailte atá á riar ag Uisce Éireann, áiríodh Maigh Rua mar chuid d'iarratas chun an ionad cóireála fuíolluisce a uasghrádú. Meastar go ndéileálfar leis na bearnaí bonneagair thar shaolré an Phlean.

Soláthraítear uisce trí phríomhlíonra uisce poiblí. Bhí tionchar áirithe ag an triomach a tharla in 2018 agus ag na huasghráduithe a rinneadh le déanaí ar acmhainn bhreise a chur ar fáil.

Freastalaítear ar uisce dromchla sa sráidbhaile trí chóras ar leith, áit a bhfuil roinnt uisce a dhíscaoileadh chuig sruthán áitiúil agus tríd an líonra draenála atá ann cheana féin. Sainaithníodh go bhfuil an líonra seo ag feidhmiú ag barr a acmhainne agus tá fadhbanna draenála stairiúla taifeadta i bPáirc Gilmartin.

Chomh fada is a bhaineann leis an gcóras iompair phoiblí, tá busanna poiblí ag freastal ar an sráidbhaile; tá Seirbhís Bhus Éireann ag freastal ag dul chomh fada le Luimneach mar aon le seirbhísí Nasc Áitiúil idir an sráidbhaile agus an Chathair.

Bunaithe ar eolas atá le fáil sa Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, tá seirbhís leathanbhanda ardluais á cur ar fáil do 90% den sráidbhaile.

**Cuspóirí Lonnaíocht Mhaigh Rua:**


**Cuspóir MU O1** – **Uasghráduithe Bonneagair** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le forbairt agus feabhsú an bhonneagair uisce agus fuíolluisce sa sráidbhaile.

**Cuspóir MU O2 Forbairt Shuntasach** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é a chinntiú nach ndéanfar aon fhorbairt shuntasach laistigh den lonnaíocht, go dtí go mbíonn córas cóireála fuíolluisce oiriúnach bunaithe.

**Cuspóir MU O3 – Saoráidí Pobail** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le forbairt saoráidí agus seirbhísí pobail sa sráidbhaile.

**Cuspóir MU 04 – Tailte Coimeádta d'Fhorbairt na Scoile** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é a chinntiú go gcoimeádtar talamh d'úsáid na scoile, agus b'fhéidir go bhféadfadh nasc do choisithe a sholáthar chomh fada leis an bPríomhshráid.

**Cuspóir MU 05 – Oibreacha sa Ríocht Phoiblí –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le hoibreacha ar an ríocht phoiblí laistigh den sráidbhaile lena n-áirítear uasghráduithe cosáin, bearta moillithe tráchta, trasrianta coisithe, cur crann, suíocháin, boscaí bruscair etc. bunaithe ar acmhainní a bheith ar fáil.




**Limerick Development Plan 2022-2028**

**Murroe Zoning Map**

**LEGEND**

- Existing Residential
- New Residential
- Residential Serviced Sites
- Education & Community Facilities
- Village Centre
- Local Centre
- Agriculture
- Open Space & Recreation
- Utilities
- Settlement boundary

| DATE | DWG. No. |
| --- | --- |
| Adopted June '22 | CDP-V2-L4-MU-01 |

OSI LICENCE No.

© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
Licence No. 2017/09/CCMA/Limerick City & County Council

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council

ATLANTIC EDGE LIMERICK EUROPEAN EMBRACE

**Iniúchadh Inniúlachta na Lonnaíochta – Maigh Rua**

| Uimh. an Láithreáin | Criosú | Achar (ha) | Dlús Cónaithe Ghlactha in aghaidh an heicteáir | Soilsiú | Cosáin | Iompar Poiblí | Rochtain ar Bhóthar | Uisce | Bréan | Uisce Dromchla | Riosca i gcás Tuilte | Inlíonadh/ Láithreán Athfhorbraíochta | Amlíne / Costas | Nótaí más cuí | Stádas/ Sraith Seirbhíse |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **1.** | Cónaithe Nua | 1.808 | 22 aonad /ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ! | ✓ | ✘ | ✓ | | | 1 |
| **2.** | Cónaithe Nua | 0.997 | 22 aonad /ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ! | ✓ | ✘ | ✘ | | | 1 |
| **3.** | Cónaithe Nua | 1.082 | 22 aonad /ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ! | ✓ | ✘ | ✓ | | Cead faighte le haghaidh 27 aonad 19/1298 | 1 |
| **4.** | Láithreáin Seirbhísithe | 1.938 | 10 aonad /ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ! | ✓ | ✘ | ✓ | | | 1 |

| Eochair eolais | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Seirbhísithe/ Tá | ✓ | Inúsáidte/ Infheistíocht ag teastáil | ! | Níl riachtanach/ Níl | ✘ |
| Gearrthéarmach – soláthar laistigh de 1 - 2 bhliain | G | Meántéarmach – soláthar laistigh de 3 - 5 bliana | M | Fadtéarmach – i ndiaidh shaolré an phlean seo | F |

## Pailís Ghréine

## Comhthéacs na Lonnaíochta

Is lonnaíocht í Pailís Ghréine atá suite in oirthear Chontae Luimnigh ar Bhóthar an N24, Luimneach–Tiobraid Árann, 20km soir ó dheas ó Chathair Luimnigh agus thart ar 8km ó theorainn Thiobraid Árann. Ciallaíonn an t-ainm "*the Stockade of Grian*," tagairt do Bhandia Ársa Grá na hÉireann, atá nasctha freisin leis an gcnoc in aice láimhe ar a dtugtar An Coinicéar. Achar gearr síos an bóthar tá lonnaíocht ghaolmhar na Seanphailíse le fáil. Measadh gur forbraíodh sráidbhaile nua *Pailís Ghréine* sa bhliain 1815 tráth ar tógadh bóthar cóistí poist nua idir Luimneach agus Port Láirge. Bhain Pailís Ghréine nua níos mó tairbhe fós as oscailt líne iarnróid Phort Láirge-Luimnigh in 1848 tráth ar bunaíodh stáisiún iarnróid tábhachtach d'earraí agus do phaisinéirí.

Trasnaíonn Bóthar an N24 - Luimneach go Port Láirge an lonnaíocht, agus tá roinnt seirbhísí áitiúla lonnaithe ar an dá thaobh den bhealach náisiúnta, lena n-áirítear stáisiún peitril, búistéir, oifig poist, comhar creidmheasa, ionaid beir leat agus gruagaire. I i gcroílár an tsráidbhaile atá an tseanbheairic airm; tógadh Beairic Phailís Ghréine sa bhliain 1874 agus bhí ról lárnach aici sa stair áitiúil idir 1874 – 1984.

D'fhorbair an sráidbhaile sna 1970idí i ndiaidh do Chomhairle Contae Luimneach Eastát Godfrey agus comhairle pobail a cheannach. Ó shin i leith, forbraíodh na hacmhainní pobail atá le fáil sa sráidbhaile lena n-áirítear: Páirc agus clubtheach Chlub CLG Phailís Ghréine, dhá chúirt leadóige, Ionad Pobail Phailís Ghréine agus Páirc Sacair Phailís Aontaithe agus clós súgartha do leanaí.

Ainneoin go bhfuil daonra an tsráidbhaile réasúnta íseal, ciallaíonn a shuíomh mar ionad seirbhíse áitiúil agus a shuíomh ar bhóthar náisiúnta gnóthach, gur fhorbair an sráidbhaile mar fheidhm thábhachtach chathartha agus seirbhíse do lucht cónaithe na háite, a chúlchríoch agus daoine atá ag taisteal tríd an sráidbhaile.

## Fás daonra - faoi láthair agus amach anseo

Is lonnaíocht ainmnithe á Pailís Ghréine sa Daonáireamh agus tá sé suite laistigh de Thoghroinn Ghréine. Bhí daonra de 568 duine sa lonnaíocht in 2016, mar atá sainaitheanta laistigh de theorainn CSO, ach áirítear anseo, áfach, lonnaíocht an Choinicéir, atá sainaitheanta mar Lonnaíocht Leibhéal 5 in Ordlathas Lonnaíochta Luimnigh. In 2016, bhí daonra Phailís Ghréine, An Coinicéar as an áireamh, cothrom le 518 duine. Chun críche na hanailíse staitistiúla ar an daonra, cuimsítear sna figiúirí anailís teorainneacha CSO. Laghdaigh an daonra i bPailís Ghréine 3.4% i rith thréimhse idirdhaonáirimh 2011 – 2016, agus sa tréimhse idir 2006 – 2011 tugadh méadú iomlán daonra de 39% faoi deara sa sráidbhaile. Ainneoin go bhfuil 60% den daonra faoi 44, tá daonra níos sine sa sráidbhaile freisin - tá 21% den daonra níos sine ná 65 bliain i gcomparáid le meánfhigiúr an stáit atá cothrom le 13%. Tá An Coinicéar curtha san áireamh sna figiúirí thíos chun críche comparáide.

| Bliain | Daonra |
|---|---|
| 2006 | 359 |
| 2011 | 589 |
| 2016 | 568 |

Foráiltear sa chroístraitéis do leithdháileadh tithíochta de 54 aonad sa sráidbhaile thar thréimhse an phlean. Cinneadh i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar ceadanna pleanála ar marthain laistigh den sráidbhaile go bhfuil cead faighte le haghaidh trí theaghais cúig sheomra taobh le heastát cónaithe *The Grove*, a chuirfear san áireamh mar chuid de cheanglas a bhaineann le talamh criosaithe cónaithe.

| An Méid Aonad Tithíochta a Theastaíonn idir 2022 agus Ráithe 2 2028 | Aonaid Tithíochta a theastaíonn at Thalamh criosaithe cónaithe | Talamh Criosaithe Cónaithe Iomlán a theastaíonn (ha) | Aonaid Tithíochta a theastaíonn ar Thalamh Criosaithe Láithreán Seirbhísithe | Talamh Criosaithe Láithreán Seirbhísithe Iomlán (ha) | Aonaid chónaithe bheartaithe laistigh de thailte criosaithe i |
|---|---|---|---|---|---|

| | | | | | **lár an tsráidbhaile** |
|---|---|---|---|---|---|
| 54 | 41 | 1.83ha | 10 | 1ha | 5%=3 |

Tá an phríomhbhéim á leagan sa straitéis forbartha ar thacú le fás comhréireach agus an sráidbhaile a neartú agus a chomhdhlúthú. Ag féachaint don líon láithreán folamh nó tréigthe laistigh den lonnaíocht, meastar go bhfuil deiseanna ann aonaid chónaithe a fhorbairt laistigh de lár an tsráidbhaile; dá réir sin, tá 5% den fhás thar thréimhse an phlean leithdháilte d'fhorbairt i gcriosú lár an tsráidbhaile.

### Tithíocht

Cuimsítear sa tithíocht sa sráidbhaile aonad miondíola/úsáide measctha amháin ar phríomhbhóthar an N24 ina bhfuil dhá theaghais agus trí árasán. Chomh maith leis sin, áirítear sa lonnaíocht roinnt tithe aonair, tithíocht sraithe agus dhá eastát tithíochta cónaithe beaga – *Garraun Beg* agus *The Grove* ó dheas de lár an tsráidbhaile. In 2016 bhí 67% de na tithe úinéir-áitithe. Tá na príomhcheantair tithíochta lonnaithe ó thuaidh agus thoir d'acomhal an L1135/L1152 agus Bóthar Thiobraid Árann agus feadh na Príomhshráide ar an N24.

Breithneofar Forbairt Chónaithe Nua de réir na mbeartas agus na gcuspóirí atá sonraithe i gCaibidil 3: Straitéis Spásúil, 4: Tithíocht agus 11: Caighdeáin Bainistíochta Forbartha. Ba cheart d'fhoirm thógtha nua iarracht a dhéanamh an t-ionannas a bhain le scéimeanna tithíochta a forbraíodh roimhe seo a sheachaint agus a chinntiú go gcruthaítear timpeallacht mhealltach ag a bhfuil aitheantas áitiúil. Ba cheart éagsúlacht níos fearr cineálacha, meascán agus dlús tithe a chinntiú, lena n-áirítear láithreáin seirbhísithe a sholáthar le haghaidh tithe aonair, tithíocht shóisialta, inacmhainne agus sciath-thithíocht. Ar an tslí seo, is féidir freastal ar an raon iomlán riachtanas tithíochta, rud a bheidh mar bhonn le struchtúr pobail níos cothromaithe. I bPailís Ghréine, tá 2.83 heicteár de thalamh ar fad ag teastáil d'fhorbairt chónaithe.

### Lár an tSráidbhaile agus Forbairt Gheilleagrach

Is ionad seirbhíse gnóthach don sráidbhaile agus ceantar mórthimpeall é Pailís Ghréine, lena n-áirítear dóibh siúd atá ag taisteal tríd an lonnaíocht. Tá ról an tsráidbhaile chomh fada is a bhaineann le seirbhísí, bonneagar sóisialta agus pobail a sholáthar don cheantar mórthimpeall sainaitheanta. Cruthaíonn an sráidbhaile, mar chuid dá fheidhm seirbhíse don cheantar mórthimpeall, fostaíocht ar scála beaga sna seirbhísí a sholáthraítear. Le fáil i lár an tsráidbhaile tá stáisiún peitril, búistéir, oifig poist, comhar creidmheasa, dhá ionad beir leat agus ionad beir leat/bialann bhreise, gruagaire agus sciamhlann ingne, oifig poist agus trí theach tábhairne.

Cuireadh Plean Pobail Phailís Ghréine/Theampall Uí Bhrídeáin 2019-2023 i gcrích i gcomhpháirt leis an bpobal áitiúil agus le CTR Forbartha Bhealach Eabhra. Tarraingíodh aird sa phlean ar phoitéinseal turasóireachta an cheantair. Tá oidhreacht thógtha láidir i bPailís Ghréine/Teampall Uí Bhrídeáin mar aon le roinnt láithreán seandálaíocha/oidhreachta cosúil le Cnoc an Choinicéir, Colúin Bhasailt, Carraig an tSáirséalaigh, Caisleán na Cille Duibhe agus An Mhaoilchearn. Ainneoin nár glacadh le turasóireacht mar ghné shuntasach den phlean pobail, tharraing an próiseas comhairliúcháin aird ar roinnt réimsí féidearthachta arbh fhiús iad a fhiosrú i bhfianaise a shuímh in Oirthear Ársa na hÉireann agus na bhféidearthachtaí a bhaineann le limistéir siúil a chruthú a chuireann le luach taitneamhachta na háite in intinn daoine áitiúla agus cuairteoirí araon.

### Oideachas

Níl aon bhunscoil laistigh den lonnaíocht chriosaithe, ach tá Scoil Náisiúnta an Choinicéir suite níos lú ná ciliméadar amháin ó chroílár na lonnaíochta ar an L1152 (Bóthar na Seanphailíse) agus nascann cosán coisithe Pailís Ghréine leis an scoil. Is scoil mheasctha atá ann agus bhí 137 mac léinn cláraithe sa scoil in 2019/20.

### Pobal agus Áineas

Tá earnáil dheonach bunaithe sa sráidbhaile, a bhfuil forbairtí suntasacha curtha i gcrích aici i gcaitheamh na mblianta. Bhí ról lárnach ag Comhairle Pobail Phailís Ghréine/Theampall Uí Bhrídeáin i bhforbairt na saoráidí pobail atá le fáil sa sráidbhaile inniu. I measc na saoráidí atá le fáil tá Páirc CLG, cúirteanna leadóige, páirc sacair, Ionad Pobail agus clós súgartha. Tá Coiste Bailte Slachtmhara gníomhach i bPailís Ghréine, Cumann CLG Phailís Ghréine, Club Ban Phailís Ghréine, Grúpa Drámaíochta, Club Óige, Cumann Cónaitheoirí agus Cumann Staire.

Rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh iarratas do shiúlóid lúibe faoi Scéim na mBeart Iompair Inbhuanaithe in 2021 do Phailís Ghréine. Áirítear sa togra, atá thart ar 2.2km ar fad, cosán nua, draenáil agus soilse poiblí a nascann sráidbhaile Phailís Ghréine le Teach Altranais San Antaine chun taitneamhacht shábháilte a sholáthar ar an lúb siúil cháiliúil atá le fáil i bPailís Ghréine cheana féin.

### Athghiniúint agus Athnuachan

Tá lonnaíocht Phailís Ghréine réasúnta beag, tá sí le fáil i lár an tsráidbhaile ó thuaidh agus ó dheas den N24.. Tá trí láithreán sainaitheanta mar Láithreáin Thréigthe/Fholmha laistigh den sráidbhaile, láithreáin a d'fhéadfaí a athúsáid. Ceann de na foirgnimh seo é an tseanbheairic airm a tógadh sa 19ú haois. Tá dearadh na beairce neamhghnách agus tá sé luaite le seánra na dtúrthithe a tógadh sa 14ú-15ú haois. Tá an bheairic an-fheiceálach mar gheall ar a scála agus suíomh ar phríomhbhóthar an N24 trasna ón stáisiún peitril. Cuireann an foirgneamh leis an drochbhail atá ar an sráidbhaile agus tá deiseanna ann an foirgneamh seo a athúsáid.

### Oidhreacht

Tá oidhreacht thógtha láidir ag Pailís Ghréine agus tá ceithre Dhéanmhas Cosanta laistigh de theorainn na lonnaíochta agus tá 11 dhéanmhas liostaithe i bhFardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta.

### Tuilte

Sainaithnítear sa Mheasúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte tailte a bhfuil riosca i gcás tuilte luaite leo, lena n-áirítear ceantar atá ag trasnú an N24, i dtreo thuaidh-theas, ar imeall thiar lár an tsráidbhaile agus i dtreo thiar-thoir ó thuaidh den N24. Tá impleachtaí aige seo ar chriosú talamhúsáide agus ghlac an Chomhairle le cúr chuige réamhchúramach i ndáil le forbairtí leochaileacha ar thailte a bhfuil riosca i gcás tuilte luaite leo agus cuirfear an cur chuige sin san áireamh nuair a bheidh na tailte seo á gcriosú. Dá réir sin, tá na tailte seo criosaithe d'úsáid talmhaíochta amháin.

### Bonneagar

Tá acmhainn fuíolluisce i bPailís Ghréine san ionad cóireála fuíolluisce. Tá acmhainn ar fáil sa soláthar uisce chun freastal ar an bhforbairt bheartaithe laistigh de shaolré an Phlean, ach tugtar fadhbanna faoi deara i rith triomaigh, áfach. Tá fadhb ag baint leis an sceitheadh stoirme i rith drochaimsire, ach tá sé beartaithe líonra draenála nua a thógáil faoin N24, faoi réir maoiniú a bheith ar fáil.

Chomh fada is a bhaineann le cúrsaí iompair, tá seirbhís laethúil á soláthar ag Bus Éireann idir Cathair Luimnigh agus Port Láirge, a stopann i lár Phailís Ghréine taobh amuigh de *Harty's Butchers*. Chomh maith leis sin, tá seirbhís Bhus Éireann ar fáil idir Cathair Luimnigh agus Baile Thiobraid Árann trí huair sa lá, Luan go hAoine, a stopann ar phríomhbhóthar an N24 freisin chun freastal ar phobal Phailís Ghréine. Tá seirbhís fillte á soláthar ag Seirbhís Bus Uí Cheallaigh, idir an Mháirt agus an Satharn, idir Cathair Luimnigh agus An Bhearna/An Chill Dhubh, agus tá roinnt stadanna i bPailís Ghréine agus An Coinicéar.

Bunaithe ar eolas atá le fáil sa Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, tá seirbhís leathanbhanda ardluais á cur ar fáil do idir 96% den lonnaíocht.


**Cuspóirí Lonnaíocht Phailís Ghréine:**

**Cuspóir PA O1 – Saoráidí Áineasa –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le gníomhaíochtaí áineasa a bhunú laistigh den sráidbhaile, lena n-áirítear idir sráidbhaile Phailís Ghréine agus siúlbhealach lúibe Theach Altranais San Antaine.

**Cuspóir PA O2 – Athfhorbairt Láithreán Tréigthe –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le hathfhorbairt láithreán folamh agus tréigthe, laistigh de Phailís Ghréine, go háirithe foirgneamh na Seanbheairice Airm sa sráidbhaile.

**Limerick Development Plan 2022-2028**

**Pallasgreen Zoning Map**




**LEGEND**

- Existing Residential
- New Residential
- Residential Serviced Sites
- Education & Community Facilities
- Village Centre
- Enterprise & Employment
- Open Space & Recreation
- Settlement boundary


| DATE | DWG. No. |
|---|---|
| Adopted June '22 | CDP-V2-L4-PG-01 |

OSI LICENCE No.

© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
Licence No. 2017/09/CCMA/Limerick City & County Council

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council

ATLANTIC EDGE LIMERICK EUROPEAN EMBRACE




**Limerick Development Plan 2022-2028**

**Pallasgreen Flood Map**

**LEGEND**

- Existing Residential
- New Residential
- Residential Serviced Sites
- Education & Community Facilities
- Village Centre
- Enterprise & Employment
- Open Space & Recreation
- Settlement boundary
- Flood Zone A
- Flood Zone B

| DATE | DWG. No. |
|---|---|
| Adopted June '22 | CDP-V2-L4-PG-02 |

OSI LICENCE No.

© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
Licence No. 2017/09/CCMA/Limerick City & County Council

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council

ATLANTIC EDGE LIMERICK EUROPEAN EMBRACE

**Iniúchadh Inniúlachta na Lonnaíochta – Pailís Ghréine**

| Uimh. an Láithreáin | Criosú | Achar (ha) | Dlús Cónaithe Ghlacthain in aghaidh an heicteáir | Soilsiú | Cosáin | Iompar Poiblí | Rochtain ar Bhóthar | Uisce | Bréan | Uisce Dromchla | Riosca i gcás Tuilte | Inlíonadh/ Láithreán Athfhorbraíochta | Amlíne / Costas | Nótaí más cuí | Stádas/ Sraith Seirbhíse |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **1** | Cónaithe Nua | 0.613 | 22 aonad /ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ! | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | N/B | | 2 |
| **2.** | Cónaithe Nua | 1.424 | 22 aonad /ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ! | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | N/B | | 2 |
| **3.** | Láithreáin Seirbhíse Cónaithe | 1.069 | 10 aonad /ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ! | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | N/B | | 2 |

| **Eochair eolais** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Seirbhísithe/ Tá | ✓ | Inúsáidte/ Infheistíocht ag teastáil | ! | Níl riachtanach/ Níl | ✗ |
| Gearrthéarmach – soláthar laistigh de 1 - 2 bhliain | G | Meántéarmach – soláthar laistigh de 3 - 5 bliana | M | Fadtéarmach – i ndiaidh shaolré an phlean seo | F |

## Pailís Chaonraí

## Comhthéacs na Lonnaíochta

Tá an t-ainm *Pailís Chaonraí* bunaithe ar Chaisleán Chaonraí, ceann de na caisleáin ársa a bhí le fáil i gContae Luimnigh. Tá cúlchríoch talmhaíochta tuaithe le fáil mórthimpeall an tsráidbhaile, tá sé gar d'Inbhear na Sionainne agus tá sé suite 16km siar ó Chathair Luimnigh. Tá an sráidbhaile eagraithe i bpatrún líneach agus tá forbairtí tithíochta nua le fáil ag an taobh ó thuaidh den sráidbhaile.

## Fás daonra - faoi láthair agus amach anseo

Is lonnaíocht ainmnithe í Pailís Chaonraí sa Daonáireamh agus bhí 651 duine ina gcónaí sa lonnaíocht in 2016 agus bhí 268 teaghais áitithe. Tá próifíl daonra réasúnta óg ag an sráidbhaile, tá 31% sa chohórt aoise 0-19 mbliana d'aois, de réir Dhaonáireamh 2016. Tá an ráta seo i bhfad níos airde ná meánráta an Stáit atá cothrom le 28%. D'fhás daonra an tsráidbhaile idir 2006 agus 2016, tráth ar tugadh méadú 22% faoi deara.

| Bliain | Daonra |
|---|---|
| 2006 | 534 |
| 2011 | 664 |
| 2016 | 651 |

Sa chroístraitéis soláthraítear leithdháileadh tithíochta de 62 aonad do Phailís Chaonraí thar thréimhse an phlean. Cinneadh, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar cheadanna pleanála ar marthain sa sráidbhaile go bhfuil 30 aonad tiomanta ag An Curran sa sráidbhaile. Glacfar leis seo mar chuid den cheanglas a bhaineann le talamh criosaithe chónaithe.

| An Méid Aonad Tithíochta a | Aonaid Tithíochta a theastaíonn at | Talamh Criosaithe Cónaithe | Aonaid Tithíochta a theastaíonn | Talamh Criosaithe Láithreán | Aonaid chónaithe bheartaithe |
|---|---|---|---|---|---|

| Theastaíonn idir 2022 agus Ráithe 2 2028 | Thalamh criosaithe cónaithe | Iomlán a theastaíonn (ha) | ar Thalamh Criosaithe Láithreán Seirbhísithe | Seirbhísithe Iomlán (ha) | laistigh de thailte criosaithe i lár an tsráidbhaile |
|---|---|---|---|---|---|
| 63 | 47 | 2.14 | 12 | 1.2 | 5%=3 |

Tá an phríomhbhéim á leagan sa straitéis forbartha ar thacú le fás comhréireach Phailís Chaonraí agus an sráidbhaile a neartú agus a chomhdhlúthú. Meastar go bhfuil deiseanna ann aonaid chónaithe a fhorbairt laistigh de lár an tsráidbhaile; dá réir sin, tá 5% den fhás thar thréimhse an phlean leithdháilte d'fhorbairt i gcriosú lár an tsráidbhaile.

### Tithíocht

Cuimsítear sa tithíocht sa sráidbhaile meascán de thithíocht sraithe i lár an tsráidbhaile, roinnt eastát tithíochta lena n-áirítear An Curran, Roschoill, *the Limeyard* agus Cluan Mhuire. Bhí 68% de na tithe úinéir-áitithe in 2016; is ionann é seo agus figiúr níos airde ná meánfhigiúr an stáit atá cothrom le 59%. Tá na príomhcheantair tithíochta lonnaithe sa taobh ó thuaidh den sráidbhaile. Rinneadh roinnt gníomhaíochtaí pleanála sa sráidbhaile ó cuireadh an Plean Forbartha deiridh i dtoll a chéile agus cuireadh 16 theach nua feadh na Príomhshráide san áireamh, tithe atá á dtógáil faoi láthair agus ceithre theaghais athsholáthair aon stóir díreach taobh leis an bPríomhshráid feadh an L1201. Tá cead pleanála cónaithe ar marthain le haghaidh 30 aonad sa sráidbhaile agus tá forbairt chónaithe faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil ceadaithe laistigh de theorainn an tsráidbhaile.

Breithneofar Forbairt Chónaithe nua de réir na mbeartas agus na gcuspóirí atá sonraithe i gCaibidil 3: Straitéis Spásúil, 4: Tithíocht agus 11: Caighdeáin Bainistíochta Forbartha. Ba cheart d'fhoirm thógtha nua iarracht a dhéanamh an t-ionannas a bhain le scéimeanna tithíochta a forbraíodh roimhe seo a sheachaint agus a chinntiú go gcruthaítear timpeallacht mhealltach ag a bhfuil aitheantas áitiúil. Ba cheart éagsúlacht níos fearr cineálacha, meascán agus dlús tithe a chinntiú, lena n-áirítear láithreáin seirbhísithe a sholáthar le haghaidh tithe aonair, tithíocht shóisialta, inacmhainne agus sciath-thithíocht. Ar an tslí seo, is féidir freastal

ar an raon iomlán riachtanas tithíochta, rud a bheidh mar bhonn le struchtúr pobail níos cothromaithe.

### Lár an tSráidbhaile agus Forbairt Gheilleagrach

I measc na seirbhís atá ar fáil sa sráidbhaile tá seirbhísí áise cosúil le siopaí grósaeireachta, tithe tábhairne, sciamhlann, bialann Shíneach, ionaid mhearbhia, oifig poist, comhar creidmheasa, bearbóir agus teach tórraimh.  Feidhmíonn an sráidbhaile mar mhol seirbhíse don cheantar mórthimpeall agus tá soláthraíonn an Coláiste Talmhaíochta atá lonnaithe ar thailte Mheánscoil na Sailéiseach, saoráid oiliúna do mhic léinn ar fud na tíre.

### Oideachas

Tá scoil náisiúnta mheasctha ag freastal ar an sráidbhaile, Scoil Náisiúnta Phailís Chaonraí, agus bhí 137 dalta ar an leabhar rolla in 2019/20.  Tá Meánscoil na Sailéiseach suite lasmuigh de ach gar don sráidbhaile agus tá sí ag freastal ar an bpobal áitiúil agus ar dhaoine ó chúlchríoch na scoile.  In 2019/20 bhí 708 mac léinn ag freastal ar an scoil. Soláthraíonn Club Iarscoile Phailís Chaonraí seirbhísí cúraim leanaí don sráidbhaile.

### Pobal agus Áineas

Tá neart saoráidí pobail forbartha sa sráidbhaile agus raon seirbhísí lena n-áirítear, Eaglais Chaitliceach Mhuire, Stáisiún an Gharda Síochána, Oifig Poist, Clós Súgartha agus páirc mhór CLG agus tá cead faighte balla liathróide a fhorbairt.  Chomh maith leis sin, tá Meánscoil mhór suite taobh amuigh de theorainn an tsráidbhaile.

Fuarthas maoiniú faoin Scéim Athnuachana Baile Beaga agus Sráidbhailte chun siúlbhealach a fhorbairt feadh theorainn thoir an tsráidbhaile, obair a bhí beartaithe a chur i gcrích in 2021.

### Oidhreacht

Tá stádas déanmhas cosanta luaite leis na déanmhais seo atá le fáil sa sráidbhaile. Ina measc tá an Séipéal, an Halla Pobail agus an Eaglais Mheitidisteach.

### Tuilte

Sainaithnítear sa Mheasúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte riosca i gcás tuilte sa limistéar ó dheas den sráidbhaile. Is d'úsáidí pobail agus áineasa a úsáidtear talamh ag suíomh seo.

### Bonneagar

Chomh fada is a bhaineann le séarachas, tá acmhainn leordhóthanach ag an ionad atá ann faoi láthair freastal ar an bhfás a mheastar a bheidh le tabhairt faoi deara thar shaolré an phlean. Soláthraítear uisce ó Ionad Cóireála Uisce Fhainge/Inbhear na Sionainne. Tá acmhainn spártha sa líonra uisce dromchla agus sa díscaoileadh scartha chuig an loch ag cúl Eastát Chluan Mhuire. Níl ach acmhainn an-teoranta ar fáil i gCrios Acmhainní Uisce Inbhear na Sionainne (WRZ), ní leor é seo chun freastal ar an bhfás a bhfuil súil leis sa WRZ. Tá tionscadal beartaithe chun Crios Acmhainní Uisce (WRZ) Inbhear na Sionainne a nascadh le WRZ Chathair Luimnigh a dhéileálfaidh leis na bacainní ar acmhainní soláthair uisce i bPailís Chaonraí. Cuirfear an tionscadal seo i gcrích thar shaolré an Phlean Forbartha, faoi réir cead a fháil.

Chomh fada is a bhaineann le hiompar poiblí, tá busanna poiblí ag freastal ar an sráidbhaile agus tá roinnt seirbhísí bus laethúla á soláthar idir Luimneach agus na bailte in aice láimhe.

Bunaithe ar eolas atá le fáil sa Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, tá seirbhís leathanbhanda ardluais á cur ar fáil do 79% den sráidbhaile.


**Cuspóirí Lonnaíocht Shonrach Phailís Chaonraí:**

**Cuspóir PAL O1 – Éiceapháirc/Páirc Bhithéagsúlachta –** Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le forbairt Éiceapháirce/Páirc Bhithéagsúlachta agus siúlbhealaí gaolmhara ar thailte atá ag cúl Chluan Mhuire.

**Cuspóir PAL O2 – Uasghráduithe ar an Ríocht Phoiblí** – Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le hoibreacha ar an ríocht phoiblí laistigh den sráidbhaile agus ag *Nash's Cross* agus naisc le Coláiste na Sailéiseach a fheabhsú, bunaithe ar acmhainní a bheith ar fáil.

# Limerick Development Plan 2022-2028

## Pallaskenry Zoning Map




**LEGEND**

- Existing Residential
- New Residential
- Residential Serviced Sites
- Education & Community Facilities
- Village Centre
- Open Space & Recreation
- Settlement boundary

| DATE | DWG. No. |
|---|---|
| Adopted June '22 | CDP-V2-L4-PK-01 |


OSI LICENCE No.

© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
Licence No. 2017/09/CCMA/Limerick City & County Council

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council

# Limerick Development Plan 2022-2028

## Pallaskenry Flood Map




**LEGEND**

- Existing Residential
- New Residential
- Residential Serviced Sites
- Education & Community Facilities
- Village Centre
- Open Space & Recreation
- Settlement boundary
- Flood Zone A
- Flood Zone B

| DATE | DWG. No. |
|---|---|
| Adopted June '22 | CDP-V2-L4-PK-02 |

OSI LICENCE No.

© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
Licence No. 2017/09/CCMA/Limerick City & County Council

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council
LIMERICK

**Iniúchadh Inniúlachta na Lonnaíochta – Pailís Chaonraí**

| Uimh. an Láithreáin | Criosú | Achar (ha) | Dlús Cónaithe Ghlactha in aghaidh an heicteáir | Soilsiú | Cosáin | Iompar Poiblí | Rochtain ar Bhóthar | Uisce | Bréan | Uisce Dromchla | Riosca i gcás Tuilte | Inlíonadh/ Láithreán Athfhorbraíochta | Amlíne / Costas | Nótaí más cuí | Stádas/ Sraith Seirbhíse |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **1.** | Cónaithe Nua | 0.224 | 22 aonad /ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | | Cead faighte le haghaidh 30 aonad idir 1 & 2 18/958 | 1 |
| **2.** | Cónaithe Nua | 1.619 | 22 aonad /ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | | Mar atá thuasluaite | 1 |
| **3.** | Cónaithe Nua | 0.753 | 22 aonad /ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | | Forbairt Thiomanta Údaráis Áitiúil | 1 |
| **4.** | Láithreáin Seirbhísithe Chónaithe | 1.002 | 10 aonad /ha | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | | | 1 |

| Eochair eolais | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Seirbhísithe/ Tá | ✓ | Inúsáidte/ Infheistíocht ag teastáil | ! | Níl riachtanach/ Níl | ✗ |
| Gearrthéarmach – soláthar laistigh de 1 - 2 bhliain | G | Meántéarmach – soláthar laistigh de 3 - 5 bhliain | M | Fadtéarmach – i ndiaidh shaolré an phlean seo | F |

# Imleabhar 2

# Leibhéal 5  – Sráidbhailte Beaga

## Clár Ábhar


Leibhéal 5: Sráidbhailte Beaga ... 2

Réamhrá ... 2

Áth an tSléibhe ... 5

An tÁth Leacach ... 7

Béal Átha Grean ... 8

Baile Dhá Thuile ... 9

Baile an Londraigh ... 10

Baile an Fhaoitigh ... 11

Béal an Átha ... 12

Carraig Chiarraí ... 14

Caisleán Maí Tamhnach ... 15

Clár Aidhne ... 16

Cróch ... 17

Feadamair ... 18

An Gallbhaile ... 19

Baile Hiobaird ... 20

Baile Nua Chill Díoma ... 21

Cill Tíle ... 22

Cnoc Loinge ... 23

Leamhchoill ... 24

Montpelier ... 25

Cnoc Uí Choileáin ... 26

An Coinicéar ... 27

Úlla ... 27

Seanghualainn ... 29

Teampall an Ghleanntáin ... 30

Tuar na Fola ... 31

## Leibhéal 5: Sráidbhailte Beaga

## Réamhrá

Sainaithníodh fiche a sé lonnaíocht laistigh de Leibhéal 5 den ordlathas lonnaíochta do Luimneach. Tugtar cuntas sa cháipéis seo a leanas ar phróifíl ghearr do gach lonnaíocht anuas ar an léarscáil ghaolmhar lonnaíochta dóibh seo a leanas: Ardach, an tÁth Leacach, Áth an tSléibhe, Béal Átha Grean, Baile Dhá Thuile, Baile an Londraigh, Baile an Fhaoitigh, Béal an Átha, Caisleán Maí Tamhnach, Clár Aidhne, Cróch, Feadamair, an Gallbhaile, Baile Hiobaird, Baile Nua Chill Díoma, Cill Tíle, Cnoc Loinge, Leamhchoill, Úlla, Montpelier, Cnoc Uí Choileáin, an Coinicéar, Seanghualainn, Teampall an Ghleanntáin, Tuar na Fola.

Bíonn daonra idir 120 agus 150 duine i Sráidbhailte Beaga Leibhéal 5, de ghnáth, agus bíonn réimse saoráidí bonneagracha, sóisialta agus pobail iontu. Tá roinnt bonneagar bunriachtanach ag na lonnaíochtaí seo (i.e. saoráidí uisce agus/nó camrais na Comhairle) agus réimse bonneagair pobail a dhéanann soláthar do riachtanais áisiúlachta agus laethúla an daonra áitiúil agus an cheantair máguaird. Cuireann siad roinnt deiseanna fostaíochta ar scála beag agus feidhmeanna cónaithe agus pobail ar leibhéal áitiúil ar fáil freisin.

Trí bhainistiú cúramach a dhéanamh ar fhás inbhuanaithe shráidbhailte Luimnigh, cuirfear luach leo agus cruthófar lonnaíochtaí níos meallta inar féidir le daoine cónaí agus oibriú. Leagfar béim ar na dúshláin reatha a shárú atá roimh na lonnaíochtaí seo, neartú agus comhdhlúthú chroí na lonnaíochta, an daonra agus seirbhísí reatha agus fairsingiú seirbhísí a thacaíonn le sraitheanna uachtaracha an ordlathais lonnaíochta a chothú ina measc. Ar aon dul le Cuspóir Beartais Náisiúnta 3c, tá 30% de na háiteanna cónaithe nua ar a ndírítear laistigh de Shráidbhailte Beaga Leibhéal 5 laistigh dá loirg choise reatha thógtha.

Ba cheart na próifílí lonnaíochta seo a leanas a léamh i gcomhar leis na beartais agus cuspóirí ardleibhéil a leagtar amach in Imleabhar 1 den Phlean Forbartha seo i dtreo sráidbhailte mealltacha agus 'inchónaithe' a bhaint amach ina gcuirtear caighdeán beatha ar fáil a bheidh daoine níos toiliúla a roghnú sna blianta amach romhainn.

Príomhábhar a bhreithneofar chun na lonnaíochtaí seo a athbheochan a bheidh i ndul i ngleic le folúntas agus dearóiliú laistigh de na sráidbhailte seo, mar bhealach le dul i ngleic le héileamh tithíochta. Tá creatlach láidir shóisialta ag go leor de na sráidbhailte seo agus déanfaidh leas a bhaint as na saintréithe seo áiteanna inmhianaithe le cónaí iontu de na láithreacha seo. Cuirfear seo chun cinn ar fud an Phlean.

**Ardach**

Tá Ardach suite 40 km laistiar de Chathair Luimnigh, 3 km ón gCaisleán Nua agus tá sé lonnaithe amach ó Bhóthar Réigiúnach an R523. Léirítear i nDaonáireamh 2016 go raibh 266 duine i ndaonra Ardach. Meastar go bhfuil 114 áit chónaithe in Ardach, a gcónaítear in 103 díobh agus tá ráta folúntais 9% ann. Is ionann folúntas tráchtála agus 50% faoi láthair agus tá ocht n-aonad tráchtála fholmha ann.

Cuirtear réimse seirbhísí ar fáil sa sráidbhaile, bunscoil, siopa búistéara, siopa seandachtaí agus clinic luibheanna, ionad fóillíochta ina bhfuil saoráidí athchúrsála pobail, siopa comharchumainn, tithe tábhairne, scoil Montessori, ionad pobail agus séipéal san áireamh. Tá saoráidí spóirt ar fáil chomh maith ar chúl Scoil Náisiúnta Naomh Molua.

Baineann Ardach sochar freisin ó bheith lonnaithe feadh Ghlasbhealach Luimnigh, ar bealach 40 km siúil agus rothaíochta easbhóthair é atá lonnaithe feadh seanlíne iarnróid a cheanglaíonn na trí bhaile margaidh – Ráth Caola, an Caisleán Nua agus Mainistir na Féile in Iarthar Luimnigh agus a cheanglófar le Lios Tuathail, Contae Chiarraí go gairid amach anseo. Rinneadh iarratas rathúil ar chistiú faoin gCiste Forbartha um Athghiniúint Tuaithe chun tacú le hathfhorbairt Theach an tSeanstáisiúin in Ardach.  Tá obair ar bun faoi láthair leis an bhfoirgneamh seo a athchóiriú ar mhaithe le cuspóirí áineasa chun tacú le Glasbhealach Luimnigh.

Soláthraítear uisce don sráidbhaile ó scéim an Chaisleáin Nua agus tá srianta ann i dtaobh an tsoláthair ón scéim seo. I dtaobh cóireáil fuíolluisce, meastar go bhfuil toilleadh dóthanach ann le freastal ar fhorbairt laistigh de shaolré an phlean.  Tá an líonra uisce dromchla don sráidbhaile scartha sa phríomhphíobán.

Tá ar chumas an tsráidbhaile turasóireacht agus conláistí a fhorbairt chun tacú le Glasbhealach Luimnigh, agus aird ar a láthair.


© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
Licence No. 2017/09/CCMA/Limerick City & County Council

## Áth an tSléibhe


Tá Áth an tSléibhe lonnaithe 57 ciliméadar laistiar de Chathair Luimnigh, i ngar do theorainn Chontae Chiarraí. Bhí 369 duine i ndaonra an tsráidbhaile in 2016, arb ionann sin agus laghdú 4% ó 2011.  Bhí 157 aonad áite cónaithe in 2016 sa sráidbhaile agus bhí an céatadán ba mhó den daonra (30%) sa chohórt aoise 45-64 bliain d'aois.

Cuirtear réimse fairsing seirbhísí ar fáil sa lonnaíocht, roinnt siopaí, tithe tábhairne, ionad sláinte, cógaslann, comhar creidmheasa, garáistí tráchtála, adhlacóir, halla phobail, búistéir agus scoil ina measc. Sreabhann Abhainn na Gáile tríd an sráidbhaile, a dhéanann an príomhlimistéar tithíochta agus siopadóireachta a scaradh ón Scoil Náisiúnta agus Halla Spóirt agus Caitheamh Aimsire Con Colbert.  Tá roinnt scéimeanna tithíochta sa sráidbhaile, Hillside Drive agus Gaelside san áireamh.

Soláthraítear uisce ó Ionad Cóireála Uisce Mhainistir na Féile.  I dtaobh toilleadh breise, meastar go ndéanfar í a uasghrádú laistigh de shaolré an phlean. Críochnaíodh Ionad Cóireála Fuíolluisce nua in 2019 agus tá toilleadh breise aige.

Tá córas Uisce Dromchla reatha ann in Áth an tSléibhe, atá scartha go príomha.  Déanfar athbhreithniú air seo mar chuid de staidéar indéantachta Scéim Faoisimh ó Thuilte Áth an tSléibhe.

Sainaithníodh tailte in aice na Gáile amhail bheith i mbaol ag tuile abhann. Meastar nach bhfuil na tailte seo oiriúnach d'fhorbairt agus ba cheart leanúint le húsáid a bhaint astu do spás oscailte agus cuspóirí áineasa. Tá Scéim Faoisimh ó Thuilte á tabhairt chun cinn faoi láthair don sráidbhaile.



© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
Licence No. 2017/09/CCMA/Limerick City & County Council

## An tÁth Leacach

Tá an tÁth Leacach lonnaithe 31 km laisteas de Chathair Luimnigh. De réir an Daonáirimh in 2016, bhí 128 duine i ndaonra an Átha Leacaigh a chónaigh i meascán d’áiteanna cónaithe agus de thithe aonair in eastáit chónaithe, cosúil le Cois Abhainn agus Dawn Court. Meastar go bhfuil 48 áit chónaithe san Áth Leacach faoi láthair, agus cónaítear i 98% díobh.

I measc na seirbhísí atá ann, tá bunscoil, saoráid cúraim leanaí pobail, séipéal, teach tábhairne agus faichí spóirt. Ní fhreastalaíonn scéim séarachais phoiblí ar an sráidbhaile.  Tá toilleadh measartha breise uisce laistigh den lonnaíocht.


Sainaithníodh limistéar forleathan riosca i gcás tuilte i lár an tsráidbhaile feadh Abhainn na Camhaoire. Ní féidir breithniú a dhéanamh ach ar fhorbairt a chloíonn leis na treoirlínte ábhartha tuilte ar na tailte seo.



## Béal Átha Grean

Tá Béal Átha Grean lonnaithe 39 km laistiar de Chathair Luimnigh, i ngar do theorainn Chontae Chorcaí agus do bhaile na Rátha. De réir an Daonáirimh in 2016, bhí 179 duine i ndaonra Bhéal Átha Grean a chónaigh i meascán d'áiteanna cónaithe agus de thithe aonair in eastáit chónaithe, cosúil le The Hawthorns, St. Michael's Place agus Church View. Meastar go bhfuil 76 áit chónaithe i mBéal Átha Grean faoi láthair, agus cónaítear i 99% díobh.

Cuirtear seirbhísí ar fáil sa lonnaíocht, bunscoil, siopa, oifig an phoist, teach tórraimh, tithe tábhairne, séipéal, agus halla pobail agus faichí spóirt ina measc. Tá toilleadh ann i dtaobh an tsoláthair uisce phoiblí agus an Ionaid Chóireála Fuíolluisce araon chun freastal ar bhorradh i mBéal Átha Grean laistigh de shaolré an Phlean.




### Baile Dhá Thuile

De réir an Daonáirimh in 2016, bhí 146 duine i ndaonra Bhéal Átha Grean a chónaigh i meascán d'áiteanna cónaithe agus de thithíocht aonair i lár an tsráidbhaile agus in eastáit Fortfield agus Meadowlee. Meastar go bhfuil 75 áit chónaithe i mBaile Dhá Thuile faoi láthair, agus cónaítear i 90% díobh. Níor sainaithníodh aon fholúntas tráchtála sa sráidbhaile. Tá bunscoil, séipéal, siopa, teach tábhairne, halla paróiste, páirc cois abhann ina bhfuil siúláin agus halla pobail ar fáil sa sráidbhaile. Tá aonad mór tionsclaíoch ina n-áitíonn Greenspan lonnaithe ar imeall thoir an tsráidbhaile.

Soláthraítear uisce ó Ionad Cóireála Uisce Fhainge/Inbhear na Sionainne agus sainaithníodh saincheisteanna toillte sa líonra seo. Tá toilleadh breise ag an Ionad Cóireála Fuíolluisce agus tá an líonra uisce dromchla sa sráidbhaile scartha, agus níl aon saincheisteanna maidir le toilleadh ann agus sreabhann an t-uisce go léir isteach i sruth éalaithe isteach san Abha Bhán ar an taobh thoir den sráidbhaile.


Sainaithníodh limistéar forleathan riosca i gcás tuilte i lár an tsráidbhaile feadh na hAbha Báine. Ní féidir breithniú a dhéanamh ach ar fhorbairt a chloíonn leis na treoirlínte ábhartha tuilte ar na tailte seo.



## Baile an Londraigh

Tá Baile an Londraigh lonnaithe 69 ciliméadar laisteas de Luimneach. Léirítear sa Daonáireamh is déanaí go raibh daonra 308 duine i mBaile an Londraigh. Cuirtear réimse fairsing seirbhísí ar fáil sa lonnaíocht, siopaí, tithe tábhairne, bunscoil, séipéal, teach altranais, stáisiún Gardaí, comhar creidmheasa, oifig an phoist, ionad sláinte, faiche spóirt agus clinic tréidliachta ina measc. I measc na seirbhísí chomh maith tá roinnt bialanna beir leat, cógaslann agus roinnt gnólachtaí breise tráchtála agus fiontraíochta. Meastar go bhfuil 128 áit chónaithe i mBaile an Londraigh faoi láthair, agus tá naoi n-áit chónaithe folamh (folúntas 7%). I dtaobh folúntas tráchtála, tá 12% de na haonaid tráchtála go léir folamh (4 aonad).


Tá toilleadh uisce agus fuíolluisce ar fáil le freastal ar an mborradh tuartha laistigh de shaolré an Phlean. Tá an líonra uisce dromchla chuig an sráidbhaile scartha agus doirtear an t-uisce isteach sa sruth áitiúil.



## Baile an Fhaoitigh

Tá Baile an Fhaoitigh lonnaithe 10 km ó Chathair Luimnigh ar an bpríomhbhóthar ó Luimneach go Cill Mocheallóg. Tháinig borradh mór faoin sráidbhaile le blianta beaga anuas, agus forbraíodh roinnt forbairtí tithíochta ann. Léirítear i nDaonáireamh 2016 go raibh 450 duine i ndaonra Bhaile an Fhaoitigh. I measc na seirbhísí a sholáthraítear sa lonnaíocht tá siopaí, stáisiún peitril, oifig an phoist, tithe tábhairne, garáiste tráchtála, comharchumann, comhar creidmheasa, séipéal agus teach tórraimh. Forbraíodh mol nuálaíochta faoi dhíon, faiche Astroturf uile-aimsire, agus raon siúil 3.2 km laistigh de thailte Ghalfchúrsa Bhaile an Fhaoitigh. Tá thart ar 149 áit chónaithe i mBaile an Fhaoitigh agus cónaítear i 96% díobh i láthair na huaire. I dtaobh aonaid tráchtála, tá aonad tráchtála amháin folamh.

Ghlac Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le freagracht as an ionad cóireála fuíolluisce in 2013, a leanann le saincheisteanna a chruthú. Cuirtear soláthar uisce ar fáil ó Chathair Luimnigh agus tá toilleadh breise aige.



## Béal an Átha

Tá Béal an Átha lonnaithe 59 km siar ó dheas de Chathair Luimnigh agus cuireadh daonra 276 duine i dtaifead ann de réir Dhaonáireamh 2016. Meastar go bhfuil 121 áit chónaithe i mBéal an Átha faoi láthair, agus cónaítear i 98% díobh. Níor sainaithníodh aon fholúntas tráchtála sa sráidbhaile. Tá réimse fairsing seirbhísí ann, saoráid cúraim pobail, ionad cúraim lae, siopa, oifig an phoist, comhar creidmheasa, teach tábhairne, caifé, adhlacóirí, ionad fiontar, clinic sláinte, halla pobail, séipéal, scoil agus saoráid athchúrsála pobal ina measc. Freastalaítear ar chonláistí spóirt trí fhaiche agus clubtheach Chumann Lúthchleas Peile Broadford Utd., clós súgartha, cúirt chispheile, cúirt liathróid láimhe agus faiche CLG. Tá ceithre shuíomh dá gcuirfear seirbhísí ar fáil dóibh ar fáil le haghaidh forbartha laistigh de theorainn lonnaíochta atá i ngar don chrannlann agus tá féidearthacht ann feadh Bhóthar Thulach Léis chun athfhorbairt a dhéanamh ar na 3 áit chónaithe ag an láthair seo.


Cuirtear uisce poiblí ar fáil trí Scéim Réigiún an Iardheiscirt.  D'imir an triomach in 2018 tionchar air seo agus sainaithníodh nach bhfuil ach fíorbheagán toilleadh breise aige.

Sainaithníodh toilleadh sa líonra Fuíolluisce agus sainaithníodh go bhfuil an líonra uisce dromchla scartha go príomha.

Sainaithníodh limistéar ina bhfuil riosca i gcás tuilte feadh imeall thiar an tsráidbhaile agus ní mheasfar ach go mbeidh forbairtí atá comhoiriúnach do na treoirlínte ábhartha maidir le tuilte cuí sna láithreacha seo.

Oibreoidh an Chomhairle Pobail i mBéal an Átha gan stad gan staonadh le saoráidí pobail a fheabhsú agus a fhorbairt sa sráidbhaile agus leis an sráidbhaile a fheabhsú agus a fhorbairt.

Tá roinnt conairí siúil i bhfoisceacht Bhéal an Átha agus i lonnaíocht Áth na bhFuinseog, atá gar dó.  Trasnaíonn siad seo cuid de Shliabhraon Mhullach an Radhairc atá suite ar theorainn Chorcaí agus Luimnigh. Talamh an-oiriúnach siúil é an tírdhreach seo cnoc droimneach agus talamh feirme fhairsing agus tá féidearthacht ann chun tairiscint turasóireachta na gconláistí seo a fhorbairt níos mó.




© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
Licence No. 2017/09/CCMA/Limerick City & County Council

### Carraig Chiarraí


Tá Carraig Chiarraí lonnaithe 46 km laistiar de Chathair Luimnigh. De réir Dhaonáireamh 2016, bhí 184 duine ag cónaí i gCarraig Chiarraí agus meastar go bhfuil 57 áit chónaithe sa sráidbhaile faoi láthair. I measc na seirbhísí atá ar fáil, tá bunscoil, siopa agus stáisiún peitril, séipéal, ionad pobail agus teach tábhairne. Sreabhann Abhainn na Dáire siar tríd an sráidbhaile agus tá páirc ann ar bhruacha na habhann. Tá an t-ionad cóireála don sráidbhaile lonnaithe i gcúinne thoir na páirce seo. Tá toilleadh breise ag an bPlean, ach tá saincheisteanna oibríochtúla ann, áfach. Dá ainneoin sin, meastar go bhfuil toilleadh dóthanach ann le freastal ar an bhforbairt a bheartaítear. Cruthaíonn an soláthar don sráidbhaile fadhbanna freisin, áfach, ach tá toilleadh dóthanach breise sa líonra. Tá an líonra uisce dromchla sa sráidbhaile scartha go príomha.

Sainaithníodh limistéar ina bhfuil riosca i gcás tuilte feadh na hAbhann agus ní mheasfar ach go mbeidh forbairt atá comhoiriúnach do na treoirlínte ábhartha maidir le tuilte cuí sa láthair seo.



## Caisleán Maí Tamhnach

Cuireadh 123 duine i gcuntas i ndaonra Chaisleán Maí Tamhnach i nDaonáireamh 2016. Meastar go bhfuil 46 áit chónaithe ann, agus ní chónaítear in 3 cinn díobh (folúntas 6%). Tá Caisleán Maí Tamhnach lonnaithe thart ar 4 km soir ó dheas den Chaisleán Nua agus tá próiseáil sicíní ar bun ann le fada an lá. Chaill go leor daoine a bpost nuair a dúnadh ionad próiseála éanlaithe clóis Chaisleán Maí Tamhnach sa sráidbhaile. Tá roinnt foirgneamh agus struchtúr sa sráidbhaile, a bhfuil drochbhail ar roinnt díobh, atá ina n-iarsmaí den tionscal seo a mbíodh an rath air roimhe seo. I measc na seirbhísí sa sráidbhaile, tá bunscoil, siopa, garáiste, tithe tábhairne agus páirc ghnó, atá lonnaithe lasmuigh den sráidbhaile agus ina bhfuil roinnt gnólachtaí, cuideachtaí lóistíochta agus innealtóireachta ina measc. Tá dhá aonad tráchtála fholmha ann faoi láthair sa lonnaíocht (folúntas 12%). Soláthraíonn scéim an Chaisleáin Nua uisce, a bhfuil toilleadh teoranta breise aici.  I dtaobh cóireáil fuíolluisce, tá toilleadh breise ann, ach tá drochbhail ar an ionad agus is gá é a athsholáthar, áfach.




### Clár Aidhne

Tá Clár Aidhne lonnaithe 8 km laistiar de Chathair Luimnigh ar Bhóthar Náisiúnta den Dara Grád an N69. Cuireadh daonra 294 duine i gcuntas i gClár Aidhne de réir Dhaonáireamh 2016. Meastar go bhfuil thart ar 157 áit chónaithe sa lonnaíocht, a bhfuil 1% díobh folamh. I measc na seirbhísí sa sráidbhaile, tá stáisiún peitril agus siopa, garáiste agus ionad gluaisteán, salón gruaige, siopa bearbóra, cógaslann, scoil eachaíochta agus faichí spóirt CLG.

Soláthraítear uisce ó Chathair Luimnigh agus caidéalaítear toilleadh breise agus fuíolluisce go Bun Leice trí Mhungairit, agus tá toilleadh leordhóthanach ann freisin le freastal ar an mborradh a thuartar laistigh de shaolré an Phlean Forbartha.

Sainaithníodh tuile mar bhagairt fhéideartha sa sráidbhaile agus cloífidh aon tograí forbartha laistigh de na limistéir siúd leis na treoirlínte ábhartha maidir le tuilte. Cuirfear in aghaidh forbairt mhíchuí sna limistéir seo.




## Cróch

Tá Cróch suite amach ó Bhóthar an N21 ó Luimneach go Ciarraí, laistiar de Chathair Luimnigh. De réir Dhaonáireamh 2016, tá daonra 216 duine i lonnaíocht Chróich agus tá 49 áit chónaithe ina gcónaítear ann anuas ar ráta áitíochta 96%. Níor sainaithníodh aon fholúntas tráchtála sa sráidbhaile. I measc na seirbhísí atá ann, tá bunscoil, séipéal, scoil cheoil, saoráid cúraim leanaí, teach altranais, ionad leighis, tithe tábhairne, ionad garraíodóireachta, Lóiste Bhaile Uí Chanann, páirc an tsráidbhaile agus faiche spóirt. Tá an tithíocht sa sráidbhaile i bhfoirm aonaid aonuaire agus eastát cónaithe.

Freastalaíonn Grúpscéim Uisce ar an sráidbhaile mar gheall nach bhfuil aon soláthar uisce poiblí ann. I dtaobh fuíolluisce, tá a lántoilleadh bainte amach ag an bplean. Scartar uisce dromchla agus doirtear an t-uisce isteach i sruth áitiúil. Níor sainaithníodh aon saincheisteanna maidir le toilleadh.

Sainaithníodh limistéar mór a ghabhann siar tríd an sráidbhaile agus feadh na teorann thoir thuaidh mar limistéar ina bhfuil riosca i gcás tuilte. Beidh ar thograí forbartha laistigh de na limistéir seo a thaispeáint go gcloíonn siad leis na treoirlínte ábhartha maidir le tuilte.

Sainaithníodh acomhal don Scéim ó Luimneach go Faing a bheartaítear, Áth Dara san áireamh, i gCróch agus tá impleachtaí aici i leith forbairtí nua i dtaobh torainn agus láithreánú agus dearadh cuí.




## Feadamair

De réir an Daonáirimh, bhí 374 duine i ndaonra an tsráidbhaile in 2016. Thit borradh thart ar 74% faoin daonra amach idir 2006 agus 2016 agus tá 30% den daonra níos óige ná 14 bliana d'aois. Meastar go bhfuil 116 áit chónaithe i bhFeadamair faoi láthair, agus tá ráta áitíochta 98% ann. Sainaithníodh cúig aonad tráchtála fholmha sa sráidbhaile.

Lonnaíocht líneach atá i bhFeadamair ina bhfuil ceithre limistéar ar leith tithíochta: Ceathrú an Chaisleáin, Cluain Ard, Baile Uí Aodha agus Páirc Clohessy. Tá tithíocht de shaghas aonuaire ann sa sráidbhaile freisin. Tá na seirbhísí sa sráidbhaile ar fáil mórthimpeall bhun thiar an tsráidbhaile, áit a bhfuil an séipéal, an scoil agus an t-ionad áitiúil fág anseo.

Cuireadh scéim nua séarachais ar bun sa sráidbhaile in 2002 agus tá toilleadh ar fáil le freastal ar an mborradh a bheartaítear. Cruthaíonn an soláthar uisce fadhb faoi láthair agus tá oibreacha ar bun go leanúnach le saincheisteanna maidir le cáilíocht an uisce a réiteach.




## An Gallbhaile

Léirítear i nDaonáireamh 2016 go raibh daonra 251 duine sa Ghallbhaile. Meastar go bhfuil 101 áit chónaithe sa Ghallbhaile nach gcónaítear in 14 díobh agus (ráta folúntais 12%). I dtaobh folúntas tráchtála, tá ceithre aonad folamh sa cheantar faoi láthair.

I measc na seirbhísí atá ann, tá bunscoil, siopaí, tithe tábhairne, séipéal, ionad pobail, leabharlann, ionad sláinte, oifig an phoist, bialann beir leat, cóiríocht, faichí spóirt CLG agus Rugbaí agus teach tórraimh.

Freastalaíonn ionad cóireála poiblí ar an nGallbhaile, áit a ndéantar an phríomhchóireáil. Tá toilleadh teoranta san ionad cóireála faoi láthair. Tá an líonra uisce dromchla don sráidbhaile scartha sa phríomhphíobán agus doirtear an t-uisce isteach in Abhainn na hEatharlaí. Tá saincheisteanna leanúnacha oibríochtaí agus cothabhála a bhaineann le srianta fisiciúla ar an Abhainn mar gheall nach bhfuil an abhainn á glanadh.


Sainaithníodh tuile mar bhagairt fhéideartha sa sráidbhaile agus cloífidh aon tograí forbartha laistigh de na limistéir siúd leis na treoirlínte ábhartha maidir le tuilte. Cuirfear in aghaidh forbairt mhíchuí sna limistéir seo.



### Baile Hiobaird

Cuireadh daonra 191 duine i gcuntas i mBaile Hiobaird i nDaonáireamh 2016. Meastar go bhfuil 57 áit chónaithe ann, agus cónaítear in 54 ceann díobh (folúntas 5%). I dtaobh aonaid tráchtála, tá aonad tráchtála amháin folamh faoi láthair. I measc na seirbhísí a chuirtear ar fáil i mBaile Hiobaird, tá bunscoil, siopaí, tithe tábhairne, séipéal, gnó talmhaíochta agus halla pobail agus faichí spóirt.

Gléasra pacáiste Bhord na Móna atá san ionad cóireála poiblí a bhfuil toilleadh aige. Tá soláthar uisce poiblí teoranta. Tá an líonra uisce dromchla don sráidbhaile scartha sa phríomhphíobán agus doirtear an t-uisce isteach in Abhainn na Camóige.




## Baile Nua Chill Díoma

Cuireadh daonra 417 duine i gcuntas i mBaile Nua Chill Díoma i nDaonáireamh 2016. Meastar go bhfuil 170 áit chónaithe ann agus ní chónaítear i gceann amháin díobh (folúntas 1%). I dtaobh aonaid tráchtála, tá ceithre aonad folamh faoi láthair.

I measc na seirbhísí sa lonnaíocht tá bunscoil, siopaí, stáisiún peitril, oifig an phoist, comhar creidmheasa, séipéal, soláthraithe cóiríochta, soláthraí cúraim leanaí, bialanna beir leat agus faichí spóirt. Cuireadh síneadh in 2018 le cead pleanála a tugadh d'ionad pobail laistigh de chroí an tsráidbhaile.


Soláthraítear uisce don sráidbhaile ó ionad Fhainge/Inbhear na Sionainne agus tá toilleadh breise teoranta aige. Tá an t-ionad cóireála fuíolluisce faoi fhreagracht an Údaráis Áitiúil agus tá toilleadh teoranta aige.



### Cill Tíle

Cuireadh daonra 171 duine i gcuntas i gCill Tíle i nDaonáireamh 2016. Meastar go bhfuil 80 áit chónaithe ann, agus cónaítear i 77 ceann díobh (folúntas 4%). I dtaobh folúntas tráchtála, tá dhá aonad folamh. I measc na seirbhísí a chuirtear ar fáil ann tá bunscoil, halla pobail, séipéal, tithe tábhairne agus cuibhrinn i ngairdín pobail. Tá an fhaiche CLG thart ar 500m lastoir de chroí na lonnaíochta.

Tá córas cóireála tánaisteach i gCill Tíle ag a bhfuil roinnt toilleadh breise, déantar an doirteadh le hAbhainn Bhaile na Móna agus tá roinnt saincheisteanna ann maidir le doirteadh. Tá toilleadh breise ag an soláthar uisce sa sráidbhaile.




### Cnoc Loinge

Cuireadh daonra 256 duine i gcuntas i gCnoc Loinge in 2016 i nDaonáireamh 2016. Meastar go bhfuil 81 áit chónaithe i gCnoc Loinge faoi láthair, agus ní chónaítear i gcúig cinn díobh (folúntas 6%). I dtaobh folúntas tráchtála, tá cúig aonad folamh faoi láthair.

Cuirtear réimse seirbhísí ar fáil sa sráidbhaile, bunscoil, siopa, oifig an phoist, comhar creidmheasa, stáisiún peitril, bialann beir leat, beár agus bialann, faiche spóirt, séipéal agus garáiste gluaisteán ina measc.

Tá toilleadh teoranta ag an ionad cóireála fuíolluisce, agus tá roinnt saincheisteanna oibríochtúla i gceist. Tá toilleadh breise measartha ag an soláthar uisce poiblí. Tá an líonra uisce dromchla don sráidbhaile scartha sa phríomhphíobán agus doirtear an t-uisce isteach in Abhainn na Camóige.




## Leamhchoill

Tá Leamhchoill lonnaithe thart ar 7 km laistiar d'Fhaing ar Inbhear na Sionainne feadh Bhóthar Náisiúnta den Dara Grád an N69.  Tá 53 áit chónaithe ann sa lonnaíocht anuas ar dhaonra 174 duine, agus ní chónaítear i gcúig cinn de na háiteanna cónaithe reatha (folúntas 9%). I measc na seirbhísí laistigh den lonnaíocht tá bunscoil, séipéal agus ionad pobail. Tá ceithre aonad tráchtála fholmha sa lonnaíocht.

Freastalaíonn dhá ionad cóireála ar Leamhchoill agus tá roinnt toilleadh breise acu. Soláthraítear uisce ó Sholáthar Uisce Fhainge/Inbhear na Sionainne agus tá toilleadh teoranta ann.

Tá an sráidbhaile lonnaithe ar Inbhear na Sionainne agus tá radhairc áille ann amach ar Abhainn na Sionainne.




## Montpelier

Is cosúil gur eascair Montpelier as sráidbhaile níos mó Dhroichead Uí Bhriain, atá lonnaithe ar an taobh eile den droichead i gContae an Chláir. Tá saoráidí pobail lonnaithe ag Aireagal San Treasa, agus cuirtear clós súgartha agus seirbhísí teoranta áise agus fóillíochta ar fáil i nDroichead Uí Bhriain. Tá thart ar líon 68 áit chónaithe ina gcónaítear in Montpellier agus tá líon beag aonaid fholmha agus thréigthe ann.

Bhí roinnt áiteanna cónaithe faoi uisce i ngeall ar iartheagmhais tuilte in Montpellier, in Eastát Chuan an tSrutháin san áireamh. Beidh ar aon tograí d'fhorbairt i limistéir atá i mbaol tuile a léiriú go gcloíonn siad leis na treoirlínte ábhartha maidir le tuilte.

Tá an bonneagar i dtaobh fuíolluisce agus soláthar uisce araon srianta sa sráidbhaile. Sainaithníodh toilleadh breise measartha sa phríomhlíonra uisce.

Tá saincheisteanna ann maidir le huisce dromchla sa sráidbhaile a bhaineann le tuile abhann. Thit seo amach tríd an gclaífort agus isteach sa dabhach shéarachais.




## Cnoc Uí Choileáin

Cuireadh daonra 201 duine i gcuntas i gCnoc Uí Choileáin i nDaonáireamh 2016, ina raibh 103 teaghlach agus tá 13 áit chónaithe ann nach gcónaítear iontu. Níor sainaithníodh aon fholúntas tráchtála sa sráidbhaile. I measc na seirbhísí sa lonnaíocht, tá séipéal, halla pobail, teach tábhairne agus asraon mearbhia. Tá bunscoil ann thart ar 2 km lastoir den sráidbhaile agus tá faichí CLG lonnaithe thart ar 500 km laisteas de chroí an tsráidbhaile.

I dtaobh fuíolluisce, freastalaíonn ionad cóireála fuíolluisce Mhainistir na Féile ar fhuíolluisce an tsráidbhaile, agus tá roinnt toilleadh breise aige. Tá soláthar uisce poiblí ann don sráidbhaile agus tá roinnt toilleadh breise ag an ionad. Tá an córas uisce dromchla scartha sa phríomhlíonra.

Sreabhann Abhainn na Cathrach siar tríd an sráidbhaile agus sainaithníodh na tailte ísle timpeall uirthi amhail bheith faoi bhagairt ag tuile. Sainaithníodh riosca i gcás tuilte freisin mar shaincheist i gcóngaracht na bhfaichí CLG.



## An Coinicéar

Tá an Coinicéar lonnaithe 23 ciliméadar lastoir de Chathair Luimnigh, i ngar don tSeanphailís.  Caitheann an Phríomh-Oifig Staidrimh leis an gCoinicéar agus an tSeanphailís mar an lonnaíocht chéanna. Lonnaíocht scaipthe í mar gheall go bhfuil an bhunscoil lonnaithe thart ar 800 méadar lastoir den séipéal. Tá daonra measta 134 duine sa lonnaíocht. Meastar go bhfuil 63 áit chónaithe ann, agus ní chónaítear i gceann amháin díobh (folúntas 2%). Tá aonad tráchtála folamh amháin sa lonnaíocht.

I measc na seirbhísí sa lonnaíocht, tá bunscoil agus séipéal. Tá an séarachas poiblí ceangailte leis an tSeanphailís, atá ag feidhmiú ar lánacmhainn. Soláthraítear uisce chomh maith ó sholáthar na Seanphailíse agus níl aon toilleadh breise aige.  Scartar uisce dromchla agus doirtear é isteach i sruth áitiúil.





## Úlla

Léirítear i nDaonáireamh 2016 go raibh daonra 324 duine in Úlla.  Tá seacht n-aonad tráchtála fholmha sa sráidbhaile. Tá 160 áit chónaithe sa sráidbhaile, agus cónaítear in 155 ceann díobh (folúntas 3%).

Tá siopa áise le stáisiún peitril, ollmhargadh le hoifig an phoist, dhá theach tábhairne, faichí CLG agus sacair, bialann agus bialann beir leat, siopa gealltóireachta, salón áilleachta, halla pobail, cógaslann, soláthraí breosla, séipéal agus bunscoil sa sráidbhaile.  Tá miondíoltóir cairpéid agus urlárlaigh in Úlla chomh maith le páirc fiontar.

I dtaobh cóireáil séarachais, tá toilleadh breise teoranta ar fáil ag an ionad in Úlla. D’imir triomach 2018 drochthionchar mór ar an soláthar uisce don sráidbhaile agus tá toilleadh teoranta aige.  Tá an líonra uisce dromchla don sráidbhaile scartha sa phríomhphíobán, ach sreabhann an sruth éalaithe faoi roinnt struchtúr agus bhí blocáil sa líonra agus tuile mhór roimhe seo mar thoradh air seo.

Sainaithníodh tuile mar bhagairt fhéideartha sa sráidbhaile agus cloífidh aon tograí forbartha laistigh de na limistéir siúd leis na treoirlínte ábhartha maidir le tuilte.




## Seanghualainn

Cuireadh daonra 303 duine i gcuntas i Seanghualainn i nDaonáireamh 2016. Tá 135 áit chónaithe sa lonnaíocht agus cónaítear in 127 ceann díobh (ráta folúntais cónaithe 6%). Sainaithníodh trí aonad tráchtála dhéag mar aonaid fholmha. I measc na seirbhísí sa sráidbhaile tá siopaí áise, comhar creidmheasa, oifig an phoist, stáisiún peitril, díolacháin ghluaisteán, bialanna beir leat agus saoráidí bialainne, teach tórraimh agus tithe tábhairne. I measc na saoráidí pobail tá bunscoil, séipéal, coimpléasc páirc phobail ina bhfuil clós súgartha, stáisiún Gardaí agus ionad oiliúna CGO. Tá eastát tionsclaíochta lonnaithe lastuaidh den sráidbhaile in aice choimpléasc na páirce pobail.

Tá saincheisteanna toillte ann maidir le huisce agus fuíolluisce araon sa lonnaíocht. Tá an líonra uisce dromchla scartha agus níl aon saincheisteanna maidir le toilleadh agus doirtear an t-uisce isteach i sruth. Bíonn an tóchar ar an bPríomhshráid blocáilte go minic agus bíonn seo ina chúis le díobháil don bhóthar agus an tsráid agus réadmhaoin a bheith faoi uisce.


Sainaithníodh tuile mar bhagairt fhéideartha sa sráidbhaile agus cloífidh aon tograí forbartha laistigh de na limistéir siúd leis na treoirlínte ábhartha maidir le tuilte. Cuirfear in aghaidh forbairt mhíchuí sna limistéir seo.



### Teampall an Ghleanntáin

Tá Teampall an Ghleanntáin lonnaithe 57 km laistiar de Chathair Luimnigh ar Bhóthar Náisiúnta an N21 agus 5 km ón gCaisleán Nua. Meastar go bhfuil 45 áit chónaithe i dTeampall an Ghleanntáin, agus tá daonra 120 duine ann, agus ní chónaítear in dhá cheann de na háiteanna cónaithe reatha (folúntas 4%). I measc na seirbhísí laistigh den lonnaíocht tá bunscoil, siopa, stáisiún peitril, oifig an phoist, óstán, teach tábhairne, agus halla pobail agus faichí spóirt. Níl aon aonaid tráchtála fholmha ann faoi láthair sa lonnaíocht. Soláthraítear uisce don lonnaíocht ó scéim Mhainistir na Féile agus tá toilleadh breise aige. Maidir le fuíolluisce, tá toilleadh breise teoranta ag an ionad cóireála.

Tá an sráidbhaile lonnaithe díreach amach ó Ghlasbhealach Luimnigh agus tá ceangal díreach aige leis an nGlasbhealach. Ba cheart tacú le deiseanna sa sráidbhaile chun na conláistí a fhorbairt chun tacú leis an nGlasbhealach.



## Tuar na Fola


De réir Dhaonáireamh 2016, bhí 144 duine i ndaonra an tsráidbhaile a chónaigh in thart ar 63 áit chónaithe. Sainaithníodh seacht n-aonad cónaithe (10%) agus ceithre aonad tráchtála (29%) amhail bheith folamh sa sráidbhaile.

Tá saoráidí pobail a fhreastalaíonn ar Thuar na Fola scaipthe thar fhad thart ar 1.5 km ar an L1324. I measc na seirbhísí atá ann, tá bunscoil, séipéal, halla pobail, siopa grósaera, clós dramh-mhiotail feithiclí agus faiche spóirt.

Freastalaíonn dhá ionad cóireála séarachais phoiblí ar Thuar na Fola. Tá ceann amháin lonnaithe ag bun thiar an tsráidbhaile trasna ón eastát tithíochta Údaráis Áitiúil agus tá an ceann eile lonnaithe ag an mbealach isteach chuig an bhfaiche CLG. Sainaithníodh toilleadh breise san ionad, ach tugann teipeanna seasmhacha ar astaíochtaí san ionad le fios go bhfuil ualach iomarcach air.

Soláthraítear uisce poiblí sa sráidbhaile ó scéim Mhainistir na Féile. Tá roinnt toilleadh teoranta sa chóras faoi láthair. Déileáiltear le huisce dromchla trí chóras scartha.

Leanann tuile sa sráidbhaile conair na Abhainn an Ullacháin, atá lasmuigh de theorainn na lonnaíochta, den chuid is mó, seachas ar na tailte a úsáideann an CLG.



## Imleabhar 2

## Lonnaíochtaí Leibhéal 6 – Braislí Tuaithe

## Clár Ábhar


Leibhéal 6: Braislí Tuaithe ..... 5

- Réamhrá ..... 5
- Gleann na gCreabhar ..... 6
- Ard Pádraig ..... 7
- Áth na bhFuinseog ..... 8
- Baile an Bhrúnaigh ..... 9
- Baile Uí Argáin ..... 10
- Baile Stiabhne ..... 11
- An Bhánóg ..... 12
- Cathair Fhlainn ..... 13
- An Cheapach ..... 14
- Baile an Chaisleáin ..... 15
- Craobh Chomhartha ..... 16
- Drom Bainne ..... 17
- Drom Caoin ..... 18
- Eiltiún ..... 19
- Fíonach ..... **Error! Bookmark not defined.**
- An Fheothanach ..... 21
- Gleann Bruacháin ..... 22
- Gleann Oisín ..... 23
- An Gleann Rue ..... 24
- Greanach ..... 25
- Coill Bheithne ..... 26
- Cill Cholmáin ..... 27
- Cill Churnáin ..... 27
- Cill na Fíonaí ..... 29
- Cill Míde ..... 30
- Cnoc an Doire ..... 31
- Cnoc Áine ..... 32
- Cnoc Donn ..... 33
- Baile Mháirtín ..... 34

Méanas....35
Móin Achaidh Ghae....36
An tSeanphailís....37
Tobar Phádraig (Loch Goir)....38
Ráithíneach....39
Baile an Róistigh....40
An Trá....41

## Leibhéal 6: Braislí Tuaithe

### Réamhrá

Aithníodh 36 lonnaíocht laistigh de Leibhéal 6 den ordlathas lonnaíochta do Luimneach. Tugtar cuntas sa doiciméad seo a leanas ar phróifíl achomair de gach lonnaíocht mar aon leis an léarscáil lonnaíochta ghaolmhar do Ghleann na gCreabhar, Ard Pádraig, Áth na bhFuinseog, Baile an Bhrúnaigh, Baile Uí Argáin, Baile Stiabhna, An Bhánóg, Cathair Fhlainn, An Cheapach, Baile an Chaisleáin, Craobh Chomhartha, Drom Bainne, Drom Caoin, Eiltiún, Fíonach, An Fheothanach, Gleann Bruacháin, Gleann Oisín, An Gleann Rua, Greanach, Coill Bheithne, Cill Cholmáin, Cill Churnáin, Cill na Fíonaí, Cill Míde, Cnoc an Doire, Cnoc Áine, Cnoc Donn, Baile Mháirtín, Méanas, Móin Achaidh Ghae, An tSeanphailís, Tobar Phádraig (Loch Goir) Ráithíneach, Baile an Róistigh agus An Trá.


Is 'Braislí Tuaithe' iad lonnaíochtaí Leibhéal 6 ar lonnaíochtaí iad de ghnáth a bhfuil bonneagar agus seirbhísí riachtanacha teoranta acu agus nach bhfuil teorainn lonnaíochta acu. De ghnáth bíonn áiseanna pobail nó saoráidí áitiúla eile acu.

Beidh forbairt laistigh de Bhraislí Tuaithe teoranta d'fhás áitiúil incriminteach a oireann dá méid agus dá gcarachtar. Meastar gur féidir le gach braisle tuaithe freastal ar mhéadú beag daonra óna mbonn daonra reatha thar thréimhse an Phlean.

Ba chóir na próifílí lonnaíochta seo a leanas a léamh in éineacht leis na beartais agus na cuspóirí ardleibhéil atá leagtha amach in Imleabhar 1 den Phlean Forbartha seo.

### Gleann na gCreabhar

Tá thart ar 27 teaghais ag Gleann na gCreabhar, agus tá trí cinn acu gan chónaí (folúntas 10%). I measc a chuid seirbhísí tá bunscoil, séipéal, siopa, teach tábhairne agus halla pobail. Níl aon aonad tráchtála folamh sa lonnaíocht.  Freastalaíonn dabhach shéarachais ar Ghleann na gCreabhar le hacmhainneacht spártha teoranta.  Tá acmhainneacht uisce spártha measartha ag freastal ar an lonnaíocht.




## Ard Pádraig

Tá 19 teaghais ag Ard Pádraig sa lonnaíocht, a bhfuil ceann amháin acu gan chónaí. Níl aon aonad tráchtála folamh laistigh den lonnaíocht. I measc na seirbhísí in Ard Pádraig tá bunscoil, beár agus bialann, giomnáisiam, Séipéal Caitliceach, agus garáiste tráchtála. Níl aon soláthar séarachais laistigh den lonnaíocht. Bhí tionchar ag an triomach ar an soláthar uisce in 2018 agus níl ach acmhainneacht spártha teoranta ann faoi láthair chun freastal ar Ard Pádraig.




## Áth na bhFuinseog

Tá 22 teaghais ag Áth na bhFuinseog, agus tá ceithre cinn acu gan chónaí. Tá bunscoil, ionad pobail, séipéal, teach tábhairne agus páirc spóirt ann. Tá aonad tráchtála amháin folamh sa lonnaíocht faoi láthair. Níl scéim séarachais ag Áth na bhFuinseog sa sráidbhaile. Níl soláthar poiblí uisce sa lonnaíocht, ach tá grúpscéim uisce i bhfeidhm.




## Baile an Bhrúnaigh

Tá Baile an Bhrúnaigh suite ocht gciliméadar siar ó chathair Luimnigh ón N69.  Tá thart ar 11 teaghais i mBaile an Bhrúnaigh. Tá soláthar uisce poiblí ag freastal ar an lonnaíocht ach níl aon scéim séarachais sa lonnaíocht áfach.  Cuireann an sráidbhaile réimse seirbhísí ar fáil lena n-áirítear ionad acmhainní pobail, bunscoil agus siopa bia áitiúil. Roinntear áiseanna spóirt lena n-áirítear club sacair agus Club CLG le sráidbhaile in aice láimhe - Clár Aidhne.



### Baile Uí Argáin

Tá thart ar 23 teaghais i mBaile Uí Argáin agus tá 23 acu gan chónaí (folúntas 9%). Tá aonad tráchtála amháin folamh sa lonnaíocht. I measc na seirbhísí tá scoil, teach tábhairne, Séipéal Caitliceach, cóiríocht do thurasóirí. Níl aon soláthar poiblí uisce sa lonnaíocht, ach tá grúpscéim uisce i bhfeidhm áfach. Níl aon scéim séarachais sa sráidbhaile.




## Baile Stiabhna

Tá 12 teaghais i mBaile Stiabhna, agus tá daoine ina gcónaí iontu go léir. I measc na seirbhísí sa lonnaíocht tá bunscoil, séipéal agus páirc spóirt. Níl aon aonad tráchtála folamh sa lonnaíocht faoi láthair. Soláthraítear uisce ó scéim Inbhear Fhainge-na Sionainne le hacmhainneacht spártha teoranta. Níl aon scéim séarachais sa lonnaíocht.




## An Bhánóg

Tá thart ar 34 teaghais sa Bhánóg, agus tá 3 cinn acu gan chónaí (folúntas 8%). I measc a chuid seirbhísí tá bunscoil, séipéal agus naíolann. Níl aon aonad tráchtála folamh sa lonnaíocht faoi láthair. Maidir le cóireáil fuíolluisce, tá acmhainneacht spártha teoranta ann faoi láthair. Soláthraítear uisce trí sholáthar uisce Chromadh le hacmhainneacht spártha teoranta.



## Cathair Fhlainn

Tá 20 teaghais i gCathair Fhlainn, a bhfuil ceann amháin acu gan chónaí (folúntas 5%). Níl aon aonad tráchtála folamh sa lonnaíocht. I measc na seirbhísí i gCathair Fhlainn tá bunscoil, ionad pobail agus Séipéal Caitliceach. Níl aon soláthar poiblí uisce sa lonnaíocht, ach tá Grúpscéim Uisce i bhfeidhm. Níl aon scéim séarachais sa sráidbhaile.




## An Cheapach

Tá 25 teaghais sa Cheapach a bhfuil cónaí iontu go léir. Níl aon aonad tráchtála folamh sa lonnaíocht. I measc a chuid seirbhísí tá bunscoil, séipéal, ionad pobail agus naíolann. Níl aon soláthar poiblí uisce sa lonnaíocht, ach tá Grúpscéim Uisce i bhfeidhm áfach. Níl aon scéim séarachais sa sráidbhaile.




## Baile an Chaisleáin

Tá 12 teaghais i mBaile an Chaisleáin, a bhfuil ceann amháin acu can chónaí (folúntas 8%). I measc na seirbhísí sa lonnaíocht tá ionad pobail agus garáiste. Níl aon aonad tráchtála folamh sa lonnaíocht. Soláthraítear uisce na lonnaíochta ó scéim Bhéal Átha Grean le hacmhainneacht spártha. Níl aon scéim séarachais sa sráidbhaile.



## Craobh Chomhartha


Tá thart ar 30 teaghais i gCraobh Chomhartha, agus tá 2 acu gan chónaí (folúntas 6%). I measc na seirbhísí atá ann tá bunscoil, páirc spóirt, oifig an phoist agus séipéal. Tá aonad tráchtála amháin folamh i gCraobh Chomhartha faoi láthair. Níl aon scéim séarachais ná aon soláthar uisce poiblí sa sráidbhaile, ach tá grúpscéim uisce i bhfeidhm.



## Drom Bainne

Is sráidbhaile tuaithe é Drom Banna, atá suite thart ar 8km ó dheas de Chathair Luimnigh ar an R512. Tá thart ar 34 teaghais sa sráidbhaile, chomh maith le roinnt seirbhísí lena n-áirítear ionad cúraim lae, aonaid tithíochta deonacha, teach tábhairne, dhá fhiontar díolacháin gluaisteán, deisiúcháin agus aisghabháil gluaisteán, siopa troscáin, saoráid stórála agus Shannonside Galvanising.

Tá soláthar uisce poiblí ann, ach níl aon scéim séarachais sa lonnaíocht. Léiríonn Drom Bainne patrún forbartha líneach scaipthe le forbairt ribíneach suntasach ar bhóithre áitiúla in aice láimhe. Beidh comhdhlúthú aon fhorbartha suite laistigh de chroílár na lonnaíochta nó tadhlach léi.



## Drom Caoin

Tá áiseanna pobail Dhrom Caoin scaipthe thar achar 2km. Tá 5 teaghais i nDrom Caoin agus tá daoine ina gcónaí iontu go léir. Tá dhá aonad tráchtála folamh sa lonnaíocht. I measc a chuid seirbhísí tá stáisiún peitril, siopa troscáin, agus tá bunscoil suite in aice láimhe. Soláthraítear uisce ón scéim Phailís Ghréine le hacmhainneacht spártha teoranta. Níl aon scéim séarachais ag an lonnaíocht.




## Eiltiún

Tá thart ar 30 teaghais chónaithe in Eiltiún, agus tá 2 theaghais gan chónaí (folúntas 6%). Faoi láthair tá gach aonad tráchtála á n-áitiú. Áirítear ar a chuid seirbhísí siopa agus páirc spóirt atá suite lasmuigh den lonnaíocht. Maidir le cóireáil fuíolluisce, tá acmhainneacht spártha teoranta ag an ngléasra. Soláthraítear uisce trí scéim Bhaile Mháirtín agus tá acmhainneacht bhreise ar fáil.




## Fíonach

Tá thart ar 34 teaghais i bhFíonach, agus tá 10 gcinn acu gan chónaí faoi láthair (folúntas 29%). I measc na seirbhísí sa lonnaíocht tá bunscoil, siopa, séipéal, oifig an phoist agus teach tábhairne. Tá aonad tráchtála amháin folamh sa lonnaíocht. Ó thaobh soláthar uisce de, soláthraíonn Scéim Réigiúnach an Iardheiscirt d'Fhíonach le hacmhainneacht spártha teoranta. Tá acmhainneacht spártha laistigh den chóras fuíolluisce.




## Feothanach

Tá thart ar 14 teaghais i bhFeothanach, agus tá 3 cinn acu gan chónaí faoi láthair (folúntas 21%). Áirítear ar a chuid seirbhísí siopa agus séipéal. Tá dhá aonad tráchtála folamh sa lonnaíocht. Soláthraíonn Scéim Réigiúnach an Iardheiscirt an t-uisce le hacmhainneacht spártha teoranta. Níl aon scéim séarachais sa lonnaíocht.



## Gleann Bruacháin

Faoi láthair tá 8 teaghais i nGleann Bruacháin, agus tá 2 theaghais gan chónaí (folúntas 25%). Tá dhá aonad tráchtála folamh sa lonnaíocht faoi láthair. I measc na seirbhísí sa lonnaíocht tá bunscoil, séipéal, agus halla pobail. Níl aon soláthar poiblí uisce sa lonnaíocht, ach tá Grúpscéim Uisce i bhfeidhm áfach. Níl aon scéim séarachais sa sráidbhaile.




## Gleann Oisín

Ní chloíonn Gleann Oisín go docht leis an sainmhíniú ar lonnaíocht mar gheall ar easpa seirbhísí. Tá meascán uathúil tógtha de theaghaisí a bhaineann le Cloch an Otfaígh agus láithreacht teaghaisí athchóirithe ag an gComhairle a úsáidtear don chlár ealaíontóra cónaithe áfach. Tá 11 teaghais i nGleann Oisín, agus tá 2 theaghais gan chónaí (folúntas 18%). Níl aon aonad tráchtála folamh sa lonnaíocht. Maidir le soláthar uisce, tá acmhainneacht spártha bheag laistigh den lonnaíocht. Níl scéim séarachais ag freastal ar an sráidbhaile.



## An Gleann Rua

Tá 12 teaghais i nGleann Rua agus tá daoine ina gcónaí iontu go léir. Níl aon aonad tráchtála folamh sa lonnaíocht. I measc a chuid seirbhísí tá séipéal, halla pobail agus páirc spóirt atá suite lasmuigh den lonnaíocht. Scoil Náisiúnta Phobal an Ghleanna Rua a dúnadh in 2015, a athosclaíodh i mí Mheán Fómhair 2020. Níl aon soláthar poiblí uisce sa lonnaíocht, ach tá Grúpscéim Uisce i bhfeidhm áfach. Níl aon scéim séarachais sa lonnaíocht.



## Greanach

Tá thart ar 16 teaghais in nGreanach, agus tá ceann amháin gan chónaí (folúntas 6%). I measc na seirbhísí sa lonnaíocht tá bunscoil, séipéal, agus halla pobail. Dúnadh an siopa comharchumainn i nGreanach in 2019. Tá dhá aonad tráchtála folamh sa lonnaíocht faoi láthair. Níl aon soláthar poiblí uisce, ach tá Grúpscéim Uisce i bhfeidhm áfach. Níl aon scéim séarachais sa lonnaíocht.




### Coill Bheithne

Níl cuid de lonnaíocht Coill Bheithne faoi dhlínse Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh mar go bhfuil Coill Bheithne suite ar theorainn Luimnigh - Corcaigh, Laistigh de Chontae Luimnigh, tá thart ar 15 teaghais i gCoill Bheithne a bhfuil daoine ina gcónaí iontu go léir. Tá aonad tráchtála amháin folamh sa lonnaíocht. I measc a chuid seirbhísí tá bunscoil, séipéal, ionad pobail agus teach tábhairne. Freastalaíonn WWTP Choill Bheithne atá liostaithe sa chlár um chumas cóireála fuíolluisce srath tithe de thrí theach in aice leis an Scoil Náisiúnta, thart ar 1.2km ó lár an tsráidbhaile agus níl aon acmhainneacht spártha aige. Níl aon líonra poiblí séarachais i sráidbhaile Cill Bheithne. Soláthraítear uisce ó Cho. Chorcaí.




## Cill Cholmáin

Tá 4 theaghais i gCill Cholmáin, agus tá 2 theaghais acu gan chónaí (folúntas 50%). Níl aon aonad tráchtála folamh sa lonnaíocht. Cuireann sé réimse seirbhísí ar fáil, lena n-áirítear bunscoil, naíolann pobail, séipéal agus oifig poist. Níl aon soláthar poiblí uisce sa lonnaíocht, ach tá Grúpscéim Uisce i bhfeidhm áfach. Níl aon scéim séarachais sa sráidbhaile.




## Cill Churnáin

Is lonnaíocht scaipthe í Cill Churnáin sa mhéis is go bhfuil an séipéal suite timpeall 0.5km soir ó chroílár na lonnaíochta ar an N69 agus tá an bhunscoil suite timpeall 0.5km siar ó dheas ó chroílár na lonnaíochta. Tá 7 teaghais i gCill Churnáin agus tá daoine ina gcónaí iontu go léir. Tá 3 aonad tráchtála folamh sa lonnaíocht. I measc na seirbhísí sa lonnaíocht tá bunscoil, séipéal, saoráid cairtíní agus páirc spóirt. Soláthraítear uisce ó sholáthar uisce Inbhear Fhainge/na Sionainne le hacmhainneacht spártha teoranta. Níl aon scéim séarachais sa sráidbhaile. Tá an lonnaíocht suite gar do Pháirc Foraoise an Churraigh, ina bhfuil cosáin siúil, saoráidí carbháin agus campála agus a mheallann líon mór cuairteoirí chuig na taitneamhachtaí go háitiúil agus go náisiúnta.



### Cill na Fíonaí

Laistigh de chroílár na lonnaíochta tá thart ar 13 teaghais, a bhfuil 4 gan chónaí (folúntas 31%). I measc a chuid seirbhísí tá bunscoil, séipéal agus halla pobail. Níl aon soláthar poiblí uisce sa lonnaíocht, ach tá Grúpscéim Uisce i bhfeidhm áfach. Níl aon scéim séarachais sa sráidbhaile.




## Cill Míde

Tá thart ar 22 teaghais i gCill Míde, a bhfuil ceann acu gan chónaí faoi láthair (folúntas 5%). I measc na seirbhísí sa lonnaíocht tá bunscoil, séipéal, siopa, halla pobail, garáiste díolacháin tarracóra, teach tábhairne agus páirc spóirt. Níl aon aonad tráchtála folamh sa lonnaíocht faoi láthair. Soláthraíonn Scéim Réigiúnach an Iardheiscirt an t-uisce le hacmhainneacht spártha teoranta. Tá acmhainneacht spártha laistigh den chóras fuíolluisce.




## Cnoc an Doire

Laistigh den lonnaíocht tá 32 teaghais, a bhfuil 2 gan chónaí faoi láthair (folúntas 6%). I measc na seirbhísí tá bunscoil, séipéal agus teach tábhairne. Níl aon aonad tráchtála folamh sa lonnaíocht faoi láthair. Tá páirc CLG suite timpeall 300 méadar ó dheas ó chroílár na lonnaíochta. Soláthraítear uisce ó sholáthar Ráth Caola le hacmhainneacht spártha teoranta faoi láthair. Níl aon scéim séarachais sa sráidbhaile.




### Cnoc Áine

Laistigh de lonnaíocht Chnoc Áine tá 36 teaghais a bhfuil 4 gan chónaí (folúntas 11%). I measc na seirbhísí tá bunscoil, dhá shéipéal, clinic sláinte, halla pobail agus teach tábhairne. Tá aonad tráchtála amháin folamh sa lonnaíocht. Tá an lonnaíocht i suíomh atá íogair ó thaobh na seandálaíochta de. Mar thoradh air sin, is gá breithniú cúramach a dhéanamh ar aon fhorbairt sa lonnaíocht. Níl aon chóras cóireála séarachais poiblí sa lonnaíocht seo. Tá scéim ghrúpscéime uisce i bhfeidhm.




### Cnoc Donn

Tá Cnoc Donn suite timpeall 9km soir ó Áth an tSléibhe. Tá thart ar 11 teaghais i gCnoc Donn, agus tá 2 theaghais gan chónaí (folúntas 18%). I measc a chuid seirbhísí tá siopa, stáisiún peitril, teach tábhairne agus páirc spóirt. Níl aon aonad tráchtála folamh sa lonnaíocht. Níl aon soláthar uisce poiblí laistigh den sráidbhaile agus níl aon scéim séarachais ann.



## Baile Mháirtín

Tá 3 theaghais i mBaile Mháirtín le 2 theaghais gan chónaí faoi láthair (folúntas 67%). I measc na seirbhísí sa lonnaíocht tá bunscoil agus séipéal. Níl aon aonad tráchtála folamh sa lonnaíocht. Tá acmhainneacht spártha ag soláthar uisce don lonnaíocht. Níl aon bhonneagar séarachais sa lonnaíocht.




## Méanas

Tá thart ar 5 teaghais i Méanas agus tá daoine ina gcónaí iontu go léir. Soláthraíonn sé bunscoil, séipéal, ionad pobail, garáiste tráchtála agus teach tábhairne. Níl aon aonad tráchtála folamh sa lonnaíocht. Tá páirc spóirt suite timpeall 500 méadar siar ó chroílár na lonnaíochta. Níl aon soláthar poiblí uisce, ach tá Grúpscéim Uisce i bhfeidhm áfach. Níl aon scéim séarachais ag an lonnaíocht.




### Móin Achaidh Ghae

Tá 38 teaghais i Móin Achaidh Ghae, agus tá 8 gcinn acu gan chónaí (folúntas 21%). I measc na seirbhísí sa lonnaíocht tá bunscoil, séipéal, agus halla pobail. Tá aonad tráchtála amháin folamh sa lonnaíocht. Tá páirc spóirt thart ar 100 méadar siar ó chroílár na lonnaíochta. Soláthraítear uisce trí scéim Chaisleáin Nua le acmhainneacht teoranta. Tá séarachas á phumpáil chuig córas Chaisleáin Nua le hacmhainneacht teoranta.



## An tSeanphailís

Tá 34 teaghais i Seanphailís a bhfuil ceann acu gan chónaí (folúntas 3%). Níl aon aonad tráchtála folamh sa lonnaíocht. I measc na seirbhísí tá siopa, oifig an phoist, stáisiún peitril agus siopa comharchumainn. Tá uisce srianta sa lonnaíocht le hacmhainneacht spártha teoranta. Níl aon chóras cóireála séarachais poiblí sa lonnaíocht.



### Tobar Phádraig (Loch Goir)

Tá tuairim is 4 theaghais ag Tobar Phádraig (Loch Goir). I measc a chuid seirbhísí tá bunscoil, séipéal agus amharclann Honey Fitz. Tá Grúpscéim Uisce ag freastal ar an lonnaíocht agus níl aon saoráidí cóireála fuíolluisce aici.



## Ráithíneach

Tá thart ar 8 teaghais i Ráithíneach a bhfuil 2 acu gan chónaí (folúntas 25%). Tá dhá aonad tráchtála folamh sa lonnaíocht. I measc a chuid seirbhísí tá bunscoil, siopa, stáisiún peitril, séipéal, páirc spóirt agus páirc ghnó. Níl aon soláthar uisce poiblí ann ach tá Grúpscéim Uisce i bhfeidhm. Níl scéim séarachais ag freastal ar an sráidbhaile.



## Baile an Róistigh

Baineann Bhaile an Róistigh tairbhe as Scoil Náisiúnta agus Club Gailf, soilsiú poiblí, príomhlíonra uisce agus leathanbhanda. Tá thart ar 90 teaghais suite laistigh de 500m ón Scoil Náisiúnta, agus tá an lonnaíocht 2.5km ó Pháirc Ghnó Ráithíní agus 5km ó Lár na Cathrach.



### An Trá

Tá 22 teaghais i lonnaíocht na Trá, agus tá ceann acu gan chónaí (folúntas 5%). Ó thaobh seirbhísí de, tá teach tábhairne lonnaithe ar an Trá. Tá aonad tráchtála amháin folamh sa lonnaíocht. Tá an gléasra cóireála atá ann faoi láthair srianta agus níl sé ag feidhmiú, déántar eisilteach a bhaint den láithreán i dtancaer faoi láthair. Soláthraítear uisce trí scéim an Chaisleáin Nua le hacmhainneacht spártha teoranta.

